



2025/1710

5.8.2025

MOLADH (AE) 2025/1710 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Iúil 2025

maidir le caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta deonach le haghaidh gnóthais bheaga agus mheánmhéide

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig Treoir (AE) Uimh. 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ i bhfeidhm an 5 Eanáir 2023. Leis an Rialachán sin, neartaítear agus nuachóirítear ceanglais maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach trí mhodhnuithe ar Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ⁽²⁾ Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ⁽³⁾ Treoir 2014/56/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾.
- (2) Is gné thábhachtach den Chomhaontú Glas don Eoraip ⁽⁶⁾ agus den Phlean Gníomhaíochta um Airgeadas Inbhuanaithe í Treoir (AE) 2022/2464 ⁽⁷⁾. Is é is aidhm don Treoir sin a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis is gá ag infheisteoirí chun tuiscint a fháil ar na rioscaí a bhfuil gnóthais infheistiúcháin neamhchosanta orthu de bharr an athraithe aeráide agus saincheisteanna inbhuanaitheachta eile, agus chun na rioscaí sin a bhainistiú. Is é is aidhm don Treoir sin freisin a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis is gá ag infheisteoirí agus ag páirtithe leasmhara eile maidir leis na tionchair a bhíonn ag institiúidí ar dhaoine agus ar an gcomhshaol.
- (3) Le Treoir (AE) 2022/2464 ceanglaítear ar ghnóthais mhóra, máthairghnóthais de ghrúpa mór agus gnóthais ag a bhfuil urrúis a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas (seachas micreaghnóthais) faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú de réir na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta. Le hAirteagal 29b den Treoir sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún na caighdeáin sin a ghlacadh trí ghníomhartha tarmligthe, agus comhairle theicniúil an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) á cur san áireamh. An 31 Iúil 2023, ghlac an Coimisiún an chéad sraith de Chaighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta trí bhithin Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún ⁽⁸⁾.

⁽¹⁾ Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2464/oj>).

⁽²⁾ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj>).

⁽³⁾ Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuíbhíú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2004/109/oj>).

⁽⁴⁾ Treoir 2014/56/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leasaítear Treoir 2006/43/CE maidir le hiniúcháin reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite (IO L 158, 27.5.2014, lch. 196, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/56/oj>).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 537/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le ceanglais shonracha a bhaineann le hiniúcháireacht reachtúil ar eintitis leasa phoiblí agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/909/CE ón gCoimisiún (IO L 158, 27.5.2014, lch. 77, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/537/oj>).

⁽⁶⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún, dar teideal *The European Green Deal* [An Comhaontú Glas don Eoraip], an Bhruiséil, 11.12.2019, COM (2019) 640 final.

⁽⁷⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, dar teideal *Action Plan: Financing Sustainable Growth* [Plean Gníomhaíochta: Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú], an Bhruiséil, 8.3.2018, COM (2018) 97 final.

⁽⁸⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2023 lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta (IO L, 2023/2772, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2772/oj).

- (4) Le Treoir (AE) 2022/2464 cuirtear ar a gcumas do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas (FBManna liostaithe) tuairisciú a dhéanamh agus úsáid á baint as sraith caighdeán ar leith, atá níos lú agus comhréireach, in áit sraith iomlán caighdeán Eorpach tuairiscithe inbhuanaitheachta. Leis an Treoir sin, ní fhorchuirtear aon cheanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta sainordaitheach ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide nach ligtear a gcuid urrús isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas (FBManna neamhliostaithe).
- (5) Le Treoir (AE) 2022/2464 ceanglaítear ar ghnóthais atá faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta faisnéis slabhra luacha a thuairisciú a mhéid is gá chun tuiscint a thabhairt ar na tionchair, na rioscaí agus na deiseanna a bhaineann leo i ndáil le hinbhuanaitheacht. D'fhéadfadh sé go gcruthófaí éifeacht an tsíolaithe, mar a thugtar air, mar gheall ar an gceanglas chun faisnéis slabhra luacha a thuairisciú, sa chaoi go n-íarrfadh gnóthais atá faoi réir na gceanglas tuairiscithe faisnéis inbhuanaitheachta ar ghnóthais ina slabhra luacha. D'fhéadfadh sé sin tuilleadh brú a chur ar FBManna i slabhra luacha na ngnóthas móra, fiú, mar is amhlaidh i gcás na FBManna neamhliostaithe, mura bhfuil siad féin faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta. Is féidir le cúinsí eile seachas Treoir (AE) 2022/2464 í féin éifeacht an tsíothlaithe a chruthú. Mar shampla, iarrann go leor gnóthas faisnéis inbhuanaitheachta ar ghnóthais ina slabhra luacha chun tuiscint níos fearr a fháil ar na tionchair, na rioscaí agus na deiseanna a bhaineann leo i ndáil le hinbhuanaitheacht agus iad a bhainistiú, nó chun ceanglais dlí a chomhlíonadh seachas iad siúd a bhunaítear le Treoir (AE) 2022/2464, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le dícheall cuí corparáideach inbhuanaitheachta faoi Threoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾.
- (6) Chun teorainn a chur le héifeacht an tsíolaithe ar FBManna, bunaítear caidhp slabhra luacha, mar a thugtar air, le Treoir (AE) 2022/2464, ina luaitear nach bhféadfadh ceanglais tuairiscithe lena gceanglófaí ar ghnóthais faisnéis a fháil ó FBManna atá ina slabhra luacha a bheith sna ceanglais Eorpacha tuairiscithe inbhuanaitheachta, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis atá le nochtadh faoin gcaighdeán comhréireach le haghaidh FBManna liostaithe.
- (7) Ar leithligh ón gcaighdeán le haghaidh FBManna liostaithe dá bhforáiltear le Treoir (AE) 2022/2464, d'iarr an Coimisiún ar EFRAG caighdeán ar leith atá níos simplí a fhorbairt lena úsáid ar bhonn deonach ag FBManna neamhliostaithe. An 12 Meán Fómhair 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún an Pacáiste Fóirithinte do FBManna ⁽¹⁰⁾. Faoi Ghníomhaíocht 14 den phacáiste sin, gheall an Coimisiún go n-áiríteadh sé go mbeadh creat simplí caighdeánaithe ag FBManna chun saincheisteanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais a thuairisciú agus, ar an gcaoi sin deiseanna níos fearr a chruthú do FBManna maoiniú glas a fháil agus an t-aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a éascú dá réir. Leis an gcreat caighdeánaithe sin do FBManna, chuirfí teorainn freisin leis an riosca go síothlódh ceanglais maidir le nochtadh síos chuig FBManna neamhliostaithe i slabhra luacha na ngnóthas a thagann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2022/2464.
- (8) Is é is príomhaidhm don chaighdeán deonach sin cabhrú le gnóthais nach dtagann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2022/2464 freagairt d'iarratais ar fhaisnéis a fhaigheann siad ó institiúidí airgeadais, gnóthais mhóra agus páirtithe leasmhara eile. Is é is aidhm don chaighdeán deonach sin an gá a laghdú do FBManna freagairt d'iarratais ar leith ar fhaisnéis ó chontrapháirtithe aonair chun críoch a dtuairiscithe, a ndíchill chuí agus a mbainistíocht riosca nó le haghaidh úsáidí eile faisnéise inbhuanaitheachta. Ina theannta sin, le tuairisciú deonach ar fhaisnéis inbhuanaitheachta is féidir rochtain ar mhaoiniú inbhuanaithe a éascú agus cabhrú le FBManna tuiscint níos fearr a fháil ar a bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta féin agus faireachán a dhéanamh uirthi, agus feabhas a chur ar athléimneacht agus iomaíochas dá bharr sin.
- (9) Gné bhunúsach de chaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta deonach le haghaidh FBManna is ea a ghlacadh margaidh, ó thaobh na n-úsáideoirí (i.e. glacadh a bheith ag páirtithe gnó agus páirtithe airgeadais le húsáid a bhaint as an gcaighdeán chun sonraí inbhuanaitheachta a bhailiú ó FBManna in áit a gceistneoirí féin) agus ó thaobh na FBManna (i.e. glacadh a bheith ag FBManna leis an gcaighdeán mar uirlis tuairiscithe).
- (10) D'fhorbair EFRAG a dhréacht-chomhairle theicniúil bunaithe ar chaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta deonach le haghaidh FBManna neamhliostaithe (nó 'caighdeán TD-FBM') i ndiaidh próis chuí mhionchúiseach, a raibh comhairliúchán poiblí agus tástáil allamuigh ar an dréacht-caighdeán i gceist léi. Chuir na FBManna féin agus úsáideoirí beartaithe na faisnéise tuairiscithe in iúl go dtacaíonn siad le caighdeán TD-FBM mar uirlis tuairiscithe shimplithe, ar caighdeán ionaid inchreidte é le haghaidh sciar substaintiúil d'iarratais ar fhaisnéis a chuireann bainc agus gnóthais mhóra chuig FBManna ina slabhra luacha go minic. Chuir EFRAG caighdeán TD-FBM faoi bhráid an Choimisiúin i mí na Nollag 2024.

⁽⁹⁾ Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus Rialachán (AE) 2023/2859 (IO L, 2024/1760, 5.7.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1760/oj>).

⁽¹⁰⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Pacáiste Faoisimh do FBManna, Strasbourg, 12.9.2023, COM(2023) 535 final.

- (11) Tá modúl bunúsach agus modúl cuimsitheach i gceist le caighdeán TD-FBM a d'fhorbair EFRAG. Is réamhriachtanas é an tuairisciú in aghaidh an mhodúil bhunúsaigh chun tuairisciú a dhéanamh in aghaidh an mhodúil chuimsithigh. Déantar cur síos ar an modúl bunúsach mar an 'cur chuige sprice' le haghaidh micreaghnóthas. Ciallaíonn sé sin nach gcaithfidh micreaghnóthais an modúl bunúsach a chur i bhfeidhm ina iomláine agus gur féidir leo codanna áirithe de a úsáid amháin. Maidir le gnóthais bheaga agus mheánmhéide, déantar cur síos ar an modúl bunúsach mar 'íoscheanglas' le haghaidh tuairisciú in aghaidh an chaighdeáin. I dteannta an mhodúil bhunúsaigh agus an mhodúil chuimsithigh, d'fhorbair EFRAG treoraíocht phraiticiúil chomhlántach chun cabhrú le FBManna forálacha an chaighdeáin féin a chur chun feidhme. Tá na modúil bhunúsacha agus chuimsitheacha in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh seo, agus tá an treoraíocht phraiticiúil chomhlántach in Iarscríbhinn II.
- (12) An 26 Feabhra 2025, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2013/34/AE, (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe tuairiscithe inbhuanaitheachta chorpáraídeigh agus díchill chuí (pacáiste simpliúcháin *omnibus* ⁽¹⁾)) ina moltar *inter alia* roinnt leasuithe ar na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a tugadh isteach le Treoir (AE) 2022/2464 agus ar na ceanglais díchill chuí inbhuanaitheachta i dTreoir (AE) 2024/1760.
- (13) Maidir le Treoir (AE) 2022/2464, molann an Coimisiún, *inter alia*, líon na ngnóthas atá faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta a laghdú. De réir thogra an Choimisiúin, ní bheadh ach gnóthais mhóra ag a bhfuil os cionn 1 000 fostaí faoi réir an cheanglais faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú. Maidir le gnóthais ag a bhfuil os cionn 1 000 fostaí, molann an Coimisiún caighdeán deonach a ghlacadh trí bhithin gníomh tarmligthe. Bheadh an caighdeán deonach sin bunaithe ar chaighdeán TD-FBM a d'fhorbair EFRAG.
- (14) Leathnaítear agus neartaítear an chaidhp slabhra luacha leis an togra simplithe *omnibus* a mhéid a bhaineann le Treoir (AE) 2022/2464. De réir an togra sin, bheadh feidhm dhíreach ag an gcaidhp slabhra luacha maidir leis an ngnóthas tuairiscithe seachas gan a bheith inti ach teorainn leis an méid is féidir a shonrú leis na caighdeáin Eorpacha tuairiscithe inbhuanaitheachta. Chosnófaí léi gach gnóthas nach dtiocfadh faoi raon feidhme Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE a thuilleadh de réir na dtograí simplithe *omnibus* (i.e. gnóthais ag a bhfuil suas le 1 000 fostaí) seachas FBManna amháin, mar atá faoi láthair. Agus shaineofaí an teorainn leis an gcaighdeán tuairiscithe deonach a bheidh le húsáid ag gnóthais ag a bhfuil suas le 1 000 fostaí, le glacadh ag an gCoimisiún trí bhithin gníomh tarmligthe agus bunaithe ar chaighdeán TD-FBM a d'fhorbair EFRAG, arb é ábhar an Mholta seo é. Thairis sin, leis an simpliúchán *omnibus* tugtar isteach caidhp slabhra luacha a bhaineann le caighdeán TD-FBM freisin i dTreoir (AE) 2024/1760 maidir le Dícheall Cuí Corparáideach Inbhuanaitheachta, cé gur caidhp í a bheidh faoi réir eisceachtaí a bhfuil gá leo, a bhaineann le hiarrataí ar fhaisnéis i ndáil le mapáil an tslabhra luacha. Dá bhrí sin, maidir le hinneachar an chaighdeáin tuairiscithe dheonaigh amach anseo a bheidh le húsáid ag gnóthais ag a bhfuil suas le 1 000 fostaí, d'fhéadfadh sé a bheith difriúil ón Moladh atá ann faoi láthair. Maidir le cumhachtú an Choimisiúin chun an caighdeán sin a ghlacadh trí bhithin gníomh tarmligthe, agus uainiú an ghlactha sin, braitheann na nithe sin ar chaibidlíocht a thabhairt i gcrích idir comhreachtóirí an togra shimplithe *omnibus*.
- (15) Glactar an Moladh seo mar sprioc insoláthartha de Phacáiste Fóirithinte do FBManna 2023 agus Straitéis maidir le Margadh Aonair 2025. Tá gá le réiteach idirmheánach chun aghaidh a thabhairt ar éileamh an mhargaidh go dtí go nglactar caighdeán deonach atá bunaithe ar chaighdeán TD-FBM a d'fhorbair EFRAG trí bhithin gníomh tarmligthe faoin togra simplithe *omnibus*, a mbeidh a uainiú ag brath ar luas agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta idir na comhreachtóirí. Idir an dá linn, is gá agus tá sé riachtanach cuidiú le FBManna freagairt d'arratais ar fhaisnéis atá faighte acu cheana féin ó institiúidí airgeadais, cuideachtaí móra agus páirtithe leasmhara eile. Is féidir leis an gCoimisiún treoraíocht a sholáthar don mhargadh agus an t-ualach riaracháin a laghdú do FBManna agus páirtithe leasmhara eile dá bharr sin, trí FBManna a spreagadh chun faisnéis inbhuanaitheachta a fhoilsiú agus úsáid á baint as caighdeán TD-FBM a d'fhorbair EFRAG agus trí na gnóthais sin atá ag iarraidh faisnéis inbhuanaitheachta ó FBManna a spreagadh chun an caighdeán seo a úsáid a mhéid is féidir.
- (16) Tríd an Moladh seo, molann an Coimisiún do FBManna neamhliostaithe agus micreaghnóthais ar mian leo faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú ar bhonn deonach, é sin a dhéanamh i gcomhréir le caighdeán TD-FBM a d'fhorbair EFRAG. Chuige sin, meastar go bhfuil an úsáid a bhaineann FBManna neamhliostaithe agus micreaghnóthais as féindearbhuithie iomchuí. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil aon oibleagáid ann dearbhú a sholáthar i leith na faisnéise arna tuairisciú ag FBManna neamhliostaithe agus gur leor féindearbhuí ón FBM. Is féidir le FBManna neamhliostaithe agus micreaghnóthais tagairt a dhéanamh don treoraíocht phraiticiúil a d'fhorbair EFRAG agus a ghabhann leis an gcaighdeán deonach agus lena ndéantar cur i bhfeidhm praiticiúil an chaighdeáin dheonaigh.

⁽¹⁾ Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2013/34/AE, (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus dícheall cuí corparáideach inbhuanaitheachta, an Bhruiséil, 26.2.2025 COM (2025) 81 final.

- (17) Spreag an Coimisiún corparáidí móra agus idirghabhálaithe airgeadais chun prionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm agus iad i dteagmháil le FBManna, agus a srianta a theannadh agus faisnéis á hiarraidh acu ar chomhpháirtithe ina slabhraí luacha ar FBManna iad ⁽¹²⁾. Tar éis ghlacadh an Mholta seo, ba cheart do chorparáidí móra agus d'idirghabhálaithe airgeadais, chomh fada agus is féidir, teorainn a chur leis na hiarratais ar fhaisnéis sin, atá comhleánúnach leis na nochtuithe i gcaighdeán TD-FBM.
- (18) Tá ról tábhachtach ag na Ballstáit freisin ó thaobh feachtas a mhúscailt agus tacú le glacadh chaighdeán TD-FBM, chun an laghdú ar an ualach a éascú agus an fhaisnéis a chuíchóiriú, a chaithfidh FBManna a sholáthar le haghaidh na n-iarratas éagsúil a fhaigheann siad. I gcomhréir leis an gcuspóir maidir le haistriú glas agus aistriú digiteach FBManna, tá sé tábhachtach go n-úsáidtear réitigh agus uirlisí digiteacha chun an tuairisciú inbhuanaitheachta le haghaidh FBManna a éascú. Chuige sin, tá an Coimisiún ag féachaint ar úsáid an Ríomhshonrasctha chun sonraí ábhartha a asbhaint go huathoibríoch le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta, i gcomhréir le caighdeán TD-FBM a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Sheol an Coimisiún tionscadal suaitheanta na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2025 dar teideal 'Feabhas a Chur ar Thuairisciú Inbhuanaitheachta do Ghnólaigh', arb é is aidhm dó cúnamh teicniúil a sholáthar do na Ballstáit chun tacaíocht dhigiteach agus fothú acmhainneachta a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta gnóthas.
- (19) Amach anseo, d'fhéadfadh sé gur mhaith le gnóthais bheaga go mbeadh rochtain ag an bpobal ar a bhfaisnéis inbhuanaitheachta ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpach chun go mbeidís níos infheicthe d'infheisteoirí féideartha agus, ar an gcaoi sin, dhéanfaidís na deiseanna cistiúcháin atá acu a mhéadú agus a éagsúlú. Chuige sin, bheadh ar ghnóthais bheaga meiteashonraí áirithe a sholáthar agus formáid áirithe a úsáid chun an fhaisnéis sin a chur isteach.
- (20) Chun iasachtú inbhuanaithe a sholáthar nó infheistíochtaí inbhuanaithe a dhéanamh, d'fhéadfadh iasachtóirí nó infheisteoirí cineálacha faisnéise eile a iarraidh ar FBManna, seachas an méid a chumhdaítear le caighdeán TD-FBM. Déanfaidh an Coimisiún obair leantach ar leithligh ar an ngealltanais a tugadh sa Phacáiste Fóirithinte do FBManna chun maoiniú inbhuanaithe le haghaidh FBManna a uas-scálú, bunaithe freisin ar an tuarascáil ón Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe i dtaobh Maoiniú Inbhuanaithe le haghaidh FBManna a Chuíchóiriú agus tógáil ar chreataí atá ann faoi láthair, mar shampla doiciméad cáis úsáide Ráthaíocht Inbhuanaitheachta *InvestEU* agus Seiceálaí Glas an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta.
- (21) Feidhmíonn an caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta deonach a leagtar amach in Iarscríbhinn I gan dochar do na hoibleagáidí tuairiscithe atá ar ghnóthais a thagann ó reachtaíocht eile an Aontais.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Sainmhínte:

Chun críocha an Mholta seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) Ciallaíonn 'gnóthais bheaga agus mheánmhéide (FBManna)' gnóthais mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2) agus Airteagal 3(3) de Threoir 2013/34/AE;
- (2) Ciallaíonn 'micreaghnóthas' gnóthas mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Threoir 2013/34/AE;
- (3) ciallaíonn 'rannpháirtí sa mhargadh airgeadais':
 - (a) gnóthas árachais a chuireann táirge infheistíochta atá árachas-bhunaithe (IBIP) ar fáil;
 - (b) gnólacht infheistíochta a sholáthraíonn bainistiú punainne;
 - (c) institiúid um sholáthar pinsean ceirde (IORP);
 - (d) monaróir táirge pinsin;
 - (e) bainisteoir cistí infheistíochta malartacha (BCIM);
 - (f) soláthraí táirge pinsin phearsanta uile-Eorpach (TPPU);

⁽¹²⁾ Moladh ón gCoimisiún (AE) 2023/1425 an 27 Meitheamh 2023 maidir le maoiniú a éascú le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar inbhuanaithe, (IO L 174, 7.7.2023, lch. 19, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reco/2023/1425/oj>).

- (g) bainisteoir ciste caipitil fiontair cháilithigh atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾;
 - (h) bainisteoir ciste fiontraíochta sóisialta cháilithigh atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁴⁾;
 - (i) cuideachta bainistíochta de ghnóthas le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe (cuideachta bainistíochta GCUJ).
- (4) ciallaíonn ‘gnóthas árachais’ gnóthas árachais atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 18 de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁵⁾;
 - (5) ciallaíonn ‘institiúid airgeadais’ institiúid airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (26), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁶⁾.

Moltaí do FBManna:

1. Molann an Coimisiún do FBManna neamhliostaithe agus micreaghnóthais ar mian leo faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú ar bhonn deonach, é sin a dhéanamh i gcomhréir leis an gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta deonach a leagtar amach in Iarscríbhinn I.
2. Is féidir le FBManna agus micreaghnóthais, ar mian leo faisnéis inbhuanaitheachta a sholáthar ar bhonn deonach i dtríú tíortha, an caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta deonach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a úsáid.
3. Is féidir le gnóthais, a bhfuil an caighdeán a leagtar amach in Iarscríbhinn I á chur i bhfeidhm acu chun faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú ar bhonn deonach, an treoraíocht phraiticiúil in Iarscríbhinn II a úsáid freisin.

Moltaí d’institiúidí airgeadais, rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, gnóthais árachais, institiúidí creidmheasa agus gnóthais eile a iarrann faisnéis inbhuanaitheachta ar FBManna:

4. Molann an Coimisiún gur cheart do ghnóthais, atá faoi réir na gceanglas a leagtar síos in Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE, i gcás ina dteastaíonn faisnéis inbhuanaitheachta uathu ó FBManna atá ina slabhraí luacha chun críoch tuairiscithe inbhuanaitheachta, a n-iarratais ar an bhfaisnéis sin a theorannú a mhéid is féidir don fhaisnéis a sholáthraítear de bhun an chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dheonaigh a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh seo.
5. Molann an Coimisiún d’institiúidí airgeadais, rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, gnóthais árachais agus institiúidí airgeadais, i gcás ina dteastaíonn faisnéis inbhuanaitheachta uathu ó FBManna, a n-iarratais ar an bhfaisnéis sin a theorannú a mhéid is féidir don fhaisnéis a sholáthraítear de bhun an chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dheonaigh a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Moltaí do na Ballstáit:

6. Molann an Coimisiún do na Ballstáit feacht a mhúscailt i measc FBManna maidir leis na buntáistí a bhaineann le faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú ar bhonn deonach i gcomhréir leis an gcaighdeán a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

⁽¹³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le cistí caipitil fiontair Eorpacha (IO L 115, 25.4.2013, p. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/345/oj>).

⁽¹⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le cistí fiontraíochta sóisialta Eorpacha (IO L 115, 25.4.2013, p. 18, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2013/346/oj>).

⁽¹⁵⁾ Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó Árachais agus Atharachais agus an gnó sin a shaothrú (Dócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/138/oj>).

⁽¹⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, p. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj>).

7. Molann an Coimisiún do na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta chun cur chun feidhme an chaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta dheonaigh le haghaidh FBManna a leagtha amach in Iarscríbhinn I agus an glacadh leis an gcaighdeán sin a chothú.
8. Molann an Coimisiún go ndéanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí ar an leibhéal náisiúnta freisin chun na heintitis dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5 a spreagadh chun a n-iarratais chuig FBManna agus micreaghnóthais ar fhaisnéis inbhuanaitheachta atá le húsáid chun críoch tuairiscithe inbhuanaitheachta a theorannú a mhéid is féidir don fhaisnéis a sholáthraítear de bhun an chaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta dheonaigh a leagtar amach in Iarscríbhinn I.
9. Molann an Coimisiún do na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun tacú le digitiú uathoibríoch an tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh FBManna bunaithe ar an gcaighdeán a leagtar amach in Iarscríbhinn I, chun malartú sonraí éifeachtúil a áirithiú lena n-urraimítear úinéireacht sonraí FBManna.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Maria Luís ALBUQUERQUE
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

Clár Ábhar

	<i>Leathanach</i>
Cuspóir an Chaighdeáin seo agus na gnóthais a bhfuil feidhm aige maidir leo	3
Struchtúr an Chaighdeáin seo	4
Prionsabail maidir le hullmhú na tuarascála inbhuanaitheachta (Bunmhodúl agus Modúl Cuimsitheach)	5
Bunmhodúl	7
Bunmhodúl – Faisnéis ghinearálta	7
B1 – An Bunús leis an ullmhú	12
B2 – Cleachtais, beartais agus tionscnaimh amach anseo chun aistriú i dtreo geilleagar níos inbhuanaithe	12
Bunmhodúl – Méadracht Chomhshaoil	8
B3 – Fuinneamh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa	13
B4 – Truailliú an aeir, an uisce agus na hithreach	13
B5 – Bithéagsúlacht	13
B6 – Uisce	14
B7 – Úsáid acmhainní, geilleagar ciorclach agus bainistiú dramhaíola	14
Bunmhodúl – Méadracht shóisialta	9
B8 – Lucht saothair – Saintréithe ginearálta	14
B9 – Lucht saothair – Sláinte agus sábháilteacht	14
B10 – Lucht saothair – Luach saothair, cómhargáil agus oiliúint	14
Bunmhodúl – Méadracht rialachais	10
B11 – Ciontuithe agus fineálacha mar gheall ar éilliú agus breabaireacht	15
Modúl Cuimsitheach	11
Modúl Cuimsitheach – Faisnéis ghinearálta	11
C1 – Straitéis: Samhail Ghnó agus Inbhuanaitheacht – Tionscnaimh Ghaolmhara	15
C2 – Tuairisc ar chleachtais, beartais agus tionscnaimh amach anseo chun aistriú i dtreo geilleagar níos inbhuanaithe	15
Modúl Cuimsitheach – Méadracht Chomhshaoil	11
Ábhar machnaimh agus tuairisciú á dhéanamh ar astaíochtaí GCT faoi B3 (Bunmhodúl)	11
C3 – Spriocanna laghdaithe GCT agus aistriú aeráide	16
C4 – Rioscaí aeráide	16
Modúl Cuimsitheach – Méadracht Shóisialta	12
C5 – Saintréithe breise (ginearálta) den lucht saothair	17
C6 – Faisnéis bhreise maidir lena lucht saothair féin - Beartais agus próisis um chearta an duine	17
C7 – Teagmhais dhiúltacha thromchúiseacha a bhaineann le cearta an duine	17

Modúl Cuimsitheach – Méadracht Rialachais	13
C8 – Ioncaim ó ghníomhaíochtaí áirithe agus eisiaimh ó thagarmharcanna tagartha an Aontais Eorpaigh	17
C9 – Cóimheas éagsúlachta inscne sa chomhlacht rialachais	18
Foscríbhinn A:	
Téarmaí sainmhínithe	15
Foscríbhinn B: Liosta de shaincheistanna inbhuanaitheachta féideartha	22
Foscríbhinn C: Faisnéis chúlra le haghaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ar úsáideoirí na faisnéise a léirítear leis an gCaighdeán seo iad (réiteach le rialacháin eile an Aontais Eorpaigh)	25

Cuspóir an Chaighdeáin seo agus na gnóthais a bhfuil feidhm aige maidir leo

1. Is é is cuspóir don Chaighdeán deonach seo tacaíocht a thabhairt do mhicreaghnóthais, gnóthais bheaga agus gnóthais mheánmhéide leis an méid seo a leanas:
 - (a) faisnéis a sholáthar a bheidh ina cuidiú le riachtanais sonraí gnóthas mór a iarrann faisnéis inbhuanaitheachta ar sholáthróirí a chomhlíonadh;
 - (b) faisnéis a sholáthar a bheidh ina cuidiú le riachtanais sonraí na mbanc agus na n-infheisteoirí a chomhlíonadh, agus dá bhrí sin, a bheidh ina cuidiú le gnóthais rochtain a fháil ar mhaoiniú;
 - (c) feabhas a chur ar bhainistíocht na saincheistanna inbhuanaitheachta atá os a gcomhair, i.e. dúshlán chomhshaoil agus shóisialta amhail truailliú, sláinte agus sábháilteacht an lucht saothair. Tacóidh sé sin lena bhfás iomaíoch agus feabhsóidh sé a n-athléimneacht sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma; agus
 - (d) rannchuideoidh sé le geilleagar níos inbhuanaithe agus níos cuimsithí.
2. Is caighdeán deonach é an Caighdeán seo. Tá feidhm aige maidir le gnóthais ⁽¹⁾ nach ligtear a n-urrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas Eorpach (gan bheith liostaithe). In [Airteagal 3 de Threoir 2013/34/AE] sainítear trí chatagóir de ghnóthais bheaga agus mheánmhéide bunaithe ar iomlán a gcláir chomhardaithe, a nglanláimhdeachas agus a meánlíon **fostaithe** le linn na bliana airgeadais.
 - (a) Is micreaghnóthas é gnóthas mura sáraíonn sé dhá cheann de na tairseacha seo a leanas:
 - i. EUR 450 000 in iomlán an chláir chomhardaithe;
 - ii. EUR 900 000 i nglanláimhdeachas; agus
 - iii. meánlíon 10 bhfostaí.
 - (b) Is gnóthas beag é gnóthas mura sáraíonn sé dhá cheann de na tairseacha seo a leanas:
 - i. EUR 5 mhilliún in iomlán an chláir chomhardaithe;
 - ii. EUR 10 milliún i nglanláimhdeachas; agus
 - iii. meánlíon 50 bhfostaí.
 - (c) Is gnóthas meánmhéide é gnóthas mura sáraíonn sé dhá cheann de na tairseacha seo a leanas:
 - i. EUR 25 mhilliún in iomlán an chláir chomhardaithe;
 - ii. EUR 50 milliún i nglanláimhdeachas; agus
 - iii. meánlíon 250 bhfostaí.
3. Tagann na gnóthais sin lasmuigh de raon feidhame na Treorach maidir le Tuairisciú Corparáideach i dtaca le hInbhuanaitheacht (TTCI), ach moltar dóibh an Caighdeán seo a úsáid. Cumhdaítear leis an gCaighdeán seo na saincheistanna céanna inbhuanaitheachta agus a chumhdaítear leis na Caighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta (ESRSanna) le haghaidh gnóthais mhóra. Mar sin féin, tá sé comhréireach agus cuirtear san áireamh leis, dá bhrí sin, saintréithe bunúsacha micreaghnóthas, gnóthas beag agus gnóthas meánmhéide. Féadfaidh micreaghnóthais gan úsáid a bhaint ach as codanna áirithe den Chaighdeán seo mar a chuirtear i dtábhacht i mír 5(a).
4. Rinneadh breithníú go cúramach ar chomhsheasmhacht le ESRS le haghaidh gnóthais mhóra agus an Caighdeán seo á ullmhú, agus ceanglais chomhréireacha á sainiú. Níl aon údarás dlíthiúil ag an gCaighdeán seo, murab ionann agus ESRS le haghaidh gnóthais mhóra.

Struchtúr an Chaighdeáin seo

5. Tá dhá mhodúl ag an gCaighdeán seo ar féidir leis an ngnóthas iad a úsáid chun a thuarascáil inbhuanaitheachta a ullmhú:
 - (a) **Bunmhodúl:** Nochtaí B1 agus B2 agus Bunmhéadracht (B3 go B11). Is é an modúl seo an cur chuige sprice do mhicreaghnóthais, agus tá sé ina íoscheanglas do ghnóthais eile; agus

⁽¹⁾ Áirítear sa mhéid sin gnóthais fhéinfhostaithe, neamhchorpraithe agus micreaghnóthais liostaithe.

- (b) **Modúl Cuimsitheach:** socraítear sa mhodúl seo pointí sonraí sa bhreis ar nochtaí B1-B11, ar dócha go n-iarrfaidh bainc, infheisteoirí agus cliant chorpóraídeacha an ghnóthais iad anuas ar an mBunmhodúl.

Léirítear le mír 24 thíos na roghanna atá ar fáil chun tuarascáil inbhuanaitheachta a ullmhú agus úsáid á baint as an gCaighdeán seo trí cheann amháin nó níos mó de na modúil sin a ghlacadh. A luaithe a roghnófar é, comhlíonfar modúl ina iomláine (agus solúbthacht ceadaithe de réir mhír 22); mar sin féin, ní chuirfear gach mír nochta ar fáil ach amháin nuair a bheidh sí infheidhme maidir le himthosca sonracha an ghnóthais.

6. Is réamhcheanglas é an Bunmhodúl a chur i bhfeidhm chun an Modúl Cuimsitheach a chur i bhfeidhm.
7. Áirítear le Foscríbhinn A *Téarmaí sainmhínithe* na sainmhínithe ar na téarmaí a úsáidtear sa Chaighdeán seo. Ar fud Chaighdeán TD-FBM, socraítear na téarmaí a shainmhínítear sa ghluais sainmhínithe (Foscríbhinn A) i **gcló trom iodálach**, seachas i gcás ina n-úsáidtear téarma sainmhínithe níos mó ná uair amháin sa mhír chéanna.

Prionsabail maidir le hullmhú na tuarascála inbhuanaitheachta (Bunmhodúl agus Modúl Cuimsitheach)

Comhlíonadh an Chaighdeáin seo

8. Socraítear leis an gCaighdeán seo ceanglais lena gceadaítear don ghnóthas faisnéis ábhartha a chur ar fáil maidir leis an méid seo a leanas:
- (a) an chaoi a raibh, agus an chaoi ar dócha go mbeidh **tionchar** dearfach nó diúltach ar dhaoine nó ar an gcomhshaoil sa ghearrthéarma, sa mheántéarma nó san fhadtéarma; agus
 - (b) an chaoi a ndearna saincheisteanna comhshaoil agus sóisialta difear, nó an chaoi ar dócha go ndéanfaidh siad difear dá riocht airgeadais, dá fheidhmíocht agus dá sreafaí airgid sa ghearrthéarma, sa mheántéarma nó san fhadtéarma.
9. Tuairisceoidh an gnóthas faisnéis atá ábhartha, dílis, inchomparáide, intuigthe agus infhíoraithe.
10. Ag brath ar an gcineál gníomhaíochtaí a dhéanann an gnóthas, is iomchuí faisnéis bhreise a chur san áireamh (méadracht agus/nó nochtaí insinte) nach bhfuil cumhdaithe sa Chaighdeán seo chun saincheisteanna inbhuanaitheachta atá coitianta in earnáil an ghnóthais a nochtadh (i.e. saincheisteanna ar gnách le gnóthais nó eintitis laistigh de thionscal nó réimse sonrach aghaidh a thabhairt orthu) nó a bhaineann go sonrach leis an ngnóthas féin, óir is tacú é sin le faisnéis ábhartha, dhílis, inchomparáide, intuigthe agus infhíoraithe a ullmhú. Áirítear leis sin breithniú a dhéanamh ar fhaisnéis maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) Raon feidhme 3 (féach míreanna 50 go 53 den Chaighdeán seo). I bhFoscríbhinn B tugtar liosta de shaincheisteanna inbhuanaitheachta féideartha.
11. Féadfaidh an gnóthas an mhéadracht ón mBunmhodúl agus ón Modúl cuimsitheach a chomhlánú le faisnéis bhreise cháilíochtúil agus/nó chainníochtúil i gcás inarb iomchuí i gcomhréir le mír 10 thuas.

Faisnéis chomparáideach

12. Tuairisceoidh an gnóthas faisnéis chomparáideach i dtaca leis an mbliain roimhe seachas i gcás méadracht a nochtar den chéad uair. Tuairisceoidh an gnóthas faisnéis chomparáideach ón dara bliain tuairiscithe.

An prionsabal ‘más infheidhme’

13. Ní bheidh feidhm ag nochtaí áirithe ach maidir le himthosca sonracha ^(?). Go sonrach, is leis na treoracha a thugtar i ngach nochtadh a shonraítear na himthosca sin agus an fhaisnéis atá le tuairisciú i gcás ina measann an gnóthas iad a bheith ‘infheidhme’, agus sa chás sin amháin. Nuair a fhágtar ceann de na nochtaí sin ar lár, glactar leis nach bhfuil sé infheidhme.

^(?) Mar shampla, an ceanglas dlíthiúil chun faisnéis shonrach a nochtadh, nó faisnéis shonrach a nochtadh go deonach cheana féin trí Chóras Bainistíochta Comhshaoil.

Cuimsiú fochuideachtaí leis na sonraí tuairiscithe

14. Más máthairchuideachta den ghrúpa é an gnóthas, moltar dó go n-ullmhóidh sé a thuarascáil inbhuanaitheachta ar bhonn comhdhlúite, agus faisnéis óna fochuideachtaí á cur san áireamh aige.
15. Más ar bhonn comhdhlúite atá a thuarascáil inbhuanaitheachta ullmhaithe ag an máthairghnóthas, lena n-áirítear faisnéis óna fochuideachtaí, bíonn na foghnóthais díolmhaithe ón tuairisciú.

Uainiú agus suíomh na tuarascála inbhuanaitheachta

16. Má ullmhaítear tuarascáil inbhuanaitheachta chun riachtanais gnóthas mór nó banc a dteastaíonn uasdátú uathu ar bhonn bliantúil, is ar bhonn bliantúil a ullmhófar í. Má ullmhaíonn an gnóthas ráitis airgeadais, ullmhófar an tuarascáil inbhuanaitheachta de réir tréimhse ama atá comhsheasmhach le hullmhú an ráitis airgeadais. Murar athraíodh na pointí sonraí ón mbliain tuairiscithe roimhe, féadfaidh an gnóthas tabhairt le fios nár tharla aon athrú, agus tagairt a dhéanamh don fhaisnéis a chuirtear ar fáil don phointe sonraí sonracha sin i dtuarascáil na bliana roimhe.
17. Is é is príomhfheidhm don tuarascáil seo eolas a thabhairt do chontrapháirtithe gnó iarbhir nó féideartha. Féadfaidh an gnóthas cinneadh a dhéanamh a thuarascáil inbhuanaitheachta a chur ar fáil don phobal. Sa chás sin, féadfaidh an gnóthas a thuarascáil inbhuanaitheachta a chur i láthair i roinn ar leithligh den tuarascáil bainistíochta más ann di. Seachas sin, féadfaidh an gnóthas a thuarascáil inbhuanaitheachta a chur i láthair mar dhoiciméad ar leithligh.
18. Ionas nach bhfoilseofar an fhaisnéis chéanna faoi dhó, féadfaidh an gnóthas tagairt a dhéanamh ina thuarascáil inbhuanaitheachta do nochtáí arna bhfoilsíú i ndoiciméid eile ar féidir teacht orthu i gcomhthráth leis an tuarascáil inbhuanaitheachta ⁽⁹⁾.

Faisnéis rúnaicmithe agus íogair

19. I gcás ina gceanglaítear **faisnéis rúnaicmithe** nó **íogair** a nochtadh chun na nochtáí sa Chaighdeán seo a sholáthar, féadfaidh an gnóthas an fhaisnéis sin a fhágáil ar lár. Má dhéanann an gnóthas cinneadh an fhaisnéis sin a fhágáil ar lár, déarfadh sé gurb amhlaidh atá faoi nochtadh B1 (féach mír 24).

Comhleanúnachas agus naisc le nochtáí sna ráitis airgeadais

20. Má ullmhaíonn an gnóthas ráitis airgeadais freisin, is mar a leanas a bheidh an fhaisnéis a chuirtear ar fáil ina thuarascáil inbhuanaitheachta a chomhlíonann an Caighdeán seo:
 - (a) beidh sí comhleanúnach leis an méid a thuairiscítear sna ráitis airgeadais don tréimhse chéanna; agus
 - (b) cuirfear i láthair í ar bhealach a fhágann gur fusa a bheidh sé tuiscint a fháil ar na naisc atá ann leis an bhfaisnéis a thuairiscítear sna ráitis airgeadais, mar shampla trí úsáid a bhaint as crostagairtí iomchuí.

Bunmhodúl

21. Tuairisceoidh an gnóthas ar a shaincheisteanna comhshaoil, sóisialta agus **iompair gnó** (ar a dtugtar 'saincheisteanna inbhuanaitheachta') agus úsáid á baint as nochtáí B1 go B11 thíos.
22. Má tá an gnóthas ag iarraidh faisnéis níos cuimsithí a chur ar fáil, féadfaidh sé an mhéadracht is gá a chomhtháthú ó B1 go B11 le nochtáí, ach iad a roghnú ón Modúl Cuimsitheach.

⁽⁹⁾ Mar chuid de leagan uirlise ar líne de Chaighdeán TD-FBM, nuair is iomchuí, féadfaidh an gnóthas tagairt a dhéanamh do nochtáí arna bhfoilsíú i ndoiciméid eile seachas sa thuarascáil inbhuanaitheachta agus corprú de réir tagairtí á úsáid. Déantar an tagairt sin trí uimhir an leathanaigh ón bhfoinse ábhartha a chur san áireamh, ar choinníoll go gcuirtear formáid PDF an doiciméid fhoinsigh ar fáil i leagan na huirlise ar líne freisin.

23. Tá treoraíocht bhreise maidir le nochtáí B1 go B11 le fáil i míreanna 1 go 144 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Moladh seo.

BUNMHODÚL – FAISNÉIS GHINEARÁLTA

B1 – An Bunús leis an ullmhú

24. Nochtfaidh an gnóthas an méid seo a leanas:

- (a) cibé acu ceann de na roghanna seo a leanas atá roghnaithe aige:
 - i. ROGHA A: Bunmhodúl (amháin); nó
 - ii. ROGHA B: Bunmhodúl agus Modúl Cuimsitheach;
- (b) má d'fhág an gnóthas nochtadh ar lár toisc go meastar go bhfuil **faisnéis rúnaicmithe** nó **faisnéis íogair** ann (féach mír 19), sonróidh an gnóthas an nochtadh atá fágtha ar lár.
- (c) cé acu a ullmhaíodh an tuarascáil inbhuanaitheachta ar bhonn aonair (i.e. tá an tuarascáil teoranta d'fhaisnéis an ghnóthais amháin) nó ar bhonn comhdhlúite (i.e. áirítear faisnéis leis an tuarascáil faoin ngnóthas agus faoina fhochuideachtaí);
- (d) i gcás tuarascáil inbhuanaitheachta chomhdhlúite, an liosta fochuideachtaí, lena n-áirítear a seoladh poist cláraithe ⁽⁴⁾, a chumhdaítear sa tuarascáil; agus
- (e) an fhaisnéis seo a leanas:
 - i. foirm dhlíthiúil an ghnóthais;
 - ii. có(i)d aicmiúcháin earnála NACE;
 - iii. méid an chláir chomhardaithe (an líon sócmhainní in aonaid airgeadaíochta);
 - iv. láimhdeachas (in aonaid airgeadaíochta);
 - v. líon na **bhfostaithe** de réir líon na ndaoine nó líon na gcoibhéisí lánaimseartha;
 - vi. tír príomhoibríochtaí agus suíomh sócmhainní suntasacha; agus
 - vii. geoshuíomh **láithreán** atá faoina úinéireacht, atá ar léas aige nó a bhainistíonn sé.

25. Má fuair an gnóthas aon deimhniú nó lipéad i ndáil le hinbhuanaitheacht, soláthróidh sé tuairisc ghairid air (lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, eisitheoirí an deimhniúcháin nó an lipéid, dáta agus scór rátála).

B2 – Cleachtais, beartais agus tionscnaimh amach anseo chun aistriú i dtreo geilleagar níos inbhuanaithe

26. Má tá cleachtais shonracha, beartais nó tionscnaimh amach anseo chun aistriú chuig geilleagar níos inbhuanaithe curtha i bhfeidhm ag an ngnóthas, luafaidh sé amhlaidh. Luafaidh an gnóthas cé acu atá nó nach bhfuil na nithe seo a leanas aige:
- (a) cleachtais. Féadfar a áireamh leis na cleachtais sa chomhthéacs sin, mar shampla, iarrachtaí chun ídiú uisce agus leictreachais an ghnóthais a laghdú, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú nó chun truailliú a chosc, agus tionscnaimh chun sábháilteacht táirgí a fheabhsú chomh maith le tionscnaimh reatha chun dálaí oibre a fheabhsú agus cóir chomhionann a ghnóthú sa láthair oibre, oiliúint **inbhuanaitheachta** do lucht saothair an ghnóthais agus comhpháirtíochtaí atá bainteach le tionscadail inbhuanaitheachta;
 - (b) **beartais** maidir le saincheistanna inbhuanaitheachta, cé acu atá nó nach bhfuil siad ar fáil go poiblí, agus aon bheartas comhshaoil, sóisialta nó rialachais ar leithligh chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheist inbhuanaitheachta;
 - (c) aon tionscnamh a bheidh ann amach anseo nó plean réamhbhreathnaitheach atá á chur chun feidhme maidir le saincheistanna inbhuanaitheachta; agus
 - (d) **spriocanna** chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na **mbeartas** agus an dul chun cinn a rinneadh i dtreo na spriocanna sin a shásamh.

⁽⁴⁾ Is é an seoladh poist cláraithe seoladh poist oifigiúil an ghnóthais.

27. Áirítear le cleachtais, beartais agus tionscnaimh amach anseo den sórt sin an méid a dhéanfaidh an gnóthas lena **thionchair** dhiúltacha a laghdú agus lena thionchair dhearfacha ar dhaoine agus ar an gcomhshaoil a fheabhsú, d'fhonn rannchuidiú le geilleagar níos inbhuanaithe. I bhFoscscríbhinn B tugtar liosta de shaincheisteanna inbhuanaitheachta féideartha a d'fhéadfaí a chumhdach sa nochtadh seo. Féadfaidh an gnóthas úsáid a bhaint as an teimpléad atá le fáil i mír 14 d'foscscríbhinn II a ghabhann leis an Moladh seo chun an fhaisnéis sin a thuairisciú.
28. Má thuairiscíonn an gnóthas freisin faoin modúl Cuimsitheach, beidh na pointí sonraí atá le fáil in C2 ag comhlánú na faisnéise arna cur ar fáil faoi B2.

BUNMHODÚL – MÉADRACHT CHOMHSHAOIL

B3 – Fuinneamh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa

29. Nochtfaidh an gnóthas a idiú fuinnimh iomlán in MWh, le miondealú de réir an tábla thíos, más féidir leis an fhaisnéis riachtanach a fháil chun miondealú den sórt sin a chur ar fáil:

	In-athnuaite	Neamh-inathnuaite	Iomlán
Leictreachas (mar a léirítear i mbillí fónais)			
Breoslaí			

30. Nochtfaidh an gnóthas a **astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT)** measta i dtوناí coibhéiseacha CO₂ (tCO₂eq) i bhfianaise inneachar Chaighdeán Corparáideach Phrótagal GCT (leagan 2004), lena n-áirítear an méid seo a leanas:
- astaíochtaí GCT Raon feidhme 1 i dtوناí coibhéiseacha tCO₂(ó fhoinsí faoi úinéireacht nó rialaithe); agus
 - na **hastaíochtaí suíomhbhunaithe Raon feidhme 2** i dtوناí coibhéiseacha tCO₂eq (i.e. astaíochtaí ó ghiniúint an fuinnimh cheannaithe, amhail leictreachas, teas, gal nó fuarú).
31. Nochtfaidh an gnóthas a dhéine GCT arna ríomh trí '**astaíochtaí comhlána gás ceaptha teasa (GCT)**' a nochtar faoi mhír 30 ar 'láimhdeachas (in aonaid airgeadaíochta)' a nochtar faoi mhír 24(e)(iv) ⁽⁵⁾.

B4 – Truailliú an aeir, an uisce agus na hithreach

32. Má cheanglaítear ar an ngnóthas de réir an dlí nó rialacháin náisiúnta eile a chuid astaíochtaí truailléan a thuairisciú d'údarais inniúla, nó má thuairiscítear go deonach iad de réir Córas Bainistíochta Comhshaoil, nochtfaidh sé na truailléan a astaíonn sé san aer, san uisce agus san ithir mar chuid dá oibríochtaí féin, leis an méid faoi seach do gach truailléan. Má tá an fhaisnéis ar fáil go poiblí cheana féin, mar mhalairt rogha féadfaidh an gnóthas tagairt a dhéanamh don doiciméad ina dtuairiscítear é, mar shampla, tríd an nasc ábhartha URL a chur ar fáil nó trí hipearnasc a leabú.

B5 – Bithéagsúlacht

33. Nochtfaidh an gnóthas líon agus achar (i heicteáir nó m²) na **láithreán** atá faoina úinéireacht, atá ar léas aige, nó a bhainistíonn sé taobh istigh de **limistéar** atá **íogair ó thaobh na bithéagsúlachta** de nó gar don limistéar sin.
34. Féadfaidh an gnóthas méadracht a nochtadh atá bainteach le **talamhúsáid** (i heicteáir nó m²):
- úsáid iomlán talún;
 - an t-achar iomlán atá séalaithe;
 - an t-achar **iomlán atá** dírithe ar an láthair; agus
 - an t-achar iomlán atá **díríthe ar an dúlra** lasmuigh den láthair.

⁽⁵⁾ Mar chuid de leagan uirlise ar líne de Chaighdeán TD-FBM, déanfar an méid sin a ríomh go huathoibríoch.

B6 – Uisce

35. Nochtfaidh an gnóthas a **aistarraingt uisce iomlán**, i.e. méid an uisce a tharraingítear isteach i dteorainneacha na heagraíochta (nó na saoráide); ina theannta sin, cuirfidh an gnóthas i láthair ar leithligh an méid uisce arna aistarraingt ag **láithreáin** atá suite i limistéir ina bhfuil ardstrus maidir le huisce.
36. Má tá próisis táirgthe i bhfeidhm ag an ngnóthas a ídionn an t-uisce go suntasach (e.g. próisis fuinnimh theirmigh amhail triomú nó táirgeadh cumhachta, táirgeadh earraí, uisciú talmhaíochta, etc.), nochtfaidh sé a **ídiú uisce** arna ríomh mar an difríocht idir a **aistarraingt uisce** agus doirteadh uisce óna phróisis táirgthe.

B7 – Úsáid acmhainní, geilleagar ciorclach agus bainistiú dramhaíola

37. Nochtfaidh an gnóthas an méid seo a leanas cé acu a chuireann sé nó nach gcuireann sé **prionsabail an gheilleagair chiorclaigh** i bhfeidhm, agus má chuireann, conas a chuireann sé na prionsabail sin i bhfeidhm.
38. Nochtfaidh an gnóthas an méid seo a leanas:
- (a) an méid bliantúil iomlán dramhaíola arna mhiondealú de réir cineáil (neamhghuaiseach agus guaiseach);
 - (b) an méid bliantúil dramhaíola iomlán arna atreorú chuig **athchúrsáil** nó athúsáid; agus
 - (c) má oibríonn an gnóthas in earnáil a úsáideann sreabha suntasacha ábhar (mar shampla monaraíocht, foirgníocht, pacáistíocht nó eile), mais-sreabhadh bliantúil na n-ábhar ábhartha a úsáidtear.

BUNMHODÚL – MÉADRACHT SHÓISIALTA

B8 – Lucht saothair – Saintréithe ginearálta

39. Nochtfaidh an gnóthas an líon **fostaithe** a áirítear le fostaithe nó an choibhéis lánaimseartha le haghaidh na méadrachta seo a leanas:
- (a) an cineál conartha fostaíochta (sealadach nó buan);
 - (b) inscne; agus
 - (c) tír an chonartha fostaíochta, má oibríonn an gnóthas i níos mó ná tír amháin.
40. Má fhostaíonn an gnóthas 50 **fostaí** nó níos mó, nochtfaidh sé an ráta athraithe fostaithe don tréimhse tuairiscithe.

B9 – Lucht saothair – Sláinte agus sábháilteacht

41. Nochtfaidh an gnóthas an fhaisnéis seo a leanas maidir lena **chuid fostaithe**:
- (a) an líon agus an ráta **timpistí intaifeadta a bhaineann leis an obair**; agus
 - (b) an líon básanna de thoradh gortuithe atá bainteach leis an obair agus drochshláinte atá bainteach leis an obair.

B10 – Lucht saothair – Luach saothair, cómhargáil agus oiliúint

42. Nochtfaidh an gnóthas an méid seo a leanas:
- (a) cé acu a fhaigheann nó nach bhfaigheann na **fostaithe pá** atá comhionann leis an **bpá íosta** nó os a chionn don tír ar a dtuairiscíonn sé, arna chinneadh go díreach le dlí an phá náisiúnta íosta nó trí chomhaontú **cómhargála**;
 - (b) céatadán na bearna **pá** idir a chuid **fostaithe** bainearna agus fireanna. Féadfaidh an gnóthas an nochtadh sin a fhágáil ar lár nuair a bhíonn a líon fostaithe faoi bhun 150 fostaí, agus é á thabhairt dá aire aige go laghdófar an tairseach sin chuig 100 fostaí ón 7 Meitheamh 2031;
 - (c) an céatadán **fostaithe** a chumhdaítear le comhaontuithe **cómhargála**; agus
 - (d) an meánlíon uaireanta **oiliúna** in aghaidh an **fhostaí**, arna mhiondealú de réir inscne.

BUNMHODÚL – MÉADRACHT RIALACHAIS

B11 – Ciontuithe agus fineálacha mar gheall ar éilliú agus breabaireacht

43. I gcás ciontuithe agus fineálacha sa tréimhse tuairiscithe, nochtfaidh an gnóthas an líon ciontuithe, agus an méid iomlán fineálacha arna dtabhú as dlíthe frith-**éillithe** agus frith-**bhreabaireachta**.

Modúl Cuimsitheach

44. Leis an modúl seo cuirtear nochtáí ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar bhealach cuimsitheach ar riachtanais faisnéise chomhpháirtithe gnó an ghnóthais, amhail infheisteoirí, bainc agus cliaint chorpóraídeacha i dteannta na riachtanas a áirítear sa Bhunmhodúl. Léirítear sna nochtáí sa mhodúl seo oibleagáidí sonracha rannpháirtithe sa mhargadh agus cliant corparáideach faoi dhlíthe agus rialacháin ábhartha. Léiríonn siad freisin an fhaisnéis a theastaíonn ó na comhpháirtithe gnó, chun measúnú a dhéanamh ar phróifíl riosca inbhuanaitheachta an ghnóthais, e.g. mar sholáthróir (féideartha) nó iasachtaí (féideartha).
45. Tugtar sa téacs thíos an liosta nochtáí ó C1 go C9 a bhfuil breithniú agus tuairisciú le déanamh orthu, más infheidhme iad maidir le gnó agus eagraíocht an ghnóthais. Nuair a fhágtar ceann de na nochtáí sin ar lár, glactar leis nach bhfuil sé infheidhme.
46. Tá treoraíocht bhreise maidir le nochtáí C1 go C9 le fáil i míreanna 145 go 180 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Moladh seo.

MODÚL CUIMSITHEACH – FAISNÉIS GHINEARÁLTA

C1 – **Straitéis: Samhail Ghnó agus Inbhuanaitheacht – Tionscnaimh Ghaolmhara**

47. Nochtfaidh an gnóthas príomhghnéithe a shamhla gnó agus a straitéise, lena n-áirítear na gnéithe seo a leanas:
- (a) tuairisc ar ghrúpaí suntasacha táirgí agus/nó seirbhísí arna dtairiscint;
 - (b) tuairisc ar mhargadh suntasach (ar mhargaí suntasacha) ina n-oibríonn an gnóthas (amhail Gnólacht le Gnólacht, mórdhíolachán, miondhíolachán, tíortha);
 - (c) tuairisc ar na príomhghaolmhaireachtaí gnó (amhail príomhsholáthróirí, custaiméirí, bealaí dáileacháin); agus
 - (d) má tá na príomheilimintí a bhaineann le saincheistean inbhuanaitheachta nó a dhéanann difear dóibh le fáil sa straitéis, tuairisc ghairid ar na príomheilimintí sin.

C2 – **Tuairisc ar chleachtais, beartais agus tionscnaimh amach anseo chun aistriú i dtreo geilleagar níos inbhuanaithe**

48. Má tá cleachtais shonracha, **beartais** nó tionscnaimh amach anseo chun aistriú i dtreo geilleagar níos inbhuanaithe curtha i bhfeidhm ag an ngnóthas, a thuairiscigh sé cheana féin faoi nochtadh B2 sa Bhunmhodúl, tabharfaidh sé tuairisc ghairid orthu. Féadfaidh an gnóthas úsáid a bhaint as an teimpléad atá le fáil i mír 149 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Moladh seo chun na críche sin.
49. Féadfaidh an gnóthas a thabhairt le fios cad é an leibhéal is sinsearaí i measc a chuid fostaithe atá freagrach as na beartais a chur chun feidhme i gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag an ngnóthas ina leith sin.

MODÚL CUIMSITHEACH – MÉADRACHT CHOMHSHAOIL

Ábhar machnaimh agus tuairisciú á dhéanamh ar astaíochtaí GCT faoi B3 (Bunmhodúl)

50. Ag brath ar an gcineál gníomhaíochtaí a dtugann an gnóthas fúthu, d'fhéadfadh sé a bheith iomchuí cainníochtú a astaíochtaí GCT Raon feidhme 3 a nochtadh (féach mír 10 den Chaighdeán seo) chun faisnéis ábhartha a tháirgeadh maidir le tionchair **shlabhra luacha an ghnóthais** ar an athrú aeráide.

51. Is **astaíochtaí indíreacha GCT** iad astaíochtaí Raon feidhme 3 (seachas Raon feidhme 2) a dhíorthaíonn ó **shlabhra luacha** gnóthais. Orthu sin áirítear na gníomhaíochtaí atá réamhtheachtach ar oibríochtaí an ghnóthais (e.g. earraí agus seirbhísí ceannaithe, earraí caipitil ceannaithe, earraí ceannaithe a iompar, etc.) agus gníomhaíochtaí atá iartheachtach ar oibríochtaí an ghnóthais (e.g. iompar agus dáileadh tháirgí an ghnóthais, táirgí díolta a úsáid, infheistíochtaí, etc.).
52. Má dhéanann an gnóthas cinneadh an mhéadracht sin a chur ar fáil, ba cheart dó tagairt a dhéanamh do na 15 chineál astaíochtaí GCT Raon feidhme 3 arna sainaitheint le Caighdeán Corparáideach Phrótacal GCT agus arna mionsonrú leis an gCaighdeán Cuntasaíochta agus Tuairiscithe do Shlabhra Luacha Corparáideach Phrótacal GCT (Raon feidhme 3). Ar thuairisciú dó faoi astaíochtaí GCT Raon feidhme 3, cuirfidh an gnóthas san áireamh catagóirí suntasacha Raon feidhme 3 (de réir *Caighdeán Cuntasaíochta agus Tuairiscithe (Raon feidhme 3) do Shlabhra Luacha Corparáideach Phrótacal GCT*) bunaithe ar a mheasúnú féin ar chatagóirí ábhartha Raon feidhme 3. Is féidir le gnóthais teacht ar thuilleadh treoraíochta maidir le modhanna sonracha ríomha le haghaidh gach catagóire i dTreoraíocht Theicniúil an Phrótacail GCT chun Astaíochtaí Raon feidhme 3 a ríomh.
53. Agus a chuid astaíochtaí Raon feidhme 1 agus Raon feidhme 2 á dtuairisciú ag an ngnóthas, má nochtann sé faisnéis atá sonrach don eintiteas faoina chuid astaíochtaí Raon feidhme 3, cuirfidh sé i láthair í in éineacht leis an bhfaisnéis is gá faoi B3 – Fuinneamh agus astaíochtaí gáis ceaptha teasa.

C3 – Spriocanna laghdaithe GCT agus aistriú aeráide

54. Má tá **spriocanna** laghdaithe astaíochtaí GCT bunaithe ag an ngnóthas, nochtfaidh sé a spriocanna i bhfoirm dearbhluchanna le haghaidh astaíochtaí Raon feidhme 1 agus Raon feidhme 2. I gcomhréir le míreanna 50 go 53 thuas, agus má tá spriocanna laghdaithe Raon feidhme 3 socraithe aige, cuirfidh an gnóthas spriocanna ar fáil freisin le haghaidh astaíochtaí suntasacha Raon feidhme 3. Go háirithe, cuirfidh sé an méid seo a leanas ar fáil:
- (a) an spriocbhliain agus an luach don spriocbhliain;
 - (b) an bhonnbhliain agus an luach don bhonnbhliain;
 - (c) na haonaid a úsáideadh do na **spriocanna**;
 - (d) an sciar de Raon feidhme 1, Raon feidhme 2 agus, má nochtar é, Raon feidhme 3 lena mbaineann an sprioc; agus
 - (e) liosta príomhghníomhartha a fhéachann sé lena gcur chun feidhme chun a **spriocanna** a bhaint amach.
55. Más rud é go bhfuil plan aistrithe maidir le maolú ar an athrú aeráide glactha ag an ngnóthas a oibríonn in earnálacha ag a tionchar mór ar an aeráid ⁽⁹⁾, féadfaidh sé faisnéis a chur ar fáil ina leith, lena n-áirítear míniú ar an gcaoi a bhfuil sé ag rannchuidiú chun a chuid astaíochtaí GCT a laghdú.
56. I gcás ina n-oibríonn an gnóthas in earnálacha ag a bhfuil tionchar mór ar an aeráid agus nach bhfuil plan aistrithe maidir le maolú ar an athrú aeráide i bhfeidhm aige, tabharfaidh sé le fios an bhfuil sé i gceist aige plan aistrithe den sórt sin a ghlacadh, agus má tá, an uair a ghlacfaidh sé plan den sórt sin.

C4 – Rioscaí aeráide

57. Má tá guaiseacha a bhaineann leis an aeráid agus teagmhais aistrithe a bhaineann leis an aeráid sainaitheanta ag an ngnóthas, rud a chruthóidh rioscaí comhlána atá bainteach leis an aeráid don ghnóthas, déanfaidh sé an méid seo a leanas:
- (a) tuairisc ghairid a thabhairt ar na guaiseacha sin a bhaineann leis an aeráid agus ar na teagmhais aistrithe sin a bhaineann leis an aeráid;
 - (b) an chaoi a ndearna sé measúnú ar neamhchosaint agus íogaireacht a chuid sócmhainní, gníomhaíochtaí agus **shlabhra luacha** ar na guaiseacha agus teagmhais aistrithe sin a nochtadh;
 - (c) na **tréimhsí ama** d'aon ghuais a bhaineann leis an aeráid agus d'aon teagmhas aistrithe arna sainaitheint a nochtadh; agus
 - (d) cé acu atá nó nach bhfuil gníomhartha **oiriúnaithe don athrú aeráide** déanta aige le haghaidh aon ghuaise a bhaineann leis an aeráid agus teagmhais aistrithe a nochtadh.

⁽⁹⁾ Is iad na hearnálacha ag a mbíonn mórtionchar ar an aeráid iad siúd a liostaítear i gCodanna A go H de NACE agus i gCuid M mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmilgthe (AE) 2023/137.

58. Féadfaidh an gnóthas tionchair dhiúltacha fhéideartha na rioscaí aeráide a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá fheidhmíocht airgeadais nó dá oibríochtaí gnó sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma a nochtadh, agus a thabhairt le fios an measann sé na rioscaí a bheith ina rioscaí arda, meánacha nó ísle.

MODÚL CUIMSI THEACH – MÉADRACHT SHÓISIALTA

C5 – **Saintréithe breise (ginearálta) den lucht saothair**

59. Má fhostaíonn an gnóthas 50 **fostaí** nó níos mó, féadfaidh sé an cóimheas idir fir agus mná a nochtadh ar leibhéal bainistíochta don tréimhse tuairiscithe.
60. Má fhostaíonn an gnóthas 50 **fostaí** nó níos mó, féadfaidh sé an líon daoine féinfhostaithe a nochtadh seachas daoine atá ag obair don ghnóthas ar bhonn eisiach, agus oibrithe sealadacha arna gcur ar fáil ag gnóthais a bhíonn gafa den chuid is mó le 'gníomhaíochtaí fostaíochta'.

C6 – **Faisnéis bhreise maidir lena lucht saothair féin - Beartais agus próisis um chearta an duine**

61. Nochtfaidh an gnóthas freagra ar na ceisteanna seo a leanas.
- (a) An bhfuil cód iompair nó **beartas** um chearta an duine ag an ngnóthas dá **lucht saothair féin**? (TÁ/NÍL)
- (b) Má tá, an bhfuil an méid seo a leanas cumhdaithe leis sin:
- saothar leanaí (TÁ/ NÍL);
 - saothar éignithe (TÁ/ NÍL);
 - gáinneáil ar dhaoine (TÁ/NÍL);
 - idirdhealú (TÁ/NÍL);
 - timpistí a chosc (TÁ/NÍL); nó
 - eile? (TÁ/NÍL – má tá, sonraigh).
- (c) An bhfuil sásra láimhsithe gearán ag an ngnóthas dá **lucht saothair féin**? (TÁ/ NÍL)

C7 – **Teagmhais dhiúltacha thromchúiseacha a bhaineann le cearta an duine**

62. Nochtfaidh an gnóthas freagra ar na ceisteanna seo a leanas:
- (a) An bhfuil teagmhais dheimhnithe ag an ngnóthas dá **lucht saothair féin** a bhaineann leis an méid seo a leanas:
- saothar leanaí (TÁ/ NÍL);
 - saothar éignithe (TÁ/ NÍL);
 - gáinneáil ar dhaoine (TÁ/ NÍL);
 - idirdhealú (TÁ/ NÍL); nó
 - eile? (TÁ/NÍL – má tá, sonraigh).
- (b) Má tá, féadfaidh an gnóthas tuairisc a thabhairt ar na **gníomhartha** a bhfuiltear á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na **teagmhais** ar a dtugtar tuairisc thuas.
- (c) Anfeasach don ghnóthas aon **teagmhas** deimhnithe lena mbaineann **oibrithe sa slabhra luacha, pobail dá ndéantar difear, tomhaltóirí** agus **úsáideoirí deiridh**? Má tá, sonraigh é.

MODÚL CUIMSI THEACH – MÉADRACHT RIALACHAIS

C8 – **Ioncaim ó ghníomhaíochtaí áirithe agus eisiamh ó thagarmharcanna tagartha an Aontais Eorpaigh**

63. Má tá an gnóthas gníomhach in earnáil amháin nó níos mó de na hearnálacha seo a leanas, nochtfaidh sé ioncaim ghaolmhara a dhíorthaítear as gníomhaíochtaí sna hearnálacha seo a leanas:
- (a) airm chonspóideacha (mianaigh frithphearsanra, cnuas-mhuinisin, airm cheimiceacha agus airm bhitheolaíoch);
- (b) saothrú agus táirgeadh tobac;

- (c) an earnáil breoslaí iontaise (gual, ola agus gás), (i.e. díorthaíonn an gnóthas ioncaim ó thaiscéalaíocht, mianadóireacht, eastóscadh, táirgeadh, próiseáil, stóráil, scagadh nó dáileadh, lena n-áirítear iompar, stóráil agus trádáil, de na breoslaí iontaise mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (62), de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (⁽⁷⁾), lena n-áirítear dí-chomhbhailiú ioncam a dhíorthaítear as an ngual, ola agus gás; nó
 - (d) táirgeadh ceimiceán más monaróir lotnaidicídí agus táirgí eile agraiceimiceacha é an gnóthas.
64. Nochtfaidh an gnóthas an bhfuil sé eisiata ó aon tagarmharc tagartha de chuid an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras mar a thuairiscítear i mír 177 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Moladh seo.

C9 – Cóimheas éagsúlachta inscne sa chomhlacht rialachais

65. Má tá comhlacht rialachais i bhfeidhm ag an ngnóthas, nochtfaidh an gnóthas an cóimheas gaolmhar éagsúlachta inscní.

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

Foscíbhinn A:

Téarmaí sainmhínithe

Is dlúthchuid den chaighdeán í an fhoscíbhinn seo.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Timpistí a chosc	Tagraítear le cosc timpistí do na beartais agus tionscnaimh atá ann chun timpistí sa láthair oibre a chosc, agus chun sábháilteacht agus folláine fostaithe a áirithiú. Ní hamháin go n-áirítear leis sin bearta chun rioscaí fisiceacha a laghdú, ach baineann sé freisin le timpeallacht oibre shábháilte ionchuimsitheach a chothú nach bhfuil idirdhealú ná ciapadh le fáil inti.
Gníomhaíochtaí	Tagraíonn gníomhaíochtaí do (i) ghníomhaíochtaí agus pleananna gníomhaíochta (lena n-áirítear pleananna aistriithe) a dhéantar chun a áirithiú go mbainfidh an gnóthas spriocanna arna leagan síos amach agus trína bhféachann an gnóthas le haghaidh a thabhairt ar thionchair, rioscaí agus ar dheiseanna ábhartha; agus (ii) cinntí chun tacú leo sin le hacmhainní airgeadais, daonna nó teicneolaíochta.
Pobail dá ndéantar difear	Daoine nó grúpa/grúpaí a chónaíonn nó a oibríonn sa limistéar geografach céanna a ndearna oibríochtaí an ghnóthais nó a shlabhra luacha difear dó nó a bhféadfadh oibríochtaí an ghnóthais nó a shlabhra luacha réamhtheachtaigh agus iartheachtaigh difear a dhéanamh dó. Féadfaidh pobail a chónaíonn in aice oibríochtaí an ghnóthais (pobail áitiúla) nó iad sin a chónaíonn go cianda a bheith sna pobail dá ndéantar difear. Áirítear leis na pobail dá ndéantar difear, pobail dhúchasacha dá ndéantar difear iarbhir nó ionchasach.
Limistéar atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de	Áirítear na limistéir seo a leanas leis na limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de: Líonra Natura 2000 de limistéir faoi chosaint, láithreáin Oidhreacht Domhanda UNESCO agus Príomhlimistéir Bhithéagsúlachta ('KBAnna'), chomh maith le limistéir eile faoi chosaint, dá dtagraítear i bhFoscíbhinn D d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmilgthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún.
Breabaireacht	A chur ina luí ar dhuine go mímhacánta gníomhú chun do leasa trí bhronntanas airgid nó aslach eile a thabhairt dó.
Iompar Gnó	Tagraítear do na cúrsaí seo a leanas i gcomhar a chéile mar 'iompar gnó nó cúrsaí iompair gnó': (a) eitic ghnó agus cultúr corparáideach, lena n-áirítear frithéilliú agus frithbhreabaireacht, cosaint sceithirí agus leas ainmhithe; (b) bainistíocht caidreamh le soláthróirí, lena n-áirítear cleachtais íocaíochta, go háirithe a mhéid a bhaineann le híocaíocht mhall le gnóthais bheaga agus mheánmhéide. (c) gníomhaíochtaí agus gealltanais an ghnóthais a bhaineann lena thionchar polaitiúil a fheidhmiú, lena n-áirítear a ghníomhaíochtaí brústocaireachta.
Saothar Leanaí	Obair a bhaineann a n-óige, a n-acmhainn agus a ndínit de leanaí, agus atá díobhálach dá bhforbairt fhisiceach agus mheabhrach. Áirítear leis saothar atá contúirteach go meabhrach, fisiceach, sóisialta, nó morálta agus/nó a chuireann isteach ar a scolaíocht (tríd an deis chun freastal ar scoil a chosc orthu).
Cómhargáil	An chaibidlíocht uile a dhéantar idir fostóir, grúpa fostaithe nó ceann amháin nó níos mó d'eagraíochtaí fostóirí, ar thaobh amháin, agus ceann amháin nó níos mó de cheardchumainn nó, ina n-éagmais sin, ionadaithe na n-oibrithe arna dtoghadh agus arna n-údarú go cuí acu i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin náisiúnta, ar an taobh eile, chun: i) dálaí oibre agus téarmaí fostaíochta a chinneadh; agus/nó ii) an caidreamh idir fostóirí agus oibrithe a rialáil; agus/nó an caidreamh idir fostóirí nó a n-eagraíochtaí agus eagraíocht oibrithe nó eagraíochtaí oibrithe a rialáil.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Éilliú	Cumhacht arna cur ar iontaoibh a mhí-úsáid chun leas príobháideach, rud a fhéadann daoine aonair nó eagraíochtaí a ghríosú. Áirítear leis cleachtais amhail íocaíochtaí éascaíochta, calaois, sracadh, claonpháirteachas agus sciúradh airgid. Áirítear leis freisin aon bhronntanas, iasacht, táille, dámhachtain nó buntáiste eile a thugann aon duine d'aon duine eile nó a fhaigheann aon duine ó aon duine eile mar aslach chun rud éigin a dhéanamh a bheadh mímhacánta, neamhdhleathach nó ina shárú iontaobhais in iompar gnó an ghnóthais. Is féidir a áireamh orthu sin airgead tirim nó sochair chomhchineáil, amhail earraí saor in aisce, bronntanais, agus laethanta saoire, nó seirbhísí pearsanta speisialta a sholáthraítear chun críche buntáiste mhíchuí, nó brú morálta a d'fhéadfadh a bheith ann dá dheasca buntáiste den sórt sin a fháil.
Tomhaltóirí	Daoine aonair a fhaigheann, a thomhlaíonn nó a úsáideann earraí agus seirbhísí le haghaidh úsáid phearsanta, dóibh féin nó do dhaoine eile, agus ní chun críoch athdhíola, tráchtála nó trádála, gnó, ceardaíochta ná gairme.
Faisnéis rúnaicmithe	Faisnéis rúnaicmithe AE mar a shainmhínítear sa Chinneadh ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (2013/488/AE) nó atá aicmithe ag ceann de na Ballstáit agus marcáilte de réir Fhoscríbhinn B den chinneadh sin ón gComhairle. Ciallaíonn faisnéis rúnaicmithe AE aon fhaisnéis arna hainmniú le haicmiúchán slándála AE, a bhféadfadh leibhéil éagsúla dochair a dhéanamh do leasanna an Aontais Eorpaigh nó do leasanna an Aontais Eorpaigh nó do cheann amháin nó níos mó de na Ballstáit. Féadfar faisnéis rúnaicmithe a aicmiú de réir na gceithre leibhéal seo a leanas: faoi rún daingean, faoi rún, rúnda, srianta (bunaithe ar an sainmhíniú sa Chinneadh ón gComhairle).
Prionsabail an gheilleagair chiorclaigh	Is prionsabail an gheilleagair chiorclaigh Eorpaigh iad inúsáidteacht; ath-inúsáidteacht; indeisitheacht; díchoimeáil; athmhonarú nó athríochtú; athchúrsáil; athshruthú de réir an timthrialla bhitheolaíoch; barrfheabhsú féideartha eile ar úsáid táirge nó ábhair.
Oiriúnú don athrú aeráide	An próiseas chun oiriúnú don athrú aeráide iarbhír agus don athrú aeráide a bhfuil coinne leis agus dá thionchair.
Rioscaí fisiceacha a bhaineann leis an aeráid	Rioscaí a leanann as an athrú aeráide a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar theagmhais (géar-rioscaí) nó ar athruithe níos fadtéarmaí i bpatrúin aeráide (rioscaí ainsealacha). Eascraíonn géar-rioscaí fisiceacha as guaiseacha áirithe, go háirithe teagmhais a bhaineann leis an aimsir amhail stoirmeacha, tuilte, dóiteáin nó toinn teasa. Eascraíonn rioscaí fisiceacha ainsealacha as athruithe níos fadtéarmaí ar an aeráid, amhail athruithe ar an teocht, agus as a n-éifeachtaí ar leibhéil ardaithe na farraige, níos lú uisce a bheith ar fáil, caillteanas na bithéagsúlachta agus athruithe ar tháirgiúlacht talún agus ithreach.
Astaíochtaí díreacha GCT (Raon feidhme 1)	Astaíochtaí GCT díreacha ó fhoinsí atá faoi úinéireacht an ghnóthais nó á rialú aige.
Idirdhealú	Is go díreach nó go hindíreach a dhéantar idirdhealú. Tarlaíonn idirdhealú díreach i gcás ina gcaitear le duine aonair ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an mbealach a chaitear le daoine eile atá i gcás comhchosúil. Idirdhealú indíreach a bheidh ann i gcás ina dtabharfaidh riail, ar cosúil gur riail neodrach í, míbhuntáiste do dhuine nó do ghrúpa a bhfuil na saintréithe céanna i bpáirt acu.
Fostaí	Duine aonair atá i gcaidreamh fostaíochta leis an ngnóthas de réir an dlí náisiúnta nó de réir cleachtas náisiúnta.
Úsáideoirí deiridh	Daoine a úsáideann nó a bheartaítear go n-úsáidfídh siad táirge nó seirbhís áirithe iarbhír.
Saothar éignithe	Gach obair nó seirbhís a bhaintear ó aon duine atá faoi bhagairt pionóis, agus nár chuir an duine é féin ar fáil go deonach ina leith, de réir Choinbhinsiún EIS maidir le Saothar Éignithe, 1930 (Uimh. 29). Cuimsítear leis an téarma gach cás ina gcuirtear iallach ar dhuine ar aon bhealach obair a dhéanamh.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Sásra casaoide	Aon ghnáthphróiseas, bíodh sé stábhunaithe nó gan bheith stábhunaithe, breithiúnach nó neamhbhreithiúnach, trínar féidir le páirtithe leasmhara casaoidí a dhéanamh agus leigheas a lorg. Ar shamplaí de shásraí casaoide stábhunaithe breithiúnacha agus neamhbhreithiúnacha áirítear cúirteanna, binsí saothair, institiúidí náisiúnta um chearta an duine, Pointí Teagmhála Náisiúnta faoi Threoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta, oifigí ombudsman, gníomhaireachtaí cosanta tomhaltóirí, comhlachtaí maoirseachta rialála, agus oifigí gearán arna réachtáil ag rialtas. Ar shásraí casaoide nach bhfuil stábhunaithe áirítear iad siúd arna riar ag an ngnóthas, ina aonar nó in éineacht le páirtithe leasmhara, amhail sásraí casaoide agus cómhargáil ar an leibhéal oibríochtúil, lena n-áirítear na sásraí a bhunaítear trí bhíthin na cómhargála. Áirítear orthu freisin sásraí arna riar ag comhlachais tionscail, eagraíochtaí idirnáisiúnta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, nó grúpaí ilpháirtithe leasmhara. Is í an eagraíocht, ina haonar nó i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, a riarann sásraí casaoide ar an leibhéal oibríochtúil agus tá rochtain dhíreach ag páirtithe leasmhara na heagraíochta orthu. Táthar in ann casaoidí a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu go luath agus díreach dá mbarr, rud a choisceann an díobháil agus an géarú ar chasaoidí araon. Le sásraí casaoide, tugtar caoi freisin dóibh siúd a ndéantar dífear díreach dóibh aiseolas tábhachtach a sholáthar maidir le héifeachtacht dhícheall cuí na heagraíochta. De réir Threoirphrionsabal 31 ó na Náisiúin Aontaithe, is é is sásraí casaoide éifeachtacha ann sásraí dlisteanacha, inrochtana, intuatha, cothromasacha, trédhearcacha atá comhoiriúnach le cearta agus ina bhfoinse foghlama leanúnaí. I dteanna na gcritéar sin, tá sásraí casaoide éifeachtacha ar an leibhéal oibríochtúil bunaithe ar rannpháirtíocht agus idirphlé. D'fhéadfadh sé gur deacra don eagraíocht measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na sásraí casaoide a bhfuil sé rannpháirteach iontu ná iad siúd a bhunaigh sé féin.
Gáis ceaptha teasa (GCT)	Chun críocha an Chaighdeáin seo, is GCTanna iad na sé ghás a liostaítear i bPrótacal Kyoto: dé-ocsaíd charbóin (CO ₂); meatán (CH ₄); ocsaíd nítríúil (N ₂ O); Trífhluairíd nítrigine (NF ₃); hidreafluaracarbóin (HFCanna); sárfhluaracarbóin (PFCanna); agus heicseafluairíd sulfair (SF ₆).
Rialachas	Is éard is rialachas ann an córas rialacha, cleachtas agus próiseas trína ndírítear agus a rialaítear cuideachta.
Ollastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT)	Is éard is ollastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) ann an líon iomlán astaíochtaí GCT a scaoileann an gnóthas san atmaisféar, gan aon asbhaint le haghaidh aistrithe dé-ocsaíde carbóin ná coigeartuithe eile á gcur san áireamh.
Dramhaíl ghuaiseach	Dramhaíl a léiríonn ceann amháin nó níos mó de na saintréithe guaiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dramhaíl.
Gáinneáil ar dhaoine	Earcú, iompar, aistriú, tearmannú nó glacadh daoine, lena n-áirítear malartú nó aistriú rialaithe ar na daoine sin, tríd an lámh láidir nó cineálacha eile comhéigin, fuadaigh, calaoise, meabhlaithe, nó mí-úsáide cumhachta a bhagairt nó a úsáid ar dhuine atá i staid leochaileach, nó íocaíochtaí nó buntáistí a thabhairt nó a fháil chun toiliú duine a fháil a bhfuil cumhacht aige ar dhuine eile, chun críche an dúshaothraithe.
Teagmhas	Caingean dlí nó gearán a chláraítear leis an ngnóthas nó le húdaráis inniúla trí phróiseas foirmiúil, nó cás neamhchomhlíonta a shainaithníonn an gnóthas trí nósanna imeachta bunaithe. Ar nósanna imeachta bunaithe chun cásanna neamhchomhlíonta a shainaithint is féidir iniúchtaí ar chóras bainistíochta, cláir faireacháin fhoirmiúla, nó sásraí casaoide a áireamh.
Astaíochtaí GCT indíreacha (Scóip 2)	Tarlaíonn astaíochtaí indíreacha mar iarmhairt ar oibríochtaí an ghnóthais ach tarlaíonn siad ag foinsí atá faoi úinéireacht cuideachta eile nó á rialú ag cuideachta eile. Is astaíochtaí indíreacha iad astaíochtaí GCT Raon feidhme 2 ó leictreachas, gal, teas, nó fuarú ceannaithe nó faighte a ghiniúint, arna n-idiú ag an ngnóthas.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Tionchar	Tagraítear le tionchair don éifeacht atá ag eagraíocht nó a d'fhéadfadh a bheith aici ar an ngeilleagar, comhshaol, agus daoine, lena n-áirítear éifeachtaí ar a gcearta daonna, de thoradh ghníomhaíochtaí nó ghaolmhaireachtaí gnó an ghnóthais. D'fhéadfadh na tionchair a bheith iarbhir nó féideartha, diúltach nó dearfach, gearrthéarmach nó fadtéarmach, beartaithe nó neamhbheartaithe, agus in-aisiompairithe nó do-aisiompairithe. Léirítear leis na tionchair rannchuidiú, diúltach nó dearfach, an ghnóthais leis an bhforbairt inbhuanaithe. Tá gaolmhaireacht ann idir na tionchair ar an ngeilleagar, ar an gcomhshaol, agus ar dhaoine. Tagraítear le tionchair na heagraíochta ar an gcomhshaol do na tionchair ar orgánaigh bheo agus ar eilimintí neamhbheo, lena n-áirítear aer, talamh, uisce, agus éiceachórais. Is féidir le heagraíocht dul i bhfeidhm ar an gcomhshaol, mar shampla trína húsáid fuinnimh, talún, uisce, agus acmhainní nádúrtha eile. Tagraítear le tionchair na heagraíochta do na tionchair ar dhaoine aonair agus grúpaí, amhail pobail, grúpaí leochaileacha, nó an tsochaí. Áirítear leis sin na tionchair a bhíonn ag an eagraíocht ar chearta an duine. Is féidir le heagraíocht dul i bhfeidhm ar dhaoine, mar shampla trína cleachtais fostaíochta (e.g. an pá a íocann sí le fostaíthe), trína slabhra soláthair (e.g. dálaí oibre oibrithe na soláthróirí), agus trína táirgí agus seirbhísí (e.g. a sábháilteacht nó inrochtaineacht).
(Athrú ar) úsáid talún	An úsáid a bhaineann an duine as limistéar sonrach chun críche áirithe (amhail úsáid chónaitheach; talmhaíocht; áineas; úsáid thionsclaíoch, etc.). Faoi thionchar cumhdach talún (fear, asfalt, crainn, talamh lom, uisce, etc.). Tagraítear le hathrú talamhúsáide d'athrú ar úsáid nó bainistíocht talún ag an duine, a bhféadfadh athrú ar chumhdach talún a bheith ann dá thoradh.
Astaíochtaí suíomhbhunaithe Raon feidhme 2	Astaíochtaí ó leictreachas, teas, gal, agus fuarú á gceannach nó á bhfáil agus á n-ídiú ag an gcuideachta tuairiscithe, arna ríomh leis na modh 'leithdháilte' suíomh-bhunaithe, lena leithdháiltear astaíochtaí gineadóirí ar úsáideoirí deiridh. Léirítear iontu meándlús astaíochtaí na n-eangaí ar a dtarlaíonn an t-ídiú fuinnimh agus úsáidtear sonraí fachtóirí astaíochta atá mar mheán ar fud na heangaí den chuid is mó iontu. Baineann gnáthfhoinsí astaíochtaí Raon feidhme 2 le haon trealamh lena n-ídiú leictreachas (innill leictreacha, soilse, foirgnimh, etc.), teas (téamh i bpróisis thionsclaíocha, foirgnimh, etc.), gal (próisis thionsclaíocha) agus fuarú (próisis thionsclaíocha, foirgnimh, etc.).
Limistéir atá dírithe ar an dúlra	Is limistéar é 'limistéar atá dírithe ar an dúlra' atá tugtha den chuid is mó do chaomhnú nó athchóiriú an dúlra. Féadann siad a bheith suite ar an láthair agus eilimintí á n-áireamh leo amhail díon, aghaidh, sruthchórais uisce atá deartha chun bithéagsúlacht a chur chun cinn. Féadfar limistéir atá dírithe ar an dúlra a shuíomh ar shiúl ó láithreán na heagraíochta freisin más leis an eagraíocht iad agus má tá siad á mbainistiú/gcomhbhainistiú ag an eagraíocht agus má fhónann siad go príomha chun an bhithéagsúlacht a chur chun cinn.
Gar (Limistéar atá íogair ó thaobh na Bithéagsúlachta de)	Le Gar, i gcomhthéacs B5 – Bithéagsúlacht, tagrófar do limistéar a fhorluíonn (go páirteach) nó atá in aice le limistéar atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de.
Lucht saothair dílis/oibrithe dílse	Fostaithe atá i ngaolmhaireacht fostaíochta leis an ngnóthas ('fostaithe') chomh maith le neamhfhostaithe ar conraitheoirí aonair iad a sholáthraíonn saothar don ghnóthas ('daoine féinfhostaithe') nó daoine arna soláthar ag gnóthais a bhíonn ag gabháil go príomha do 'ghníomhaíochtaí fostaíochta' (Cód NACE O78).
Pá	An gnáth-thuarastal bunaidh nó íosta maille le haon luach saothair eile, in airgead nó i gcomhchineál, a fhaigheann an t-oibrí, go díreach nó go hindíreach ('comhpháirteanna comhlántacha agus athraitheacha'), óna f(h)ostóir as ucht a f(h)ostaíochta. Ciallaíonn 'leibhéal pá' pá bliantúil comhlán agus an pá comhlán comhfhreagrach in aghaidh na huaire. Ciallaíonn 'leibhéal airmheánach pá' pá an fhostaí a dtuillfeadh leath na bhfostaithe níos mó de agus leath na bhfostaithe níos lú de.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Beartas	Tacar nó creat cuspóirí ginearálta agus prionsabal bainistíochta a úsáideann an gnóthas i gcomhair cinnteoireachta. Cuirtear straitéis nó cinntí bainistíochta an ghnóthais chun feidhme le beartas, ar cinntí iad a bhaineann le saincheist inbhuanaitheachta ábhartha. Tá gach beartas faoi chúram duine (daoine) sainithe, sonraítear ann a pheiriméadar feidhme, agus áirítear leis cuspóir amháin nó níos mó (nasctha nuair is infheidhme maidir le spriocanna intomhaiste). Cuirtear beartas chun feidhme trí ghníomhaíochtaí nó pleananna gníomhaíochta. Mar shampla, is féidir nach bhfuil ach beagán beartas (nó beartais ar bith) ag na gnóthais a bhfuil níos lú acmhainní acu, atá ceaptha ar bhonn foirmiúil i ndoiciméid scríofa, ach ní hionann é sin agus a rá nach bhfuil beartais ar bith acu. I gcás nach bhfuil beartas curtha ar bun ar bhonn foirmiúil ag an ngnóthas go fóill, ach ina bhfuil gníomhartha curtha chun feidhme nó spriocanna sainithe aige trína bhféachann an gnóthas le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta, nochtfaidh sé iad.
Dramhaíl radaighníomhach	Aon ábhar radaighníomhach i bhfoirm ghásach, leachtach nó sholadach, nach bhfuil aon úsáid bhreise beartaithe dóibh, de réir Airteagal 3(7) de Threoir 2011/70/Euratom ón gComhairle ⁽¹⁾ .
Timpiste intaifeadta a bhaineann leis an obair / Gortú nó drochshláinte intaifeadta a bhaineann leis an obair	Is éard is timpiste a bhaineann leis an obair ann teagmhas as a dtagann díobháil fhisiceach nó mheabhrach, a mbíonn gortú nó drochshláinte mar thoradh air sa deireadh. Tarlaíonn sé le linn gníomhaíochtaí ceirde nó le linn an ama a chaitear i mbun oibre. Ciallaíonn intaifeadta go bhfuil sé diagnóisithe ag liachleachtóir nó ag gairmithe cúraim sláinte ceadúnaithe eile. Gortú nó drochshláinte intaifeadta a bhaineann leis an obair as a leanann aon cheann de na nithe seo a leanas: bás, laethanta as láthair ón obair, obair shrianta nó aistriú chuig post eile, cóir leighis seachas garchabhair, nó cailliúint comhfheasa. Is iondúil nach intaifeadta iad na gortuithe nach gá cóir leighis a thabhairt dóibh seachas an gharchabhair féin.
Athchúrsáil	Aon oibríocht aisghabhála ina ndéantar ábhair dhramhaíola a athphróiseáil ina dtáirgí, ina n-ábhair nó ina substaintí, chun na gcríoch bunaidh nó chun críoch eile. Áirítear air sin ábhair orgánacha a athphróiseáil ach ní áirítear air aisghabháil fuinnimh ná ábhar a athphróiseáil ina n-ábhair atá le húsáid mar bhreosla nó le haghaidh oibríochtaí aislíonta.
Fuinneamh In-athnuaite	Fuinnimh as foinsí neamhiontaise in-athnuaite, is é sin fuinneamh gaoithe, grianfhuinneamh (grianfhuinneamh teirmeach agus grianfhuinneamh fótavoltach) agus fuinneamh geoiteirmeach, fuinneamh comhthimpeallach, fuinneamh taoide, fuinneamh tonnta agus fuinneamh aigéin eile, hidreachumhacht, bithmhais, gás láithreáin líonta, gás ó ghléasra cóireála séarachais, agus bithghás ⁽²⁾ .
Limistéar séalaithe	Ciallaíonn 'limistéar séalaithe' aon limistéar ina bhfuil an ithir bhunaidh cumhdaithe (le bóithre mar shampla), sa chaoi nach bhfuil an ithir neamhscagach a thuilleadh. D'fhéadfadh an easpa tréscailteachta sin tionchair chomhshaoil a chruthú.
Faisnéis íogair	Faisnéis íogair mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta. Ciallaíonn 'faisnéis íogair' faisnéis agus sonraí, lena n-áirítear faisnéis rúnaicmithe, atá le cosaint ar rochtain nó nochtadh neamhúdaraíthe mar gheall ar oibleagáidí arna leagan síos i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta nó atá le cosaint ar mhaithe le príobháideachtas nó slándáil duine nádúrtha nó duine dlítheanach a chosaint.
Suíomh	Suíomh ina bhfuil suiteáil fhisiceach amháin nó níos mó. Má tá níos mó ná suiteáil fhisiceach amháin ann ó na húinéirí nó ó na hoibreoirí céanna nó éagsúla agus má roinntear bonneagar agus saoráidí áirithe, féadfaidh an limistéar iomlán ina bhfuil an tsuiteáil fhisiciúil suite a bheith ina láithreán.
Spriocanna	Spriocanna atá intomhaiste, dírithe ar thorthaí agus faoi cheangal ama a bhféachann an FBM lena mbaint amach i ndáil le saincheisteanna inbhuanaitheachta. Féadfaidh an FBM iad a shocrú go deonach nó féadfar iad a dhíorthú ó cheanglais dlí atá ar an ngnóthas.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Tréimhsí ama	Le linn dó a thuarascáil inbhuanaitheachta a ullmhú, glacfaidh an gnóthas na hamlínthe seo a leanas: (a) don tréimhse ama ghearrthéarmach, 1 bhliain amháin; (b) don tréimhse ama mheántéarmach, idir 2 agus 5 bliana; agus (c) don tréimhse ama fhadtéarmach, níos mó ná 5 bliana.
Oiliúint	Tionscnaimh a chuireann an gnóthas i bhfeidhm a fhéachann le scileanna agus eolas a oibríthe dílse a choinneáil ar bun agus/nó a fheabhsú. Is féidir modheolaíochtaí éagsúla a áireamh inti, amhail oiliúint ar an láthair, agus oiliúint ar líne.
Slabhra Luacha	An raon iomlán gníomhaíochtaí, acmhainní agus gaolmhaireachtaí a bhaineann le samhail ghnó an ghnóthais agus an timpeallacht sheachtrach ina bhfeidhmíonn sé. Cuimsítear le slabhra luacha na gníomhaíochtaí, acmhainní agus gaolmhaireachtaí a úsáideann an gnóthas agus a mbíonn sé ag brath orthu chun a tháirgí nó as sheirbhísí a chruthú idir thionscnamh go seachadadh, idiú agus deireadh ré. Áirítear le gníomhaíochtaí, acmhainní agus gaolmhaireachtaí ábhartha: a) iad siúd in oibríochtaí dílse an ghnóthais, amhail acmhainní daonna; b) iad siúd feadh a bhealaí soláthair, margaíochta agus dáilte, amhail ábhair agus foinsí seirbhíse agus díol agus seachadadh táirgí agus seirbhísí; agus c) na timpeallachtaí maoiniúcháin, geografacha, geopholaitiúla agus rialála ina n-oibríonn an gnóthas. Áirítear le slabhra luacha gníomhaithe atá réamhtheachtach agus iarthachtach ón ngnóthas. Gníomhaithe atá réamhtheachtach ón ngnóthas (e.g. soláthraí), soláthraíonn siad táirgí nó seirbhísí a úsáidtear chun táirgí nó seirbhísí an ghnóthais a fhorbairt. Faigheann eintitis atá iarthachtach ón ngnóthas (e.g. dáileoirí, custaiméirí) táirgí nó seirbhísí ón ngnóthas.
Pá	Pá comhiomlán, gan comhpháirteanna athraitheacha amhail pá ragoibre agus dreasachta a áireamh, agus gan liúntais a áireamh ach amháin má tá siad ráthaithe.
Tomhaltas uisce	An méid uisce a tharraingítear isteach faoi theorainneacha an ghnóthais (nó na saoráide) agus nach sceitear ar ais sa timpeallacht uisce nó chuig tríú páirtí le himeacht na tréimhse tuairiscithe.
Asbhaint uisce	Suim an uisce uile a tharraingítear isteach faoi theorainneacha an ghnóthais as gach foinse le haghaidh aon úsáid le himeacht na tréimhse tuairiscithe.
Oibrí sa slabhra luacha	Duine aonair a fheidhmíonn obair i slabhra luacha gnóthais, gan beann ar ghaolmhaireacht chonarthaigh a bheith ann leis an ngnóthas nó cineál na gaolmhaireachta sin. In ESRS, raon feidhme na n-oibríthe sa slabhra luacha áirítear na hoibríthe uile i slabhra luacha réamhtheachtach agus iarthachtach an ghnóthais a bhfuil tionchar ábhartha ag an ngnóthas orthu nó a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith ag an ngnóthas orthu. Áirítear orthu sin tionchair atá nasctha le hoibríochtaí dílse an ghnóthais, agus leis an slabhra luacha, lena n-áirítear trína chuid táirgí nó seirbhísí, agus trína ghaolmhaireachtaí gnó. Áirítear orthu sin na hoibríthe uile nach dtagann faoi raon feidhme 'Lucht Saothair Dílis' (áirítear le 'Lucht saothair dílis' daoine atá i ngaolmhaireacht fostaíochta leis an ngnóthas ('fostaithe') chomh maith le neamhfhostaithe ar conraitheoirí aonair iad a sholáthraíonn saothar don ghnóthas ('daoine féinfhostaithe') nó daoine arna soláthar ag gnóthais a bhíonn ag gabháil go príomha do ghníomhaíochtaí fostaíochta). (Cód NACE O78).

(¹) Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle an 19 Iúil 2011 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le bainistíocht fhreagrach agus shábháilte breosla spionta agus dramhaíola radaighníomhaí.

(²) Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

Foscúibhinn B:

Liosta de shaincheisteanna inbhuanaitheachta féideartha

Is dlúthchuid den Chaighdeán í an fhoscúibhinn thíos agus soláthraítear léi liosta de shaincheisteanna inbhuanaitheachta féideartha.

Topaic	Saincheist inbhuanaitheachta: Fothopaic	Saincheist inbhuanaitheachta: fo-fho-ábhar
Athrú aeráide	— Oiriúnú don athrú aeráide — Maolú ar an athrú aeráide — Fuinneamh	
Truailliú	— Truailliú aeir — Truailliú uisce — Truailliú ithreach — Truailliú orgánach beo agus acmhainní bia — Substaintí ar dfól imní iad — Substaintí ar ábhar mór imní iad — Miceaphlaistigh	
Uisce agus acmhainní muirí	— Uisce — Acmhainní muirí	— Tomhaltas uisce — Asbhaintí uisce — Sceití uisce — Sceití uisce sna haigéin — Acmhainní muirí a bhaint agus a úsáid
Bithéagsúlacht agus éiceachórais	— Spreagthaí tionchair dhírigh na cailliúna bithéagsúlachta	— Athrú Aeráide — Athrú ar thalamhúsáid, athrú ar úsáid fionnuisce agus athrú ar úsáid na farraige — Saothrú díreach — Speicis choimhthíocha ionracha — Truailliú — Eile
	— Tionchair ar staid speiceas	— Samplaí: — Méid dhaonra na speiceas — Baol díothaithe domhanda speicis
	— Tionchair ar fhairsinge agus ar riocht na n-éiceachóras	— Samplaí: — Díghrádú talún — Fású — Séalú ithreach
	— Tionchair agus spleáchais ar sheirbhísí éiceachórais	
Geilleagar Ciorclach	— Insreafaí acmhainní, lena n-áirítear úsáid acmhainní — Eis-sreafaí acmhainní a bhaineann le táirgí agus seirbhísí — Dramhaíl	
Lucht saothair dílis	— Coinníollacha oibre	— Fostaíocht shlán — Am oibre — Pá leordhóthanach — Idirphlé sóisialta — Saoirse comhlachais, comhairlí oibreacha a bheith ann agus cearta oibríthe maidir le faisnéis, comhairliúchán agus rannpháirtíocht — Cómhargáil, lena n-áirítear an ráta oibríthe atá cumhdaithe ag comhaontuithe comhchoiteanna

Topaic	Saincheist inbhuanaitheachta: Fothopaic	Saincheist inbhuanaitheachta: fo-fho-ábhar
		— Cothromaíocht oibre agus saoil — Sláinte agus sábháilteacht
	— Cóir chomhionann agus deiseanna comhionanna do chách	— Comhionannas inscne agus pá comhionann as obair chomhionann — Forbairt oiliúna agus scileanna — Fostaíocht agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas — Bearta in aghaidh foréigin agus ciaptha san ionad oibre — Éagsúlacht
	— Cearta eile a bhaineann le saol na hoibre	— Saothar leanaí — Saothar éignithe — Tithíocht leordhóthanach — Príobháideachas
Oibrithe sa slabhra luacha	— Coinníollacha oibre	— Fostaíocht shlán — Am oibre — Pá leordhóthanach — Idirphlé sóisialta — Saoirse comhlachais, lena n-áirítear comhairlí oibre a bheith ann — Cómhargáil — Cothromaíocht oibre agus saoil — Sláinte agus sábháilteacht
	— Cóir chomhionann agus deiseanna comhionanna do chách	— Comhionannas inscne agus pá comhionann as obair chomhionann — Forbairt oiliúna agus scileanna — Fostaíocht agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas — Bearta in aghaidh foréigin agus ciaptha san ionad oibre — Éagsúlacht
	— Cearta eile a bhaineann le saol na hoibre	— Saothar leanaí — Saothar éignithe — Tithíocht leordhóthanach — Uisce agus sláintíocht — Príobháideachas
Pobail dá ndéantar difear	— Cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha pobal	— Tithíocht leordhóthanach — Bia leordhóthanach — Uisce agus sláintíocht — Tionchair a bhaineann le talamh — Tionchair a bhaineann le slándáil
	— Cearta sibhialta agus polaitiúla pobal	— Saoirse cainte — Saoirse comhthionóil — Tionchair ar chosantóirí chearta an duine
	— Cearta na bpobal dúchasach	— Toiliú saor, roimh ré agus eolasach — Féinchinntiúchán — Cearta cultúrtha

Topaic	Saincheist inbhuanaitheachta: Fothopaic	Saincheist inbhuanaitheachta: fo-fho-ábhar
Tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh	— Tionchair a bhaineann le faisnéis do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí deiridh	— Príobháideachas — Saoirse cainte — Rochtain ar fhaisnéis (cháilíochta)
	— Sábháilteacht phearsanta tomhaltóirí agus/nó úsáideoirí deiridh	— Sláinte agus sábháilteacht — Slándáil duine — Cosaint leanaí
	— Cuimsiú sóisialta tomhaltóirí agus/nó úsáideoirí deiridh	— Neamh-idirdhealú — Rochtain ar tháirgí agus seirbhísí — Cleachtais margaíochta fhreagracha
Iompar gnó	— Cultúr corparáideach — Sceithirí a chosaint — Leas ainmhithe — Rannpháirtíocht pholaitiúil — Bainistíocht ar ghaolmhaireachtaí le soláthróirí lena n-áirítear cleachtais fócaíochta	
	— Éilliú agus breabaireacht	— Cosc agus brath lena n-áirítear oiliúint — Teagmhais

Foscúbhinn C:

Faisnéis chúlra le haghaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ar úsáideoirí na faisnéise a léirítear leis an gCaighdeán seo iad (réiteach le rialacháin eile an Aontais Eorpaigh)

66. Tá an fhoscúbhinn ábhartha d'úsáideoirí na tuarascála inbhuanaitheachta. Léirítear sa tábla thíos Pointí Sonraí Airgeadais Inbhuanaithe atá i láthair i modúil dhifriúla den Chaighdeán seo lena gcomhlíontar iarrataí ó chineálacha iolracha úsáideoirí (bainc, infheisteoirí, gnóthais mhóra).
67. Sa cholún 'Uimhir agus Teideal DR' na nochtaí atá i láthair sna modúil dhifriúla (i.e. Bunmhodúl, agus Modúl Cuimsitheach) ar pointí sonraí Airgeadais Inbhuanaithe iad. Sa cholún Tábla 1 RNAI agus/nó Colún 3 ÚBE agus/nó an Rialachán maidir le Tagarmharcanna, léirítear an chaoi a mbaineann na nochtaí sin leis na rialacháin sin atá ábhartha d'úsáideoirí na tuarascála inbhuanaitheachta (bainc, infheisteoirí eile).

Topaic: Comhshaol / Sóisialta / Rialachas	Uimhir agus Teideal DR	Tábla 1 RNAI agus/nó Colún 3 ÚBE agus/nó Rialachán maidir le Tagarmharcanna			
Bunmhodúl					
Faisnéis ghinearálta	B1 – An Bunús leis an ullmhú Nochtfaidh an gnóthas an méid seo a leanas: vii. geoshuíomh láithreán atá faoina úinéireacht, atá ar léas aige nó a bhainistíonn sé.	Colún 3 ÚBE ⁽¹⁾			
Comhshaol	B3 – Fuinneamh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa Nochtfaidh an gnóthas a ídiú fuinnimh iomlán in MWh, le miondealú de réir an tábla thíos, más féidir leis an fhaisnéis riachtanach a fháil chun miondealú den sórt sin a chur ar fáil:	RNAI ⁽²⁾			
			In-athnuaite	Neamh-inathnuaite	Iomlán
	Leictreachas (mar a léirítear i mbillí fóntais)				
	Breoslaí				
Comhshaol	B3 – Fuinneamh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa Nochtfaidh an gnóthas a <i>astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT)</i> measta i dtonaí coibhéiseacha CO ₂ (tCO ₂ eq) i bhfianaise inneachar Chaighdeán Corparáideach Phrótacal GCT (leagan 2004), lena n-áirítear an méid seo a leanas: (a) astaíochtaí GCT Raon feidhme 1 i dtonaí coibhéiseacha tCO₂(ó fhoinsí faoi úinéireacht nó rialaithe); agus (b) astaíochtaí suíomhbhunaithe Raon feidhme 2 i dtonaí coibhéiseacha tCO₂ (i.e. astaíochtaí ó ghiniúint an fhuinnimh cheannaithe, amhail leictreachas, teas, gal nó fuarú).	RNAI ⁽³⁾ Tagarmharc ⁽⁴⁾			
Comhshaol	B3 – Fuinneamh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa Nochtfaidh an gnóthas a dhéine GCT arna ríomh trí ‘astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa (GCT)’ a nochtar faoi mhír 30 ar ‘láimhdeachas (in aonaid airgeadaíochta)’ a nochtar faoi mhír 24(e)(iv).	RNAI ⁽⁵⁾ Tagarmharc ⁽⁶⁾			

Topaic: Comhshaol / Sóisialta / Rialachas	Uimhir agus Teideal DR	Tábla 1 RNAI agus/nó Colún 3 ÚBE agus/nó Rialachán maidir le Tagarmharcanna
Comhshaol	B4 – Truailliú an aeir, an uisce agus na hithreach Má cheanglaítear ar an ngnóthas de réir an dlí nó rialacháin náisiúnta eile a chuid astaíochtaí truaileán a thuairisciú d'údaráis inniúla, nó má thuairiscítear go deonach iad de réir Córas Bainistíochta Comhshaol, nochtfaidh sé na truaileáin a astaíonn sé san aer, san uisce agus san ithir mar chuid dá oibríochtaí féin, leis an méid faoi seach do gach truaileán. Má tá an fhaisnéis ar fáil go poiblí cheana féin, mar mhalairt rogha féadfaidh an gnóthas tagairt a dhéanamh don doiciméad ina dtuairiscítear é, mar shampla, tríd an nasc ábhartha URL a chur ar fáil nó trí hipearnasc a leabú.	RNAI ⁽⁷⁾
Comhshaol	B5 – Bithéagsúlacht Nochtfaidh an gnóthas líon agus achar (i heicteáir) na láithreán atá faoina úinéireacht, atá ar léas aige, nó a bhainistíonn sé taobh istigh de limistéar atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó gar don limistéar sin.	RNAI ⁽⁸⁾
Comhshaol	B7 – Úsáid acmhainní, geilleagar ciorclach agus bainistiú dramhaíola Nochtfaidh an gnóthas an méid seo a leanas: (a) an méid bliantúil iomlán dramhaíola arna mhiondealú de réir cineáil (neamhghuaiseach agus guaiseach);	RNAI ⁽⁹⁾
Sóisialta	B9 – Lucht saothair – Sláinte agus sábháilteacht Nochtfaidh an gnóthas an fhaisnéis seo a leanas maidir lena chuid fostaithe : (a) an líon agus an ráta timpistí intaifeadta a bhaineann leis an obair ; agus (b) an líon básanna de thoradh gortuithe atá bainteach leis an obair agus drochshláinte atá bainteach leis an obair.	RNAI ⁽¹⁰⁾ Tagarmharc ⁽¹¹⁾
Sóisialta	B10 – Lucht saothair – Luach saothair, cómhargáil agus oiliúint Nochtfaidh an gnóthas an méid seo a leanas: (b) céatadán na bearna pá idir a chuid fostaithe baineanna agus fireanna. Féadfaidh an gnóthas an nochtadh sin a fhágáil ar lár nuair a bhíonn a líon fostaithe faoi bhun 150 fostaí, agus é á thabhairt dá aire aige go laghdófar an tairseach sin chuig 100 fostaí ón 7 Meitheamh 2031;	RNAI ⁽¹²⁾
Rialachas	B11 – Ciontuithe agus fineálacha mar gheall ar éilliú agus breabaireacht I gcás ciontuithe agus fineálacha sa tréimhse tuairiscithe, nochtfaidh an gnóthas an líon ciontuithe, agus an méid iomlán fineálacha arna dtabhú as dlíthe frith-éillithe agus frith-bhreabaireachta a shárú.	Tagarmharc ⁽¹³⁾
Modúl Cuimsitheach		
Comhshaol	Ábhar machnaimh agus tuairisciú á dhéanamh ar astaíochtaí GCT faoi B3 (Bunmhodúl) Agus a chuid astaíochtaí Raon feidhme 1 agus Raon feidhme 2 á dtuairisciú ag an ngnóthas, má nochtann sé faisnéis atá sonrach don eintiteas faoina chuid astaíochtaí Raon feidhme 3, cuirfidh sé i láthair í in éineacht leis an bhfaisnéis is gá faoi B3 – Fuinneamh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa.	RNAI ⁽¹⁴⁾ Tagarmharc ⁽¹⁵⁾

Topaic: Comhshaol / Sóisialta / Rialachas	Uimhir agus Teideal DR	Tábla 1 RNAI agus/nó Colún 3 ÚBE agus/nó Rialachán maidir le Tagarmharcanna
Comhshaol	C3 – Sprioc laghdaithe astaíochtaí GCT Má tá spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT bunaithe ag an ngnóthas, nochtfaidh sé a spriocanna i bhfoirm dearbhluachanna le haghaidh astaíochtaí Raon feidhme 1 agus Raon feidhme 2. I gcomhréir le míreanna 50 go 53 thuas, agus má tá spriocanna laghdaithe Raon feidhme 3 socraithe aige, cuirfidh an gnóthas spriocanna ar fáil freisin le haghaidh astaíochtaí suntasacha Raon feidhme 3. Go háirithe, cuirfidh sé an méid seo a leanas ar fáil: (a) an spriocbhliain agus an luach don spriocbhliain; (b) an bhonnbhliain agus an luach don bhonnbhliain; (c) na haonaid a úsáideadh do na spriocanna; (d) an sciar de Raon feidhme 1, Raon feidhme 2 agus, má nochtar é, Raon feidhme 3 lena mbaineann an sprioc; agus (e) liosta príomhghníomhartha a fhéachann sé lena gcur chun feidhme lena spriocanna a bhaint amach. Más rud é go bhfuil plean aistrithe maidir le maolú ar an athrú aeráide glactha ag an ngnóthas a oibríonn in earnálacha ag a tionchar mór ar an aeráid ⁽¹⁶⁾, féadfaidh sé faisnéis a chur ar fáil ina leith, lena n-áirítear míniú ar an gcaoi a bhfuil sé ag rannchuidiú chun a chuid astaíochtaí GCT a laghdú. I gcás ina n-oibríonn an gnóthas in earnálacha ag a bhfuil tionchar mór ar an aeráid agus nach bhfuil plean aistrithe maidir le maolú ar an athrú aeráide i bhfeidhm aige, tabharfaidh sé le fios an bhfuil sé i gceist aige plean aistrithe den sórt sin a ghlacadh, agus má tá, an uair a ghlacfaidh sé plean den sórt sin.	RNAI ⁽¹⁷⁾ Tagarmharc ⁽¹⁸⁾ Colún 3 ÚBE ⁽¹⁹⁾ Tagarmharc ⁽²⁰⁾
Comhshaol	C4 – Rioscaí aeráide Má tá guaiseacha a bhaineann leis an aeráid agus teagmhais aistrithe a bhaineann leis an aeráid sainaitheanta ag an ngnóthas, rud a chruthóidh rioscaí comhlána atá bainteach leis an aeráid don ghnóthas, déanfaidh sé an méid seo a leanas: (a) tuairisc ghairid a thabhairt ar na guaiseacha sin a bhaineann leis an aeráid agus ar na teagmhais aistrithe sin a bhaineann leis an aeráid; (b) an chaoi a ndearna sé measúnú ar neamhchosaint agus íogaireacht a chuid sócmhainní, gníomhaíochtaí agus slabhra luacha ar na guaiseacha agus teagmhais aistrithe sin a nochtadh; (c) na tréimhsí ama d'aon ghuaise a bhaineann leis an aeráid agus d'aon teagmhas aistrithe arna sainithint a nochtadh; agus (d) cé acu atá nó nach bhfuil gníomhartha oiriúnaithe don athrú aeráide déanta aige le haghaidh aon ghuaise a bhaineann leis an aeráid agus teagmhais aistrithe a nochtadh. Féadfaidh an gnóthas tionchair dhiúltacha fhéideartha na rioscaí aeráide a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá fheidhmíocht airgeadais nó dá oibríochtaí gnó sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma a nochtadh, agus a thabhairt le fios an measann sé na rioscaí a bheith ina rioscaí arda, meánacha nó ísle.	Tagarmharc ⁽²¹⁾ Colún 3 ÚBE ⁽²²⁾

Topaic: Comhshaol / Sóisialta / Rialachas	Uimhir agus Teideal DR	Tábla 1 RNAI agus/nó Colún 3 ÚBE agus/nó Rialachán maidir le Tagarmharcanna
Sóisialta	C6 – Faisnéis bhreise maidir lena lucht saothair féin - Beartais agus próisis um chearta an duine Nochtfaidh an gnóthas freagra ar na ceisteanna seo a leanas: (a) An bhfuil cód iompair nó beartas um chearta an duine ag an ngnóthas dá lucht saothair féin? (TÁ/NÍL) (b) Má tá, an bhfuil an méid seo a leanas cumhdaithe leis sin: - saothar leanaí (TÁ/ NÍL); - saothar éignithe (TÁ/ NÍL); - gáinneáil ar dhaoine (TÁ/NÍL); - idirdhealú (TÁ/NÍL); - timpistí a chosc (TÁ/NÍL); nó - eile? (TÁ/NÍL – má tá, sonraigh). An bhfuil sásra láimhseála gearán ag an ngnóthas dá lucht saothair féin? (TÁ/ NÍL)	Tagarmharc ⁽²³⁾ RNAI ⁽²⁴⁾
Sóisialta	C7 – Teagmhais ghéara do chearta an duine Nochtfaidh an gnóthas freagra ar na ceisteanna seo a leanas: (a) An bhfuil teagmhais dheimhnithe ag an ngnóthas dá lucht saothair féin a bhaineann leis an méid seo a leanas: - saothar leanaí (TÁ/ NÍL); - saothar éignithe (TÁ/ NÍL); - gáinneáil ar dhaoine (TÁ/ NÍL); - idirdhealú (TÁ/ NÍL); nó - eile? (TÁ/NÍL – má tá, sonraigh). (b) Má tá, féadfaidh an gnóthas tuairisc a thabhairt ar na gníomhartha a bhfuiltear á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na teagmhais ar a dtugtar tuairisc thuas. An feasach don ghnóthas faoi aon teagmhas deimhnithe a bhain le hoibrithe sa slabhra luacha, pobail dá ndéantar difear, tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh? Má tá, sonraigh é.	RNAI ⁽²⁵⁾ Tagarmharc ⁽²⁶⁾
Rialachas	C8 – Ioncaim ó earnálacha áirithe agus eisiamh ó thagarmharcanna tagartha an Aontais Eorpaigh Má bhíonn an gnóthas gníomhach i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha seo a leanas, nochtfaidh sé a ioncaim ghaolmhara san earnáil (sna hearnálacha): (a) airm chonspóideacha (mianaigh frithphearsanra, cnuas-mhuinisin, airm cheimiceacha agus airm bhitheolaíocha);	RNAI ⁽²⁷⁾ Tagarmharc ⁽²⁸⁾

Topaic: Comhshaol / Sóisialta / Rialachas	Uimhir agus Teideal DR	Tábla 1 RNAI agus/nó Colún 3 ÚBE agus/nó Rialachán maidir le Tagarmharcanna
	(b) saothrú agus táirgeadh tobac;	Colún 3 ÚBE ⁽²⁹⁾ Tagarmharc ⁽³⁰⁾
	(c) an earnáil breoslaí iontaise (gual, ola agus gás) (i.e. díorthaíonn sé ioncam ó thaiscéalaíocht, mianadóireacht, eastóscadh, táirgeadh, próiseáil, stóráil, scagadh nó dáileadh, lena n-áirítear iompar, stóráil agus trádáil, breoslaí iontaise mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (62), de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ¹⁷), lena n-áirítear dí-chomhbhailiú ioncam a dhíorthaítear as an ngual, ola agus gás); nó	RNAI ⁽³¹⁾ Colún 3 ÚBE ⁽³²⁾ Tagarmharc ⁽³³⁾
	(d) táirgeadh ceimiceán, más monaróir lotnaidicídí agus táirgí eile agraiceimiceacha é an gnóthas.	RNAI ⁽³⁴⁾ Colún 3 ÚBE ⁽³⁵⁾
	Nochtfaidh an gnóthas an bhfuil sé eisiata ó aon tagarmharc tagartha de chuid an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras mar a thuairiscítear i mír 177 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Moladh seo.	Colún 3 ÚBE ⁽³⁶⁾ Tagarmharc ⁽³⁷⁾
Rialachas	C9 – Cóimheas éagsúlachta inscne sa chomhlacht rialachais Má tá comhlacht rialachais i bhfeidhm ag an ngnóthas, nochtfaidh an gnóthas an cóimheas gaolmhar éagsúlachta inscne.	Tagarmharc ⁽³⁸⁾ RNAI ⁽³⁹⁾

⁽¹⁾ Tá an ceanglas seo maidir le nochtadh i gcomhréir leis na ceanglais a áirítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2453 ón gCoimisiún - Teimpléad 5: Leabhar baincéireachta - Riosca fisiceach a bhaineann leis an athrú aeráide: Neamhchosaintí faoi réir riosca fisiceach.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2019/2088 (RNAI), táscaire éigeantach #5 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I ('Sciar an ídithe agus an táirgthe fuinnimh neamh-inathnuaite').

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2019/2088 (SFDR), táscairí éigeantacha #1 agus #2 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I ('astaíochtaí GCT'; Lorg carbóin').

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2020/1816 Rialachán Tagarmharcanna, Airteagail 5 (1), 6 agus 8 (1).

⁽⁵⁾ Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire sainordaitheach a bhaineann leis na drochthionchair phríomha a leagtar amach le táscaire #3 i dTábla I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún maidir le rialacha nochta i ndáil le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Déine GCT institiúidí infheistiúcháin').

⁽⁶⁾ Tá an fhaisnéis sin ailínithe le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún (an Rialachán maidir le Tagarmharcanna Aeráide), Airteagal 8 (1).

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2019/2088 (RNAI) toisc go n-eascraíonn sé as (a) táscaire breise atá bainteach le drochthionchair phríomha a leagtar amach le táscaire #2 i dTábla II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún maidir le rialacha nochta i ndáil le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Astaíochtaí truailléan aeir'); (b) táscaire #8 i dTábla I d'Iarscríbhinn I ('Astaíochtaí chun uisce'); (c) táscaire #1 i dTábla II d'Iarscríbhinn I ('Astaíochtaí truailléan neamhorgánach'); agus (d) táscaire #3 i dTábla II d'Iarscríbhinn I ('Astaíochtaí substaintí ídithe ózóin').

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) 2019/2088 (RNAI), táscaire éigeantach #7 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I ('Gníomhaíochtaí a dhéanann difear diúltach do limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de').

⁽⁹⁾ Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire sainordaitheach a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #9 i dTábla I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Cóimheas idir dramhaíl ghuaiseach agus dramhaíl radaighníomhach').

⁽¹⁰⁾ Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais faoi réir **Rialachán (AE) 2019/2088**, mar léiriú ar tháscaire breise a bhaineann leis na drochthionchair phríomha a leagtar amach le **táscaire #2 i dTábla 3** d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe gaolmhar a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le nochtadh i ndáil le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('An ráta timpistí').

- (¹¹) Nochtfaidh riarthóirí tagarmharcanna tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais atá faoi réir Rialachán (AE) 2020/1816 mar a leagtar amach leis an táscaire 'Meán-chóimheas ualaithe idir timpistí, gortuithe agus básanna' i ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn 2.
- (¹²) Rialachán (AE) 2019/2088 (RNAI), táscaire éigeantach #12 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn 1 ('Bearna neamhchoigeartaithe phá idir na hinscní') agus Rialachán (AE) 2020/1816 maidir le Tagarmharcanna, 'Meán ualaithe na bearna pá idir na hinscní' i ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn II.
- (¹³) Rialachán (AE) 2020/1816 maidir le Tagarmharcanna, an táscaire 'Líonta ciontuithe agus an méid fíneálacha mar gheall ar sháruithe dlíthe frithéillithe agus frithbhreabaireachta' i ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn II.
- (¹⁴) Rialachán (AE) 2019/2088 (RNAI), táscaire éigeantach #1 agus #2 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I ('astaíochtaí GCT'; Lorg carbóin')
- (¹⁵) Rialachán (AE) 2020/1816, an Rialachán maidir le Tagarmharcanna, Airteagail 5 (1), 6 agus 8 (1).
- (¹⁶) Na hearnálacha a liostaítear i Ranna A go H agus Roinn M de NACE mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137, sin iad na hearnálacha ag a bhfuil tionchar mór ar an aeráid.
- (¹⁷) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 (RNAI) toisc go n-eascaíonn sí as táscaire breise a bhaineann leis na drochthionchair phríomha a leagtar amach le táscaire #4 i dTábla II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún maidir le rialacha nochta i ndáil le hinfeistíochtaí inbhuanaithe ('Infheistíochtaí i gcuideachtaí nach bhfuil tionscnaimh laghdaithe astaíochtaí carbóin acu')
- (¹⁸) Tá an fhaisnéis sin ailínithe le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún (an Rialachán maidir le Tagarmharcanna Aeráide), Airteagal 6.
- (¹⁹) Tá an fhaisnéis seo ailínithe le hAirteagal 449a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2453 ón gCoimisiún, Teimpléad 3: Leabhar baincéireachta - Riosca aistrithe maidir leis an athrú aeráide: méadracht ailínithe
- (²⁰) Tá an fhaisnéis sin ailínithe le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Dlí Aeráide an Aontais), Airteagal 2(1); agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún (an Rialachán maidir le Tagarmharcanna Aeráide), Airteagal 2.
- (²¹) Rialachán (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún maidir le Tagarmharcanna, Iarscríbhinn II: Tosca comhshaoil atá le breithniú ag bunsócmhainní an tagarmhairc.
- (²²) Colún 3 ÚBE: ITS - Teimpléad 5: Leabhar baincéireachta - Riosca fisiceach a bhaineann leis an athrú aeráide: Neamhchosaintí faoi réir riosca fisiceach agus Colún 3 ÚBE: ITS - Teimpléad 2: Leabhar baincéireachta - Riosca aistrithe maidir leis an athrú aeráide: lasachtaí arna gcomhthaobhú le maoin dhochorraithe - Éifeachtúlacht fuinnimh na comhthaobhachta.
- (²³) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais riarthóirí tagarmharcanna tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais a nochtadh faoi réir Rialachán (AE) 2020/1816 mar a leagtar amach leis an táscaire 'Neamhchosaint na punainne tagarmhairc do chuideachtaí nach bhfuil beartais dichill chuí acu a dtugtar aghaidh orthu le Coinbhinsiún bhunúsacha 1 go 8 de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair' i ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn II.
- (²⁴) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascaíonn sí as táscaire sainordaitheach a bhaineann leis na drochthionchair phríomha a leagtar amach le táscaire #11 i dTábla I d'Iarscríbhinn I ('Sciar d'infheistíochtaí in institiúidí infheistiúcháin nach bhfuil beartais acu le faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht le príonsabail UNGC nó le Treoirlínte ECFE le haghaidh Fiontair Ilnáisiúnta nó sásraí láimhseála casaoidí/gearán chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe de phríonsabail UNGC nó Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta') agus le táscaire #5 i dTábla III d'Iarscríbhinn I ('Sciar na n-infheistíochtaí in institiúidí infheistiúcháin nach bhfuil aon sásra láimhseála casaoidí/gearán atá bainteach le cúrsaí fostaithe') agus le táscaire #9 i dTábla III d'Iarscríbhinn I ('Sciar na n-infheistíochtaí in eintitis nach bhfuil beartas chearta an duine acu') a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún maidir le rialacha nochta i ndáil le hinfeistíochtaí inbhuanaithe.
- (²⁵) Tacaíonn an fhaisnéis seo le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascaíonn sí as táscaire sainordaitheach breise a bhaineann leis na drochthionchair phríomha a leagtar amach le táscaire #10 i dTábla I d'Iarscríbhinn I, agus le táscaire #14 i dTábla III d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún maidir le rialacha nochta i ndáil le hinfeistíochtaí inbhuanaithe ('Sáruithe ar phríonsabail UNGC agus treoirlínte ECFE le haghaidh Fiontair Ilnáisiúnta' agus 'An líon cásanna sainaitheanta de shaincheisteanna agus teagmhais thromchúiseacha maidir le cearta an duine')
- (²⁶) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise na riarthóirí tagarmharcanna chun fachtóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais a nochtadh faoi réir Rialachán (AE) 2020/1816 mar a leagtar amach leis an táscaire 'Líon comhpháirteanna an tagarmhairc atá faoi réir sáruithe sóisialta (dearbhlíon agus líon coibhneasta arna roinnt ar gach comhpháirt tagarmhairc), dá dtagraítear i gconarthaí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta, príonsabail na Náisiún Aontaithe agus, i gcás inarb infheidhme, an dlí náisiúnta' i ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn II.
- (²⁷) Tacaíonn an fhaisnéis seo le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 mar léiriú ar táscaire breise a bhaineann leis na drochthionchair phríomha a leagtar amach le táscaire #14 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i ndáil le hinfeistíochtaí inbhuanaithe ('Neamhchosaint ar armáin chonspóideacha, mianaigh frithphearsanra, cnuas-mhuinisín, armáin cheimiceacha agus armáin bhitheolaíoch' faoi seach').
- (²⁸) Rialachán (AE) 2020/1818 maidir le Tagarmharcanna, Airteagal 12(1): 'Eisiafaidh riarthóirí Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Páras gach ceann de na cuideachtaí seo a leanas ó na tagarmharcanna sin: cuideachtaí atá bainteach in aon ghníomhaíocht atá bainteach le hairm chonspóideacha; agus Rialachán (AE) 2020/1816 maidir le Tagarmharcanna, Iarscríbhinn II: Meánchéatadán ualaithe na gcomhpháirteanna tagarmhairc in earnáil na n-arm chonspóideach.'
- (²⁹) Colún 3 ÚBE: Teimpléad 1: Leabhar baincéireachta - Riosca aistrithe maidir leis an athrú aeráide: Cuideachtaí a mhonaraíonn táirgí tobac a eisiatar ó Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras i gcomhréir le pointí (d) go (g) d'Airteagal 12.1 agus i gcomhréir le hAirteagal 12.2 den Rialachán maidir le Caighdeán Tagarmhairc Aeráide.

-
- (³⁰) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais riarthóirí tagarmharcanna tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais a nochtadh faoi réir Rialachán (AE) 2020/1818 mar a leagtar amach le mír b) d'airteagal 12.1. agus Rialachán (AE) 2020/1816 maidir le Tagarmharcanna, Iarscríbhinn II: 'Meánchéatadán ualaithe na gcomhpháirteanna tagarmharcanna san earnáil tobac.'
- (³¹) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascaíonn sé ó tháscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #4 i dTábla I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i ndáil le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Neamhchosaint ar chuideachtaí atá gníomhach in earnáil na mbreoslaí iontaise').
- (³²) Colún 3 ÚBE: Teimpléad 1: Leabhar baincúireachta - Riosca aistrithe maidir leis an athrú aeráide: Cuideachtaí mianadóireachta agus cairéalachta a eisiatar ó Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras i gcomhréir le pointí (d) go (g) d'Airteagal 12.1 agus i gcomhréir le hAirteagal 12.2 den Rialachán maidir le Caighdeán Tagarmhairc Aeráide.
- (³³) Rialachán (AE) 2020/1818 maidir le Tagarmharcanna, Airteagal 12(1).
- (³⁴) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascaíonn sé ó tháscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #9 i dTábla II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i ndáil le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Infheistíochtaí i gcuideachtaí a tháirgeann ceimiceáin').
- (³⁵) Colún 3 ÚBE: Teimpléad 1: Leabhar baincúireachta - Riosca aistrithe maidir leis an athrú aeráide: Cuideachtaí mianadóireachta agus cairéalachta a eisiatar ó Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras i gcomhréir le pointí (d) go (g) d'Airteagal 12.1 agus i gcomhréir le hAirteagal 12.2 den Rialachán maidir le Caighdeán Tagarmhairc Aeráide.
- (³⁶) Tá an ceanglas seo maidir le nochtadh i gcomhréir leis na ceanglais i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2453 ón gCoimisiún - teimpléad 1 riosca aistrithe maidir leis an athrú aeráide.
- (³⁷) Tá an ceanglas seo maidir le nochtadh ailínithe le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún (an Rialachán maidir le Tagarmharcanna Aeráide), Airteagal 12.1.
- (³⁸) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascaíonn sé ó tháscaire breise a bhaineann leis na drochthionchair phríomha a leagtar amach le táscaire #13 i dTábla I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 an 6 Aibreán 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i ndáil le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Éagsúlacht inscne an Bhoird').
- (³⁹) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise riarthóirí tagarmharcanna tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais a nochtadh faoi réir Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle mar a leagtar amach leis an táscaire 'Meán-chóimheas ualaithe idir comhaltaí boird bainearna agus fireanna' i ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn II.
-

IARSCRÍBHINN II

treoraíocht phraiticiúil a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm an chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dheonaigh le haghaidh gnóthais bheaga agus mheánmhéide atá le fáil in Iarscríbhinn I den Mholadh seo

Leis an Iarscríbhinn seo, soláthraítear treoir phraiticiúil maidir le cur i bhfeidhm an chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dheonaigh le haghaidh gnóthais bheaga agus mheánmhéide (TD-FBM) a leagtar síos in Iarscríbhinn I den Mholadh seo.

Tugtar treoraíocht phraiticiúil san Iarscríbhinn seo lena soiléirítear cur i bhfeidhm ceanglas áirithe maidir le nochtadh inbhuanaitheachta atá le fáil sa chaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta dheonaigh le haghaidh gnóthais bheaga agus mheánmhéide. Féadfaidh gnóthais agus páirtithe leasmhara eile an treoraíocht cur chun feidhme maidir leis an gCaighdeán Eorpach Tuairiscithe Inbhuanaitheachta arna fhoilsiú ag EFRAG a cheadú.

Tríd an treoraíocht atá le fáil san Iarscríbhinn seo a sholáthar, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cur i bhfeidhm na gceanglas maidir le nochtadh ag gnóthais bheaga agus mheánmhéide a éascú ar bhealach costéifeachtach, agus inúsáidteacht agus inchomparáideacht na faisnéise inbhuanaitheachta arna tuairisciú a áirithiú. Trí shoiléireacht agus cinnteacht níos mó a chur ar fáil, rannchuideoidh an treoraíocht seo le cuspóir an Choimisiúin na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a shimpliú agus ualaí riaracháin ar ghnóthais atá bainteach le tuairisciú inbhuanaitheachta a laghdú.

An treoraíocht san Iarscríbhinn seo, ní dhéanann sí na forálacha a leagtar síos sa Mholadh ón gCoimisiún a leathnú ná ní chuireann sí leo ar bhealach ar bith ná sa caighdeán deonach um thuairisciú inbhuanaitheachta le haghaidh micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide in Iarscríbhinn I den Mholadh sin. Níl sé d'aidhm ag an Iarscríbhinn seo ach cúnaimh a thabhairt do ghnóthais le cur chun feidhme praiticiúil na gceanglas ábhartha maidir le nochtadh.

Bunmhodúl: Treoraíocht

1. Tá an treoraíocht atá le fáil sna ranna thíos ceaptha chun cur i bhfeidhm na gceanglas maidir le nochtadh inbhuanaitheachta atá le fáil i míreanna 21 go 43 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta deonach le haghaidh gnóthais bheaga agus mheánmhéide a éascú.
2. Tá an treoraíocht thíos beartaithe mar chuid d'éiceachóras lena bhféadfaí forbairt treoracha tacaíochta breise ag EFRAG a áireamh freisin, uirlisí digiteacha breise agus tacaíocht cur chun feidhme (gníomhaíochtaí oideachasúla, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara) arb éard is aidhm dó tuiscint ar roinnt de na gnéithe teicniúla sa treoraíocht a éascú.
3. Tacaíonn an treoraíocht seo le gnóthais nach mian leo an Bunmhodúl a chur i bhfeidhm.

1.1. Treoraíocht don Bhunmhodúl – Faisnéis ghinearálta

B1 – An Bunús leis an Ullmhú

4. Le linn dó tuairisciú ar fhoirm dhlíthiúil an ghnóthais i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta faoi mhír 24(e)(i), féadfaidh an gnóthas roghnú as ceann amháin de na struchtúir ghnóthais seo a leanas:
 - (a) gnóthas príobháideach faoi dhliteanas teoranta
 - (b) dílseánacht aonair
 - (c) comhpháirtíocht
 - (d) comharchumann
 - (e) eile (sonraigh bunaithe ar shonraíochtaí tíre le haghaidh foirmeacha dlíthiúla).
5. Le linn dó tuairisciú ar chó(i)d NACE an ghnóthais faoi mhír 24(e)(ii), is aicmiúcháin iad cóid NACE (*Nomenclature statistique des activités économiques dans l'Union européenne* [Aicmiú Staidrimh Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha san Aontas Eorpach]) ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a úsáidtear san Aontas Eorpach. Cuirtear creat caighdeánaithe ar fáil leo chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a aicmiú ina n-earnálacha, rud a chumasaíonn inchomparáideacht agus comhthuiscint i measc thíortha éagsúla an Aontais Eorpaigh.

6. Tá an cód NACE comhdhéanta de líon digití idir 2 go 5 ag brath ar an leibhéal sainiúlachta lena sainiúnnítear an ghníomhaíocht eacnamaíoch. Is féidir teacht ar an liosta de chóid NACE sa doiciméad seo a leanas: Rialachán (AE) 2023/137.

Uimhir an Leibhéil	Aitheantóir	Tuairisc
1	Roinn	Sainiúnnítear ranna le litir aibíteach, agus sainítear leo 21 limistéar eacnamaíoch ginearálta amhail talmhaíocht, tionscal monaraíochta nó tráchtáil.
2	Rannóg	Sainiúnnítear an rannóg le cód uimhriúil dhá dhigit, agus sainiúnnítear léi earnáil shonrach laistigh de limistéar eacnamaíoch ginearálta. Tá 88 rannóg san iomlán ann.
3	Grúpa	Sainiúnnítear an grúpa le cód uimhriúil trí dhigit (agus dhá dhigit na rannóige á gcur san áireamh) agus sainítear leis limistéar sonrach laistigh den earnáil. Tá thart ar 270 grúpa ann.
4	Aicme	Sainiúnnítear an aicme le cód uimhriúil ceithre dhigit (agus digití na rannóige agus an ghrúpa á gcur san áireamh) agus sainítear léi gníomhaíocht shonrach laistigh den ghrúpa. Tá thart ar 450 aicme ann.

7. Agus líon na **bhfostaithe** á thuairisciú faoi mhír 24(e)(v), is éard is coibhéis lánaimseartha (FTE) ann **líon na bpost lánaimseartha i ngnóthas**. Is **féidir í a ríomh trí uaireanta sceidealaithe d'fhostaí a roinnt (líon iomlán uaireanta oibre an chloig sa tseachtain) ar líon uaireanta an fhostóra le haghaidh seachtain oibre lánaimseartha (líon iomlán uaireanta an chloig arna ndéanamh ag fostaithe lánaimseartha)**. Mar shampla, fostaí a oibríonn 25 uair an chloig gach seachtain le haghaidh cuideachta inarb ionann an tseachtain lánaimseartha agus 40 uair an chloig, is ionann sin agus 0.625 FTE (i.e. 25/40 uair an chloig).
8. Is ionann an líon foirne agus líon na ndaoine a fhostaíonn gnóthas arna thuairisciú ag deireadh na tréimhse tuairiscithe nó mar mheán ar fud na tréimhse tuairiscithe.
9. Agus tuairisciú á dhéanamh ag an ngnóthas ar thír na bpríomhoibríochtaí agus ar shuíomh na sócmhainní suntasacha faoi mhíreanna 24(e)(vi) agus (vii), nochtfaidh sé an fhaisnéis sin le haghaidh gach ceann dá **láithreáin** agus úsáid á baint as an tábla thíos:

Láithreáin	Seoladh	Cód Poist	Cathair	Tír	Comhordanáidí (geoshuíomh)
An Oifig Chláraithe (e.g.)					
Trádstóras (e.g.)					
Gléasra Tionsclaíoch (e.g.)					

10. Tá coinne leis go mbeidh geoshuíomh gnóthais ina phointe luachmhar sonraí do pháirtithe leasmhara chun rioscaí agus deiseanna atá bainteach leis an FBM a mheasúnú, go háirithe i ndáil le saincheisteanna inbhuanaitheachta **an oiriúnaithe don athrú aeráide**, an uisce, na n-éiceachóras agus na bithéagsúlachta.
11. Cuirfear an geoshuíomh ar fáil i bpointí spásúla le haghaidh aonaid aonair nó pointí polagáin lena sainmhínítear teorainneacha **an tsuímh** níos mó nach bhfuil cuma aonaid air, amhail feirm, mianach nó saoráid. Féadfaidh an gnóthas braisle pointí a chur ar fáil freisin chun ceadú do shainaithint éasca an limistéir lena mbaineann. Cuirfear na pointí spásúla ar fáil mar chomhordanáidí, ag a bhfuil cúig ionad dheachúlacha (e.g. 0 ° 00' 0.036").

12. Agus geoshuíomh **láithreán** atá faoina úinéireacht, atá ar léas aige, nó a bhainistíonn sé á nochtadh ag an ngnóthas, áireoidh sé comhordanáidí na láithreán sa tábla a thaispeántar i mír 73. Féadfaidh an gnóthas úsáid a bhaint as uirlisí mapála gréasáin le comhordanáidí láithreán atá faoina úinéireacht, ar léas dó, nó faoina bhainistíocht a shainaitheint. Féadfaidh an gnóthas úsáid a bhaint freisin as aon uirlis nó ardán iomchuí bogearraí le himlíne limistéir nó láithreán níos mó a bhunú a thuilleadh.
13. I ndáil le mír 25, is féidir éicilipéid chláráithe ó scéim lipéadúcháin náisiúnta nó idirnáisiúnta, nó de chuid an Aontais Eorpaigh, a áireamh le deimhniúchán i ndáil le hinbhuanaitheacht, a chomhfhreagraíonn le príomhghníomhaíocht FBM. Mar shampla, cumhdaítear le hÉicilipéad an Aontais Eorpaigh táirgí sonracha, amhail teicstílí agus coisbhearta, cumhdaigh (e.g. clúdaigh urláir adhmaid), táirgí glantacháin agus cúraim phearsanta, trealamh leictreonach, nó troscán. Féadfaidh an gnóthas *Grúpaí Táirgí d'Éicilipéad an Aontais Eorpaigh* agus *an Chatalóg Táirgí* a cheadú le tuilleadh faisnéise a fháil.

B2 – Cleachtais, beartais agus tionscnaimh amach anseo chun aistriú i dtreo gilleagar níos inbhuanaithe

14. Féadfaidh gnóthais úsáid a bhaint as an teimpléad seo a leanas chun tuairiscíú ar phointí sonraí B2.

	An bhfuil cleachtais inbhuanaitheachta atá ann cheana/ beartais/ tionscnaimh a bheidh ann amach anseo lena dtugtar aghaidh ar aon cheann de na saincheistanna inbhuanaitheachta seo a leanas? [TÁ/NÍL]	An bhfuil siad ar fáil go poiblí? [TÁ/NÍL]	An bhfuil aon sprioc ag na beartais? [TÁ/NÍL]
Athrú Aeráide			
Truailliú			
Uisce agus Acmhainní Muirí			
Bithéagsúlacht agus Éiceachórais			
Gilleagar Ciorclach			
Lucht saothair dlí			
Oibrithe sa Slabhra Luacha			
Pobail Dá nDéantar Dífear			
Tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh			
Iompar gnó			

15. Más comharchumann é an gnóthas, féadfaidh sé an méid seo a leanas a nochtadh:

(a) rannpháirtíocht éifeachtach oibrithe, úsáideoirí nó páirtithe nó pobail leasmhara eile maidir le rialachas;

- (b) an infheistíocht airgeadais i gcaipiteal nó sócmhainní d'eintitis an gheilleagair shóisialta dá dtagraítear sa Mholadh ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2023 (cé is moite de thabhartais agus ranníocaíochtaí); agus
- (c) aon teorainn le dáileadh na mbrabús atá bainteach le cineál comharaíochta nó le cineál na ngníomhaíochtaí atá comhdhéanta de sheirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (SGEI).

Treoraíocht don lucht saothair féin, d'oibrithe sa slabhra luacha, do phobail dá ndéantar difear agus do thomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh

16. Chun tuiscint níos fearr a fháil ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta atá bainteach le cearta sóisialta agus cearta an duine, déan tagairt d'Fhoscríbhinn B chun liosta a fháil de shaincheisteanna inbhuanaitheachta féideartha. D'fhéadfadh an liosta sin cuidiú lena shainaithint cé acu atá na beartais, cleachtais nó tionscnaimh amach anseo dírithe ar aghaidh a thabhairt ar **thionchair** dhiúltacha a théann i bhfeidhm ar chearta an duine nó atá siad teoranta do ghrúpaí sonracha páirtithe leasmhara dá ndéantar difear (mar shampla, oibrithe sa **slabhra luacha** réamhtheachtach). Mar chuid den nochtadh sin féadfaidh gnóthais nochtadh freisin cé acu atá nó nach bhfuil próiseas i bhfeidhm acu chun aghaidh a thabhairt ar ghearáin atá bainteach le cearta an duine.

1.2. Treoraíocht Bunmhodúil – Méadracht Chomhshaoil

B3 – Fuinneamh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa

Tionchair ar an aeráid: úsáid fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa


17. De réir mhíreanna 29 agus 30, tuairiscíonn an gnóthas ar a thionchair **aeráide**, agus faisnéis á cur ar fáil faoina úsáid fuinnimh agus faoi **astaíochtaí gás ceaptha teasa**. Níl an treoraíocht seo maidir le nochtadh B3 ina pointe sonraí breise a ghabhann leis na nochtaí ar a dtugtar tuairisc i míreanna 29 (maidir le hídiú fuinnimh) agus 30 (maidir le hastaíochtaí GCT), ach ina ionad sin, athbhunaítear léi cuspóir uileghabhálach agus cuirtear comhthéacs ar fáil léi do Bhun-nochtadh B3.

Tomhaltas fuinnimh

18. Is é an t-ídiú fuinnimh atá taobh thiar go mór de na **tionchair** i ndáil le haeráid. Dá bhrí sin, is rud ábhartha é an chainníocht a nochtadh anuas ar an gcineál – e.g. breoslaí iontaise amhail gual, ola agus gás le hais **fuinneamh in-athnuaite** – agus ar an meascán fuinnimh arna ídiú. Samplaí de nochtaí fuinnimh is ea an t-ídiú iomlán fuinnimh arna mhiondealú de réir breoslaí iontaise agus leictreachais. Féadfar miondealuithe eile a thuairisciú amhail an leictreachas ceannaithe nó féinghinte a ídiú ó fhoinsí in-athnuaite. Seo a leanas sampla den fhaisnéis arna hiarraidh i mír 29.

	Ídiú Fuinnimh In-athnuaite (MWh)	Ídiú Fuinnimh Neamh-inathnuaite (MWh)	Ídiú Fuinnimh Iomlán 202(x) (MWh)
Leictreachas (mar a léirítear i mbillí fónais)	300	186	486
Breoslaí	3	7	10

19. I gcás ina gceannaíonn an gnóthas breoslaí iontaise (e.g. gás nádúrtha, ola) nó breoslaí in-athnuaite (e.g. bithbhreoslaí, amhail bithdhíosal agus bitheatánól) chun leictreachas, teas nó fuarú a ghiniúint dá ídiú aige féin, ní foláir dó an comhaireamh dúbailte a sheachaint. Dá bhrí sin, ní choinníonn an gnóthas cuntas ar luach fuinnimh an bhreosla cheannaithe ach mar ídiú breosla, ach ní choinníonn sé cuntas ná ní dhéanann sé tuairisc ar an leictreachas agus tomhailt teasa arna táirgeadh ón mbreosla sin arís eile. I gcás na giniúna leictreachais ó fhuinneamh in-athnuaite amhail grianfhuinneamh nó fuinneamh gaoithe – agus i gcás nach gá aon bhreosla a úsáid – coinníonn an gnóthas cuntas ar an méid leictreachais arna ghiniúint agus arna ídiú mar ídiú leictreachais.



20. Ní fhritháireoidh an gnóthas a ídiú fuinnimh lena tháirgeadh fuinnimh fiú má dhíoltar an fuinneamh a ghintear ar an **láthair** le tríú páirtí agus má úsáideann an tríú páirtí é. Seachnóidh an gnóthas comhaireamh dubailte an ídithe fuinnimh freisin, agus é ag nochtadh ídiú fuinnimh féinghinte. Má ghineann an gnóthas leictreachas ó fhoinsé breosla neamh-inathnuaite nó inathnuaite agus má ídíonn sé an leictreachas ginte ansin, ní dhéanfar an t-ídiú fuinnimh a chomhaireamh ach uair amháin faoin ídiú breosla. Is féidir sciar **an fhuinnimh in-athnuaite** a ríomh bunaithe ar ráthaíochtaí tionscnaimh, deimhniúcháin fuinnimh in-athnuaite nó ídiú leictreachais mar a shloinntear sa bhille leictreachais. Féadfar tagairt a dhéanamh sa bhille leictreachais d'aonaid leictreachais, agus an céatadán leictreachais a shonrú ann arna chur ar fáil ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite, agus is féidir go mbeidh cuma na fíorach thíos air.
21. Agus an fhaisnéis maidir le hídiú fuinnimh á ullmhú is gá faoi mhír 29, eisífaidh an gnóthas na bunábhair agus na breoslaí nach ndóitear chun críocha fuinnimh. Is féidir leis an ngnóthas a ídíonn fuinneamh mar bhunábhair faisnéis maidir leis an ídiú sin a nochtadh ar leithligh ó na nochtaí a cheanglaítear.

Tiontú idir aonaid dhifriúla fuinnimh

22. Tuairisceoidh na gnóthais a n-ídiú fuinnimh i dtéarmaí an fhuinnimh deiridh, a thuigtear mar an méid fuinnimh a chuirtear ar fáil don ghnóthas, mar shampla, an líon Meigeavatuairanta (MWh) leictreachais arna gceannach ón ngal fónais a fhaightear ó ghléasra tionsclaíoch in aice láimhe nó díosal a cheannaítear ag stáisiún pheitрил. Tagraítear leis an leictreachas go sainráite don teas, gal agus fuarú. Áirítear le breoslaí aon rud a dhóitear, e.g. gás, gás nádúrtha, bithmhais, etc.
23. Sonraítear i mír 29 MWh mar an rogha aonaid le hídiú fuinnimh a thomhas. I gcás an bhreosla nó na bithmhaise, is gá tiontú chuig MWh i gcás sonraí in aonaid eile amhail luach fuinnimh (e.g. kJ, Btu), toirt (e.g. lítir, m³) nó mais (e.g. tonnaí méadracha, tonnaí gearra).
24. I gcás an ídithe breosla arna thomhas de réir maise (e.g. adhmaid, gual), ba cheart don ghnóthas an méid seo a leanas a dhéanamh:
- an Glanluach Calrach an bhreosla (e.g. kJ/tonna méadrach, TJ/Gg) a aimsiú (is féidir leis a bheith ina ghnáthluach arna fhoilsiú ag foinsí iontaoifa, e.g. IPCC, nó is féidir é a bheith á chur ar fáil ag an soláthróir nó é a fháil go himmheánach);
 - an Glanluach Calrach a thiontú chuig MWh/tonna, mar shampla:
 $1 \text{ TJ} = 10^{12} \text{ J} = 277.78 \text{ MWh}$; $1 \text{ Gg} = 10^9 \text{ g} = 1\,000 \text{ t}$
 $11.9 \text{ TJ/Gg} = 11.9 * 277.78 / 1\,000 \text{ t} = 3.31 \text{ MWh/tonna}$; agus
 - luach fuinnimh na maise a ríomh, mar shampla:
 $1\,245\,345 \text{ t} * 3.31 \text{ MWh/tonna} = 4\,117\,111 \text{ MWh}$.

25. I gcás breosla leachtach, ba cheart do na gnóthais an méid seo a leanas a dhéanamh:

- faisnéis maidir le toirt a thiontú chuig mais, toirt arna hionlú faoi dhlús breosla, mar shampla,

$$\text{Díosal} = 4\,456\,000 \text{ l}; \text{Dlús díosail} = 0.84 \text{ kg/l}$$

$$4\,456\,000 \text{ (l)} * 0.84 \text{ (kg/l)} = 3\,743\,040 \text{ kg} = 3\,743 \text{ t};$$
- an luach fuinnimh a ríomh, mais arna hionlú faoi Ghlanluach Calrach, mar shampla, $3\,743 \text{ [t]} * 43 \text{ [TJ/Gg]} = 3\,743 \text{ t} * 43 \text{ TJ}/(1\,000 \text{ [t]}) = 160.95 \text{ [TJ]}$; agus
- TJ a thiontú chuig MWh, mar shampla $1 \text{ TJ} = 10^{12} \text{ J} = 277.778 \text{ MWh}$
 $160.95 \text{ [TJ]} = 277.78 \text{ [MWh/TJ]} * 160.95 \text{ [TJ]} = 44\,708 \text{ MWh}.$

Foinse Doiciméadachta:

Sonraí	Foinse Doiciméadachta
CDP	CDP Nóta Teicniúil: Tiontú sonraí breosla chuig MWh

Astaíochtaí gás ceaptha teasa

26. I gcás **astaíochtaí comhlána gás ceaptha teasa** (GCT) ag eascairt as gníomhaíochtaí an ghnóthais, cuireann an ceanglas i mír 30 leis na sainmhínte agus rialacha a bhaineann le Prótacal GCT, arb é an príomhchaighdeán cuntasaíochta i gcás astaíochtaí GCT é. Faoi mhír 30, tuairisceoidh gnóthais ar a gcuid astaíochtaí Raon feidhme 1 agus Raon feidhme 2. Cumhdaítear le hAstaíochtaí GCT Raon feidhme 1 astaíochtaí díreacha ó fhoinsí rialaithe nó faoi úinéireacht. Is **astaíochtaí indíreacha GCT** iad astaíochtaí Raon feidhme 2 ag éirí as gníomhaíochtaí na cuideachta tuairiscithe (óir díorthaítear ó fhuinneamh ídithe an ghnóthais é), a tharlaíonn mar sin féin ag foinsí faoi úinéireacht nó faoi rialú cuideachta eile. Tugtar treoraíocht bhreise sna ranna thíos faoi conas astaíochtaí Raon feidhme 1 agus Raon feidhme 2 a ríomh.

27. Féadfar astaíochtaí Raon feidhme 1 agus Raon feidhme 2 a thuairisciú san fhormaid seo a leanas.

	202(x) astaíochtaí GCT (tCO ₂ e)
<i>Raon feidhme 1</i>	45
<i>Raon feidhme 2</i>	6
<i>Iomlán</i>	51


28. Is caighdeán domhanda é Prótacal GCT chun astaíochtaí GCT a thomhas, a thuairisciú agus a bhainistiú, agus comhsheasmhacht agus trédharcacht á n-áirithiú an tráth céanna. Cumhdaítear leis an gcaighdeán corparáideach treoraíocht maidir le hastaíochtaí Raon feidhme 1, Raon feidhme 2 agus Raon feidhme 3 le haghaidh cuideachtaí agus eagraíochtaí eile (eagraíochtaí neamhrialtasacha, rialtas, etc.).

29. Chun cuntas ceart ar astaíochtaí gnóthais a áirithiú, leagtar amach liosta prionsabal tuairiscithe i bPrótacal GCT:


- ábharthacht: a áirithiú go léirítear san fhardal GCT astaíochtaí GCT na heagraíochta.
- iomláine: a áirithiú go gcoinnítear cuntas san fhardal GCT ar gach foinse astaíochtaí GCT agus gníomhaíocht laistigh den teorainn roghnaithe;
- comhsheasmhacht: comhsheasmhacht na modheolaíochta arna húsáid a áirithiú chun gur féidir comparáidí a dhéanamh le himeacht ama;
- trédharcacht: na toimhdí, tagairtí agus modheolaíocht a úsáidtear agus astaíochtaí GCT á ríomh a nochtadh; agus
- cruinneas: a áirithiú go mbíonn sonraí astaíochtaí GCT beacht a dhóthain chun ceadú d'úsáideoirí cinntí a dhéanamh.

30. Mar mhalairt ar Phrótacal GCT, féadfaidh gnóthais dul i muinín ISO 14064-1, dá n-oirfeadh sé níos fearr dá n-éilimh thuairiscithe.

31. Agus astaíochtaí GCT á dtuairisciú, is den tábhacht é na teorainneacha iomchuí a shocrú chun a áirithiú go bhfuil an fardal GCT ceart agus chun comhaireamh dúbailte astaíochtaí a sheachaint. Sainmhínítear i bPrótacal GCT an dá phríomhchineál teorainneacha – teorainneacha eagraíochtúla nó oibríochtúla.
- Teorainn eagraíochtúil: sainmhínítear í le Prótacal GCT mar na teorainneacha lena gcinntítear na hoibríochtaí faoi úinéireacht nó faoi rialú an ghnóthais tuairiscithe, ag brath ar an gcur chuige comhdhlúite a ghlactar. Is ann do dhá chur chuige comhdhlúite astaíochtaí – an cur chuige cothromais nó rialaithe. Roghnóidh an gnóthas an cur chuige ina léirítear a imthosca féin.
 - Baineann an cur chuige sciarta cothromais le cuntas a choinneáil ar astaíochtaí GCT ó oibríochtaí i gcomhréir lena sciarta cothromais san oibríocht.
 - Agus an cur chuige rialaithe á úsáid, coinníonn an gnóthas cuntas ar astaíochtaí GCT ó oibríochtaí ar a bhfuil rialú airgeadais nó oibríochtúil aige. Úsáidfídh cuideachtaí na critéir rialaithe oibríochtúil nó airgeadais agus an cur chuige seo á úsáid lena chuid astaíochtaí a chomhdhlúthú agus a ghabháil sa tuarascáil.
 - Ciallaíonn rialú airgeadais go bhfuil rialú airgeadais ag an ngnóthas ar an oibríocht má tá sé ar chumas an chéad eintitis beartais airgeadais agus oibríochtúla an dara gnóthas a threorú d'fhonn buntáistí eacnamaíocha a bhaint as a chuid gníomhaíochtaí.
 - Ciallaíonn rialú oibríocháin go bhfuil rialú oibríocháin ag gnóthas ar oibríocht má tá lánúdarás ag an gcéad cheann nó ag ceann dá fhochuideachtaí chun a bheartais oibríochtúla a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme ag an oibríocht.
 - Teorainn oibríocháin: sainmhínítear le Prótacal GCT í mar na teorainneacha lena gcinntítear na hastaíochtaí díreacha agus indíreacha atá bainteach le hoibríochtaí faoi úinéireacht nó faoi rialú na cuideachta tuairiscithe. Tairgtear an cumas leis an measúnú seo do ghnóthas na hoibríochtaí agus na foinsí a fháil amach a bhíonn ina gcúis le hastaíochtaí díreacha (Raon feidhme 1) agus astaíochtaí indíreacha (Raon feidhme 2 agus Raon feidhme 3) agus le cinneadh a dhéanamh na hastaíochtaí díreacha atá le háireamh leis a leanann as a chuid oibríochtaí.
 - Is gá don mhachnamh ar theorainneacha cloí leis na prionsabail a thuairiscítear thuas (comhsheasmhacht le himeacht ama, trédhearcacht ina ndoiciméadú agus iomláine), agus léirshamhláítear san íomhá thuas iad ⁽¹⁾.



⁽¹⁾ Prótacal Gáis Ceaptha Teasa. Caighdeán Corparáideach Cuntasaíochta agus Tuairiscithe Phrótacal GCT – Eagrán Leasaithe. Institiúid Acmhainní an Domhain & Comhairle Dhomhanda na nGnóthas um Fhorbairt Inbhuanaithe.



32. Le Prótacal GCT freisin tugtar isteach treoraíocht chomh maith le céimeanna le leanúint chun astaíochtaí GCT a shainaithint, a ríomh agus a rianú, mar a léirshamhláítear san íomhá thíos ⁽²⁾.
33. Tá uirlisí difriúla forbartha le tionscnaimh phríobháideacha agus phoiblí chun cuidiú le gnóthais a bhfardal astaíochtaí GCT a fhorbairt agus chun dúshláin a éascú atá bainteach lena ullmhú. Tá tacar áireamhán molta GCT á choinneáil ar bun ag EFRAG ar a shuíomh gréasáin.

Treoraíocht maidir le hastaíochtaí suíomh-bhunaithe Raon feidhme 1 agus Raon feidhme 2

34. Áirítear le gnáthastaíochtaí Raon feidhme 1 CO₂ (chomh maith le CH₄ agus N₂O) astaíochtaí atá bainteach le dóchán breosla (mar shampla i gcoireáin, foirnéisí, feithiclí, etc.) agus astaíochtaí éalaitheacha ón aerchóireáil agus ó phróisis thionsclaíocha.
35. Áirítear le **Raon feidhme 2 suíomhbhunaithe** astaíochtaí ón leictreachas, teas, gal, agus fuarú arna gceannach nó arna sealbhú agus arna n-ídiú ag an gcuideachta tuairiscithe. Léirítear inti meándlús astaíochtaí na n-eangaí ar a dtarlaíonn an t-ídiú fuinnimh agus úsáidtear sonraí fachtóirí astaíochta atá mar mheán ar fud na heangaí den chuid is mó inti. Baineann gnáthfhoinsí astaíochtaí Raon feidhme 2 le haon trealamh lena n-ídítear leictreachas (innill leictreacha, soilse, foirgnimh, etc.), teas (téamh i bpróisis thionsclaíocha, foirgnimh, etc.), gal (próisis thionsclaíocha) agus fuarú (próisis thionsclaíocha, foirgnimh, etc.).
36. Is féidir meastóireacht a dhéanamh ar astaíochtaí GCT ar roinnt bealaí, lena n-áirítear leis an gcur chuige ríomha, tomhas, nó meascán den tomhas agus ríomhanna. Tá cur chuige coitianta amháin bunaithe ar ríomh le húsáid fachtóirí astaíochta (FA) – lena bhféadfaí poitéinseal téimh dhomhanda (PTD) an GCT a áireamh. Is féidir tomhas díreach agus braiteoirí á n-úsáid (sreabhadh agus tiúchan) a chur i bhfeidhm freisin. Tugtar achoimre sa tábla thíos ar na modhanna is coitianta.

Modh meastóireachta GCT	Sonraí	Sonraí riachtanacha
Tomhas a dhéanamh	Cainníochtaí gáis arna dtomhas go díreach de réir a bpoitéinsil téimh dhomhanda shonraigh a iolrú.	Cainníocht dhíreach an gháis arna astú ó thomhas an gháis (sreabhadh, tiúchan, toirt) Poitéinseal téimh dhomhanda (PTD) na ngás
Ríomh a dhéanamh	Na sonraí gníomhaíochta arna n-íolrú faoin bhfachtóir astaíochta (FA) lena gcomhtháthaítear an poitéinseal téimh dhomhanda (PTD)	Sonraí gníomhaíochta Fachtóirí astaíochta (FAnna)

⁽²⁾ Prótacal Gáis Ceaptha Teasa. Caighdeán Corparáideach Cuntasaíochta agus Tuairiscithe Phrótacal GCT – Eagrán Leasaithe. Institiúid Acmhainní an Domhain & Comhairle Dhomhanda na nGnóthas um Fhorbairt Inbhuanaithe.

37. Sa tábla thuas tugtar isteach na téarmaí seo a leanas:
- (a) sonraí gníomhaíochta, a chomhfhreagraíonn go hiondúil do chainníocht an bhreosla arna ídiú. Féadfar é a shloinneadh in aonaid fuinnimh (e.g. MWh), toirt (e.g. m³ nó l) nó mais (e.g. tonaí nó kg.). Is féidir leis an ngnóthas teacht orthu sin trí athbhreithniú a dhéanamh ar admhálacha ceannachán nó billí fóntais;
 - (b) poitéinseal téimh dhomhanda, lena gcainníochtaítear **tionchar** GCT ar leith ar an aeráid i gcomparáid le haonad coibhéiseach na dé-ocsaíde carbóin; agus
 - (c) fachtóirí astaíochta (FA), lena gcainníochtaítear an méid GCT a astaítear in aghaidh an aonaid gníomhaíochta. Is minic a chuirtear san áireamh leis na fachtóirí astaíochta PDT an GCT, nach gá don ghnóthas an dara ceann a thabhairt san áireamh sa chás sin.
38. Déantar achoimre sa tábla thíos ar fhoinsí neamh-uileghabhálacha inar féidir le gnóthais fachtóirí astaíochta (FA) agus poitéinseal téimh dhomhanda (PTD) a rochtain go héasca. Féadfaidh gnóthais tagairt a dhéanamh freisin d'fhoinsí údarásacha náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith níos ábhartha dá gcúinsí.

Fachtóirí astaíochta (FAnna)	ADEME – Base Empreinte® IPCC – Bunachar Sonraí na bhFachtóirí Astaíochta IPCC – Treoirlínte d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa Comhlachas na gComhlachtaí Eisiúna (AIB) – Fachtóirí Astaíochta Eangaí Meascáin Iarmharaigh JRC – Fachtóir stairiúil astaíochta GCT le haghaidh ídiú leictreachais IEA - fachtóirí astaíochta bliantúla GCT le haghaidh tíortha Domhain ó ghiniúint leictreachais agus teasa (tacar sonraí íochta)
Acmhainneacht téite domhanda (GWP)	IPCC – Poitéinseal Téimh Dhomhanda

39. Is féidir leis na gnóthais tuilleadh treoraíochta agus uirlisí a fháil freisin faoin gcaoi chun gníomhú agus tuairisciú ar a gcuid astaíochtaí GCT agus tionchair **aeráide** trí ghabháil chuig suíomh gréasáin Mol Aeráide FBM.

Sampla de ríomh astaíochtaí Raon feidhme 1

40. Ídionn Cuideachta A ola bhreosla Uimh. 4 i gcoireán tionsclaíoch. I gcás a cuntasáíochta airgeadais, coinníonn sí súil ar a costais, agus chun críocha na cuntasáíochta GCT, coinníonn sé súil ar thoirteanna (m³) mar a léirítear ina gcuid admhálacha breosla. Is ó na hadmhálacha a dhéantar toirteanna bliantúla na hola breosla arna gceannach a chinneadh, agus coinníonn sé súil freisin ar an bhfardal ola breosla an chéad lá den bhliain de réir an fhéilire. In 2023 cheannaigh sé 100 m³ d'ola bhreosla. Ar bhonn a taifead, an 1 Eanáir 2023 bhí 2.5 m³ ina thaiscumair aige, agus an 1 Eanáir 2024 bhí 1 m³ aige. Dá bhrí sin, cinneann sé (trí cheannach agus tomhas an fhardail) le linn 2023 gur ídigh sé 101.5 m³ d'ola bhreosla.
41. Agus leas á bhaint as liosta fachtóirí astaíochta IPCC (Tábla 2.3, leathanach 2.18), déanann sé meastachán ar a fhachtóir astaíochta gur cumasc leath is leath den ola dhíosail agus den ola iarmharach ag 75.75 t CO₂/TJ, agus trí staidreamh foilsithe a úsáid maidir le fuinneamh, déanann sé amach gurb ionann a ghlanluach calrach a bhreosla agus 0.03921 TJ/m³. I bhfianaise GWP CO₂ GWP a bheith cothrom le haon, is é seo a leanas a astaíocht CO₂ don fhoinsé shonrach Raon feidhme 1:

$$101.5 \text{ m}^3 * 0.03921 \text{ TJ/m}^3 * 75.75 \text{ t CO}_2/\text{TJ} * 1 = 301.5 \text{ t CO}_2$$

42. Chun críche na hiomláine sa sampla sin, déantar na hastaíochtaí CH₄ agus N₂O a ríomh freisin. Agus liosta fachtóirí astaíochta an IPCC á sheiceáil, taispeántar gurb amhlaidh a leanas faoi seach iad, 3 kg de CH₄/TJ agus 0.6 kg de N₂O/TJ, agus is ionann na hastaíochtaí dá réir agus:

$$\begin{aligned} \text{Astaíochtaí CH}_4 &= 101.5 \text{ m}^3 * 0.03921 \text{ TJ/m}^3 * 3 \text{ kg CO}_2/\text{TJ} * 29.8 = 0.36 \text{ tCO}_2\text{e} \\ \text{Astaíochtaí N}_2\text{O} &= 101.5 \text{ m}^3 * 0.03921 \text{ TJ/m}^3 * 0.6 \text{ kg CO}_2/\text{TJ} * 273 = 0.65 \text{ tCO}_2\text{e} \end{aligned}$$

43. Mar atá luaite, cuireann na hastaíochtaí CH₄ agus N₂O tuairim is 1 tCO₂e le luach CO₂ 301.5 tCO₂, arb é timpeall ar 0.3 % den iomlán. D'fhéadfaí a mhéas go bhfuil sé sin go maith laistigh den earráid tuairiscithe inghlactha, agus mar sin is féidir nár ríomhadh agus nár tuairiscíodh í. Díorthaítear poitéinseal téimh dhomhanda le haghaidh CH₄ agus N₂O ón Séú Tuarascáil Mheasúnachta ó IPCC, Caibidil 7SM.

Sampla de ríomh astaíochtaí Raon feidhme 2

44. Áitíonn Cuideachta A foirgneamh oifige 2 000 m² i bPáras, mar a n-íocann sí as an leictreachas arna ídiú le haghaidh téamh agus fuarú lárnach, soilsiú, ríomhairí agus trealamh leictreach eile amhail fearais. I gcás a chuid billí fónais, tá meastachán déanta aige gur ídigh an foirgneamh 282 MWh de leictreachas in 2022. Trí fhachtóir astaíochta dar luach 73 g coibhéiseach CO₂/kWh don Fhrainc in 2022 a úsáid, rinne sé an meastachán seo a leanas ar a astaíochtaí Raon feidhme 2 dá ídiú leictreachais i bhfoirgnimh

$$Emissions_{GHG} = 282\,000 \text{ [kWh]} * 73 \left[\frac{\text{gCO}_2\text{eq}}{\text{kWh}} \right] = 20.6 \text{ t CO}_2\text{eq}$$

45. Is féidir gur mian le gnóthais freisin a gcuid figiúirí Raon feidhme 2 margadh-bhunaithe a chur ar fáil. Sna fachtóirí astaíochta le haghaidh astaíochtaí Raon feidhme 2 margadh-bhunaithe léirítear na socruithe conarthacha atá ag an ngnóthas lena chuid soláthróirí fuinnimh. Is féidir lena gcuid soláthróirí leictreachais nó teasa fachtóirí astaíochta margadh-bhunaithe a chur ar fáil, chomh maith le tacaíocht a fháil ó cheannach Deimhnithe um Shaintréithe Fuinnimh nó Comhaontuithe Ceannaigh Cumhachta (CCCanna) nó ó úsáid *fachtóirí astaíochta meascáin iarmharaigh* (AIB, 2024).

B4 – Truailliú an aeir, an uisce agus na hithreach

Treoraíocht maidir leis na gnóthais ar gá dóibh tuairisciú ar thruailliú agus maidir leis na truailléin ar gá do ghnóthais tuairisciú orthu.

46. Le mír 32 suitear go nochtfaidh an gnóthas na truailléin a astaíonn sé leis an aer, uisce agus ithir ina chuid oibríochtaí féin, más gá an fhaisnéis sin a thuairisciú cheana féin de réir an dlí do na húdaráis inniúla nó de réir Córais Bainistíochta Comhshaoil. Ciallaíonn sé sin go ndéanfaidh an gnóthas measúnú ar dtús an dtuairiscíonn sé an fhaisnéis sin cheana féin, mar cheanglas dlíthiúil nó ar bhonn saorálach. Má thuairiscíonn sé faisnéis cheana féin maidir le hastaíochtaí truailléin (nó éilítear air déanamh amhlaidh de réir an dlí), cuirfidh an gnóthas faisnéis bhreise ar fáil ansin faoi na hastaíochtaí sin, de réir na gceanglas atá le fáil i mír 32. Mar sin féin, mura dtuairiscíonn an gnóthas an fhaisnéis sin go fóill (agus ní éilítear air déanamh amhlaidh de réir an dlí), éilítear air a shloinneadh gurb amhlaidh atá.
47. Go ginearálta, tá coinne leis go mbeidh feidhm ag an gceanglas sin maidir le gnóthais arb oibreoirí i suiteáil thionsclaíoch nó i ndianfheirm beostoic a chumhdaítear leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus Tógáil Beostoic (IED 2.0 - Treoir 2024/1785/AE), lena leasaítear an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (IED - Treoir 2010/75/AE). Beidh feidhm ag IED 2.0 maidir le tuairim is 75 000 suiteáil san Eoraip, lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí amhail breosla a dhó i gcoireáin ag a bhfuil cumhacht rátáilte ar mó ná 50 MW é, teilgean i dteilgcheartaí miotail, próiseáil miotal neamhfheiriúil, táirgeadh an aoil, monaraíocht táirgí ceirmeacha trí bháicíl, táirgeadh táirge cosanta plandaí nó bithicídí, tógáil aon mheascáin de mhuca nó éanlaith in ionannas le 380 aonad beostoic nó níos mó, súdaireacht seithí, seamlais, etc. Sna cásanna sin, ní mór don tsuiteáil tuairisciú cheana féin don údarás inniúil maidir leis na truailléin a scaoiltear san aer, san uisce agus san ithir, agus bíonn na sonraí ar fáil go poiblí leis an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha (RTAT - Rialachán 2024/1244/AE), a thagann in ionad an Chláir Eorpigh ar Scaoileadh agus Aistriú Truailléin (PRTR Eorpach - Rialachán 166/2006/CE). Na cuideachtaí a oibríonn i níos mó ná saoráid amháin, ní gá dóibh tuairisciú maidir lena n-astaíochtaí comhdhlúite uile-chuideachta faoin EPRT, óir nach dtuairiscíonn siad ach ar leibhéal saoráide amháin. Éilítear sa Chaighdeán an méid iomlán truailléin a thuairisciú ó gach saoráid. Cosúil leis sin, na cuideachtaí ar leo saoráid, ach nach n-oibríonn inti, ní gá dóibh tuairisciú don E-PRTR, ach tá coinne leis go léireoidh siad a n-astaíochtaí faoi úinéireacht saoráide ina dtuascáil inbhuanaitheachta.
48. Ar an gcaoi chéanna, má sainaithníodh gnóthas nach foláir dó faireachán a dhéanamh agus tuairisciú a thabhairt maidir le truailléin a liostaítear in E-PRTR faoi Chóras Bainistíochta Comhshaoil, amhail mar shampla, Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS) nó deimhniúchán ISO 14001. Is gnéithe ábhartha i bprionsabal iad don gnóthas lena gcur san áireamh ina tuarascáil inbhuanaitheachta.
49. Mura bhfuil ach saoráid amháin ag gnóthas, nó mura n-oibríonn sé ach i saoráid amháin, agus má tá na sonraí truaillithe ar fáil go poiblí cheana féin, féadfaidh an gnóthas tagairt a dhéanamh don doiciméad ina gcuirtear faisnéis den sórt sin a chur ar fáil in ionad é a thuairisciú uair amháin eile. Ar an gcaoi chéanna, má fhoilsíonn an gnóthas tuarascáil uile-eagraíochta amhail mar shampla, tuarascáil EMAS lena n-áirítear sonraí truaillithe, is féidir leis é a chur san áireamh sa tuarascáil inbhuanaitheachta mar thagairt.

50. Chun faisnéis maidir le truailleán a thuairisciú sa tuarascáil inbhuanaitheachta, ba cheart don ghnóthas an cineál ábhair truailleán atá á thuairisciú a thabhairt le fios i deannta an mhéid arna astú san aer, san uisce agus san ithir in aonad maise oiriúnach (e.g. t nó kg).
51. Is féidir teacht ar shampla thíos den chaoi a bhféadann gnóthais faisnéis a chur i láthair maidir lena chuid astaíochtaí san aer, san uisce agus san ithir arna roinnt ar an gcineál truailleán.

Truailleán	Astaíochtaí (kg)	Meán scaoilte (aer, uisce, ithir)
e.g. Caidmiam agus comhdhúile	10	Uisce
Cineál truailleán 2		
Cineál truailleán 3		

52. Maidir leis na cineálacha truailleán is gá a mheas agus tuairisciú á dhéanamh faoi mhír 32, féadfaidh an gnóthas tagairt a dhéanamh do na príomhtruailleán seo a leanas a chumhdaítear faoi láthair de réir dhlí an Aontais. Mar sin féin, déanfaidh gach gnóthas machnamh ar na truailleán shonracha a chumhdaítear leis an reachtaíocht ina ndlíní faoi seach.
53. Samplaí de phromhtruailleán arna n-astú ar an aer (Treoir (AE) 2024/299; Rialachán (AE) 2024/1244; *Aerthruailliú ó phríomhearnálacha*, CE, 2024; *Is iad seo a leanas foinsí agus astaíochtaí aerthruailleán san Eoraip*, An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, 2022); ocsaídí sulfair (Sox/SO2 – e.g. ó ghiniúint fuinnimh agus téamh sa mhonaraíocht), ocsaídí nítrigine (NOx/NO2 – e.g. ón iompar), comhdhúile soghalaithe orgánacha neamh-mheatáin (NMVOC – e.g. ó ghníomhaíochtaí talmhaíochta), aonocsáid charbóin (CO – e.g. ó bhreosla iontaise a dhóchán), amóinia (NH3 – e.g. cur agus stóráil aoiligh), ábhar cáithníníeach (PM10 – e.g. ó dhóchán sa mhonaraíocht, iompar, gníomhaíochtaí talmhaíochta), trom-mhiotail (Cd, Hg, Pb, As, Cr, Cu, Ni, Zn), POPanna (iomlán PAHanna, HCB, PCBanna, dé-ocsainí/fúráin), substaintí ídithe ózóin ‘ODS’ (clórafluaracarbóin ‘CFCanna’, hidreaclórafluaracarbóin ‘HCFCanna’, halóin), carbón dubh (BC – e.g. ón ídiú fuinnimh), etc.
54. I measc na mórfhoinsí astaíochtaí aerthruailleán san earnáil phríobháideach (ag a mbíonn tionchar mór freisin ar an **slabhra luachaina** iomláine) áirítear na cinn seo a leanas: (a) giniúint an leictreachais ó bhreosla iontaise nó dóchán bithmhaise (a d'fhéadfaí a dhéanamh go seachtrach, a dháileadh trí eangach náisiúnta, agus a ídiú ansin feadh ghníomhaíochtaí an tslabhra luacha); (b) dóchán breosla iontaise nó bithmhaise do-aistrithe a dhíriú laistigh de ghníomhaíochtaí nó próisis thionsclaíocha gnóthais, nó oibriú innealra dho-aistrithe nó gníomhaíochtaí eile óna dteastaíonn dóchán breosla; (c) iompar (lasta, bóithre, iarnród, loingeas agus eitlíocht, feithiclí seachbhóthair amhail na cinn úd a úsáidtear sa talmhaíocht nó san fhoirgníocht); (d) próisis thionsclaíocha (ní dhíorthaíonn na hastaíochtaí eile uile as dóchán breosla agus a tharlaíonn le linn próisis thionsclaíocha); (e) talmhaíocht (beostoc agus bainistíocht aoiligh, táirgeadh barr amhail iarmhairtí barr a dhó, cur aoiligh agus leasachán); (f) diúscairt na dramhaíola (e.g. líonadh talún, loscadh dramhaíola nó dó faoin aer, nó múiríníú).
55. Tá sampla thíos de mhodheolaíocht shimplí chun fardal astaíochtaí aerthruailleán cuideachta a fhorbairt, agus astaíochtaí na n-aerthruailleán faoi seach a ríomh. Tá an mhodheolaíocht seo roinnte sna céimeanna seo a leanas; gan mapáil **an tslabhra luacha** a áireamh de réir an Chaighdeán TD-FBM, tá an fhaisnéis is gá faoin gCeanglas maidir le Nochtadh le tuairisciú ar leibhéal na cuideachta tuairiscithe: (1) foinsí astaíochtaí a shainaithint laistigh den slabhra luacha (2) modheolaíochtaí a shainaithint chun astaíochtaí a chainníochtú, (3) sonraí gníomhaíochta a bhailiú, (4) fachtóirí astaíochtaí a shainaithint, agus (5) astaíochtaí a chainníochtú. Tugtar leis an treoraíocht mapáil ar fhoinsí truailleán le modheolaíochtaí chun faisnéis a ríomh maidir le hastaíochtaí ag díorthú as na príomh-aerthruailleán (sa tábla thíos). ⁽³⁾

Foinsí truaillithe	Modheolaíocht chun astaíochtaí a chainníochtú (Roinn sa treoraíocht)
Leictreachas	Roinn 4,1
Dóchán breosla	Roinn 4,2

⁽³⁾ SEI agus CCAC (2022). Treoir Phraiticiúil do Ghnólaigh maidir le Measúnú um Astaíochtaí Aerthruailleán. Institiúid Comhshaoil Stóicólm (SEI) agus An Chomhghuaillíocht Aeráide agus Aeir Ghlain (CCAC).

Foinsí truaillithe	Modheolaíocht chun astaíochtaí a chainníochtú (Roinn sa treoraíocht)
Iompar	Roinn 4,3
Próisis thionsclaíocha	Roinn 4,4
Talmhaíocht	Roinn 4,5
Dramhaíl	Roinn 4,6

56. Tá sampla thíos de mhodh ríomha le haghaidh astaíochtaí truailléan air agus úsáid á baint as an modh don mhonaríocht a leagtar amach thuas. Sa sampla faoi thrácht, is é M_p an chainníocht d'ábhar M a úsáidtear i (nó a tháirgtear trí) **slabhra luacha** cuideachta agus úsáid á baint as próiseas p (tonaí, lítir); Is é $EF_{k,p}$ an fachtóir astaíochta le haghaidh thruailleán k i gcás phróiseas p (táirgeadh aonaid g-1); Is astaíochtaí iad $Em_{k,p}$ de thruailleán sonrach k i gcás phróiseas p (g).

$$Em_{k,p} = M_p * EF_{k,p}$$

57. Mar shampla, chuirfeadh monaróir seacláide meánmhéide a tháirgeann 1 750 tona seacláide in 2022 an fachtóir astaíochta réamhshocraithe 2 i bhfeidhm chun a chuid astaíochtaí NMVOCanna a ríomh, rud as a dtiocfadh an ríomh seo leanas:

$$1\,750 \text{ tona seacláide} * 2 \text{ (fachtóir astaíochta NMVOCanna)} = 3\,500 \text{ tona astaíochtaí NMVOCanna.}$$

58. D'fhéadfadh iompar a bheith ina fhoinsé shuntasach truaillithe air eile laistigh d'oibríochtaí dílse agus ar leibhéal **an tslabhra luacha**. Sa chás sin, chun meastachán a dhéanamh ar astú truailléan shonraigh ón iompar de bhóthar, mar shampla, beidh ar an eintiteas an fhoirmle seo a leanas a úsáid, i gcás inarb é $FC_{v,f}$ an t-ídiú breosla de chineál feithicle v a úsáideann breosla f (kg); Is é $EF_{k,v,f}$ an fachtóir astaíochta le haghaidh thruailleán k i gcás chineál feithicle v agus bhreosla f (g feithicil-km-1); Is é $Em_{k,v,f}$ an fachtóir astaíochta le haghaidh an thruailleán sonrach k i gcás chineál feithicle v agus bhreosla f (g).

$$Em_{k,v,f} = FC_{v,f} * EF_{k,v,f}$$

59. Mar shampla, feithicil tráchtála éadrom (FTÉ) a oibrítear ar dhíosal a thaistil 2 800 km san iomlán in 2022, tháirg sí an méid astaíochtaí PM10 seo a leanas (fachtóir astaíochta PM10 dar luach 1,52 g/kg):

$$2\,800 \text{ km} * 1,52 = 4\,256 \text{ gram d'astaíochtaí PM}_{10}.$$

60. Is foinse chriticiúil bhreise d'astaíochtaí air é dóchán breosla. Sa chás sin, d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith ina shampla d'fhoirmle, i gcás inarb é FC_n an breosla n a ídtéar laistigh den chatagóir foinse (Gj); Is é EF_k an fachtóir astaíochta le haghaidh thruailleán k sin (g/Gj); agus is astaíochtaí iad $Em_{k,p}$ de thruailleán sonrach k (g).

$$Em_k = FC_n * EF_k;$$

61. Mar shampla, beidh fachtóir astaíochta 0,67 le haghaidh SO2 ag cuideachta a ídíonn 3 000 000 gram de bhreosla in 2020, rud as a dtiocfaidh an méid seo a leanas:

$$3\,000\,000 * 0,67 = 2\,010\,000 \text{ gram d'astaíochtaí SO}_2. \text{ ó dhócháin breoslaí in 2020.}$$

62. Samplaí de phríomhthruailleáin san uisce (Rialachán (AE) 2024/1244; Treoir 2000/60/CE; Treoir 2006/118/CE; Treoir 91/676/CEE; Treoir 2010/75/AE; agus leasú ar Threoir 2024/1785; Is iad seo a leanas *scaoiltí truailléan tionsclaíoch san uisce san Eoraip*, EEA, 2024): nítrigin (N), fosfar (P), trom-mhiotail (Cd, Hg, Pb chomh maith le As, Cr, Cu, Ni, Zn), POPanna agus lotnaidicídí, BTEX (beinséin, toluéin, eítílbeinséin, xiléiní) agus Comhdhúile Soghalaithe Orgánacha (CSOnna) eile, substaintí a théann i bhfeidhm go diúltach ar chothrom na hocaigine (arna dtomhas le paraiméadair amhail BOD, COD, etc.), carbón iomlán orgánach (TOC), etc.

63. Féadfar lotnaidicídí agus cothaithigh (e.g. N agus P) a scaoileadh trí ghníomhaíochtaí talmhaíochta (*Príomhfhoinsí an truaillithe uisce*, EEA, 2023; *Introduction to Freshwater Quality Monitoring and Assessment – Technical Guidance Document*, UNEP, 2023) (e.g. aoileach nó leasachán neamhorgánach a chur). Féadfaidh tiúchana trom-mhiotal teacht as scaoilí mianadóireachta agus fuíolluisce. Is táscaire cineálach é TOC ar éilliú an uisce le hábhar orgánach lena gcuirtear in iúl ábhar beo a bheith i láthair, mar shampla san fhuíolluisce, ach uisce dromchla agus screamhuisce freisin (gnáthleibhéil tiúchana is lú ná 10 mg l⁻¹ agus 2 mg l⁻¹, faoi seach). Is tasc forleathan é COD ar eisiltigh thionsclaíocha nó camras a bheith i láthair, ag a bhfuil luachanna atá níos ísle ná 20 mg l⁻¹ de ghnáth in uiscí neamhthruaillithe agus fuíolluisce tionsclaíocha a shroicheann luachanna suas le 60 000 mg l⁻¹. Is gnách go n-úsáidtear BOD chun truailliú le hábhar orgánach a chinneadh in uiscí dromchla chomh maith le héifeachtúlacht na cóireála séarachais, agus is iondúil go mbaineann luachanna leis thart ar 2 mg l⁻¹ in uiscí neamhthruaillithe agus 10 mg l⁻¹ agus níos mó in uiscí truaillithe. Is féidir scaoileadh CSOnna teacht as doirtí san uisce.
64. A mhéid a bhaineann leis an modheolaíocht a úsáidtear chun astaíochtaí chun uisce a thomhas, molann EEA (*Calculating emissions to water – a simplified method [Astaíochtaí chun uisce a ríomh – modh simplithe]* (Tuarascáil 3/2022 ó ETC/ICM)) teicníc shimplí meastacháin atá comhchosúil leis an gceann a úsáidtear i gcás na dtuairilleán air réamhluaite. San fhoirmle thíos, is é AR_a an ráta gníomhaíochta le haghaidh ghníomhaíocht a (lena roghnú bunaithe ar an ngníomhaíocht nó próiseas ar leith; e.g. féach Mp i ríomh na n-astaíochtaí air thuas); Is é EF_{p,a} an fachtóir astaíochta le haghaidh thruailleán p i gcás ghníomhaíocht a; agus is é Emissions_{p,a} astaíochtaí ó thruailleán sonrach p i gcás ghníomhaíocht a.

$$\text{Emissions}_{p,a} = \text{AR}_a * \text{EF}_{p,a}$$

65. Is samplaí de phromhthruailléin arna n-astú san ithir (Rialachán (AE) 2024/1244; Treoir 86/278/CEE) iad: N, P, trom-mhiotal (e.g. sloda séarachais a chur ar thalamh), BTEX agus CSOnna, POPanna agus lotnaidicídí eile.
66. Ar an iomlán, is iad na táirgí nó na seachtháirgí ó phróisis thionsclaíocha foinsí an truaillithe ithreach ag an earnáil phríobháideach (e.g. táirgeadh ceimiceán, fuinneamh, monaraíocht teicstílí), doirtí trí thimpiste táirgí a dhíorthaítear as peitreal, beostoc agus gníomhaíochtaí talmhaíochta (e.g. uisciú le fuíolluisce neamhchóireáilte, tógáil éanlaithe), táirgeadh agus cóireáil an fhuíolluisce, táirgeadh agus próiseáil miotal agus mianraí, agus iompar (*Global assessment of soil pollution: Tuarascáil, An Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta, 2021*).
67. Tá roinnt lámhleabhar forbartha chun tacú le cuideachtaí a gcuid astaíochtaí san aer, san uisce agus san ithir a ríomh, mar shampla is amhlaidh san Astráil (*Emission Estimation Technique Manual for Soft Drink Manufacture, National Pollution Inventory*) agus san Afraic Theas (*TA Guide to Reporting and Estimating Emissions for the IPWIS*) a chuirtear roinnt beag roghanna meastacháin ar fáil d'eintitis, ag brath ar a gcuid féidearthachtaí: tomhas díreach (e.g. sampláil, córas faireacháin leanúnaigh), maischothromaíocht, ríomhanna innealtóireachta, fachtóirí astaíochta (an fhoirmle chéanna thuas i gcás astaíochtaí air agus uisce), etc. Is é seo a leanas an cur chuige ginearálta chun astaíochtaí den sórt sin a ríomh: 1) na foinsí astaíochtaí laistigh den tsaoráid a shainaithint (dóchán, monaraíocht, galú tuaslagóirí, stóráil, éalaitheach); 2) stoc a dhéanamh den fhaisnéis atá ar fáil; 3) an modh is oiriúnaí don phróiseas sonrach faoi mheastóireacht, an fhaisnéis atá ar fáil, agus na huirlisí tomhais is féidir a shealbhú chun na sonraí is gá a fháil, na nithe uile sin a shainaithint sa liosta de mhodhanna meastacháin; 4) na sonraí is gá a bhailiú le haghaidh gach modha; agus 5) astaíochtaí a ríomh. Tugtar roinnt foirmle agus samplaí sna lámhleabhair le haghaidh gach modha ríomha astaíochtaí.
68. Is féidir teacht ar liosta fachtóirí astaíochta le haghaidh truailléin air ag leathanach gréasáin tiomanta na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil. Cé go mbaintear úsáid níos coitianta as fachtóirí astaíochta le haghaidh truailliú an air, chuir an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte roinnt áirithe díobh ar fáil maidir le scaoileadh uisce dromchla agus diúscairt ar talamh le haghaidh próisis shonracha. Féadfar fachtóirí astaíochta breise le haghaidh POPanna a cheadú ar leathanach gréasáin na *Sraithe Straitéisí maidir le Sainaithint agus Caimníochtú Scaoiltí Dé-ocsainí, Fúrán agus POPanna Neamhbheartaithe Eile*.
69. Ní mór a thabhairt faoi deara nach mbeidh feidhm ag na ceanglais faoi mhír 32 ach amháin maidir le FBManna a oibríonn in earnálacha ar leith. Gnóthais atá páirteach i soláthar seirbhísí (e.g. oibriú i saoráidí comhoibre nó i saoráidí comhroinnte nó go cianda), mar shampla, is iondúil nach n-áirítear iad faoi raon feidhme an nochta seo. Os a choinne sin, is iondúil a bhaineann **tionchair** le gnóthais a thugann faoi ghníomhaíochtaí táirgthe (e.g. ceimiceáin) i dtéarmaí an truaillithe, agus is amhlaidh dá bhrí sin a bhfuil coinne leis go dtuairisceoidh siad faoin nochta seo. Sa tábla thíos (atá oiriúnaithe ó *Threoirleabhar d'Úsáideoirí EMAS*) tugtar samplaí de thionchair earnálacha, lena n-áirítear i gcás seirbhísí oifige, nach bhféadfadh na gnéithe atá bainteach le truailliú a bheith ina ngnéithe suntasacha.

Gníomhaíocht	Gné chomhshaoil	Tionchar ar an gcomhshaoil
Iompar	— olaí meaisín ídithe, ídiú breosla — astaíochtaí ó fheithiclí — scríobadh bonn (deannach mín)	— truailliú ithreach, uisce, aeir — iarmhairt ceaptha teasa, torann
Tógáil	— ídiú amhábhair phríomhúil (acmhainn) — astaíochtaí aeir, torann, creathanna, etc. Ó innealra tógála — ídiú talún	— infhaighteacht amhábhair — torann, truailliú ithreach, uisce, aeir — scriosadh an chumhdaigh talún — cailliúint bithéagsúlachta
Seirbhísí oifige	— ídiú ábhar (e.g. páipéar, tonóir) — ídiú leictreachais (a mbíonn astaíochtaí CO ₂ indíreacha mar thoradh air)	— dramhaíl chathrach mheasctha a ghiniúint — iarmhairt ceaptha teasa
Tionscal ceimiceán	— ídiú amhábhair phríomhúil (acmhainn) — fuíolluisce — astaíochtaí comhdhúile soghalaithe orgánacha — astaíochtaí substaintí ídithe ózóin	— infhaighteacht amhábhair — truailliú uisce — ózón fótaiceimiceach — scriosadh an chisil ózóin

B5 – Bithéagsúlacht

Treoraíocht maidir leis an gcaoi a ndéantar láithreáin a shainaithint i limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó atá gar do limistéir den sórt sin

70. Sonraítear i mír 33 go nochtfaidh an gnóthas **na láithreáin** a oibríonn sé atá suite i **limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de, nó atá gar do limistéir den sórt sin**. Sainmhínítear limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de le sainrialachán um chosaint an dúlra ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. Tá siad sin comhdhéanta de limistéir a bhaineann leis an líonra Natura 2000 de limistéir faoi chosaint, láithreáin Oidhreacht Domhanda UNESCO agus Príomhlímistéir Bhithéagsúlachta ('PLBanna') chomh maith le limistéir eile faoi chosaint a ainmnítear mar limistéir a dteastaíonn cosaint speisialta ina leith ó údaráis rialtasacha (e.g. limistéir faoi chosaint foraoise nó limistéir atá laistigh de cheantair abhantraí).
71. Chun limistéir faoi chosaint agus **limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de** a shainaithint, féadfaidh an gnóthas bunachair sonraí a cheadú amhail *An Bunachar Sonraí Domhanda um Limistéir faoi Chosaint (WDPA)* (ar bunachar sonraí domhanda é chun cuidiú le limistéir mhara agus talún faoi chosaint a shainaithint), an *Bunachar Sonraí Domhanda um Príomhlímistéir Bhithéagsúlachta*, agus *Liosta Dearg IUCN na Speiceas faoi Bhagairt*. Féadfaidh an gnóthas uirlisí a úsáid freisin amhail an Uirlis Chomhtháite um Measúnú na Bithéagsúlachta (IBAT).
72. **Le Gar**, i gcomhthéacs B5 – Bithéagsúlacht, tagrófar do limistéar a fhorluíonn (go páirteach) nó atá in aice le **limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de**.
73. Taispeántar sa tábla seo a leanas conas is féidir faisnéis maidir le **láithreáin i limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de** nó gar dóibh a chur i láthair.

Suíomh	Réimse (heicteáir)	Limistéar atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de	Sonraíocht (suite i limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó gar dóibh)
Tír – Ainm láithreáin 1			
Tír – Ainm láithreáin 2			
Tír – Ainm láithreáin 3			
...			

Treoraíocht maidir leis an gcaoi chun **talamhúsáid** a ríomh agus a thuairisciú

74. Tuigtear **‘limistéar séalaithe’** mar limistéar ina bhfuil an ithir bhunaidh clúdaithe (e.g. bóithre, foirgnimh, carrchlóis), á tiontú ina hithir neamhscagach agus óna dtagann **tionchar** ar an gcomhshaol.
75. Is éard atá i limistéar glas nó **‘limistéar atá dírithe ar an dúlra’** limistéar a chaomhnaíonn nó a athbhunaíonn an dúlra go príomha. Féadfaidh limistéir ghar-nádúrtha/ghlasa a bheith suite ar **láithreán** na heagraíochta, agus d’fhéadfaí a áireamh leo díonta, aghaidheanna, córais draenála uisce nó gnéithe eile atá deartha, oiriúnaithe nó bainistithe ar mhaithe le cur chun cinn na bithéagsúlachta. Féadfaidh limistéir ghar-nádúrtha a bheith suite lasmuigh de láithreán na heagraíochta freisin, má tá siad faoi úinéireacht nó faoi bhainistíocht na heagraíochta, agus é mar phríomhfheidhm acu an bithéagsúlacht a chur chun cinn.
76. Taispeántar sa tábla seo a leanas conas is féidir faisnéis maidir le **talamhúsáid** a chur i láthair (EMAS, 2023).

An cineál úsáide talún	Réimse (heicteáir nó m ²)
An t-achar iomlán atá séalaithe	
An t-achar iomlán atá dírithe ar an dúlra ar an láthair	
An t-achar iomlán atá dírithe ar an dúlra lasmuigh den láthair	
Úsáid iomlán talún	

B6 – Uisce

Treoraíocht faoin gcaoi le haistarraingtí uisce agus ídiú uisce a ríomh agus a thuairisciú

77. Baineann **aistarraingt uisce** leis an méid uisce a tharraingíonn gnóthas isteach ina theorainneacha eagraíochtúla ó fhoinsé ar bith le linn na tréimhse tuairiscithe. Ar bhonn praiticiúil, i gcás an chuid is mó gnóthas baineann sé sin leis an méid uisce a bhaintear ón líonra soláthair phoiblí uisce mar a thugtar le fios sna billí fónais. Mar sin féin, i gcás inarb infheidhme, áirítear leis an aistarraingt uisce freisin na méideanna uisce a bhaintear ó fhoinsí eile amhail screamhuisce ó thoirbreacha an ghnóthais féin, uisce a bhaintear ó aibhneacha nó lochanna nó uisce a fhaigheann gnóthais eile. I gcás sonrach na gnóthais a oibríonn sa talmhaíocht, d’áireofaí leis an aistarraingt uisce fearthainne má bhailítear go díreach é agus má stóráilann an gnóthas é.
78. Is féidir sonraí **aistarraingthe uisce** a aisghabháil ó thomhais le sreabh-mhéadair nó billí uisce; go deimhin féin, ar bhonn praiticiúil i gcás an chuid is mó gnóthas baineann aistarraingt uisce leis an méid uisce a bhaintear ón líonra soláthair phoiblí uisce mar a thugtar le fios sna billí fónais. I gcásanna nach bhfuil tomhais dhíreacha indéanta nó ina meastar nach leordhóthanach iad, agus dá bhrí sin gur gá iad a chomhlánú, is féidir sonraí maidir le haistarraingt uisce a mheas, mar shampla, le samhlacha ríomha, agus le caighdeáin an tionscail.
79. Mar shampla, i gcás oifig chomhroinnte nó spás oibre comhionaid, b’fhéidir gur modh féideartha chun an **aistarraingt uisce** a ríomh aistarraingt uisce fhoriomlán an fhoirgnimh a fháil ón mbille fónais agus an aistarraingt uisce a ríomh in aghaidh an **fhostaí** leis an gcothromóid seo a leanas:

Aistarraingt uisce in aghaidh an fhostaí sa lá (L) = aistarraingt bhliantúil uisce (L) / líon fostaithe san fhoirgneamh comhroinnte iomlán x líon laethanta oibre).

D’fhéadfadh an gnóthas an aistarraingt uisce in aghaidh an fhostaí a iolrú ar líon a fhostaithe agus an líon laethanta a d’oibrigh siad sa bhliain tuairiscithe leis an líon iomlán is gá sa phointe sonraí.

Le sampla uimhriúil a dhéanamh tríd an bhfoirmle atá beartaithe a chur i bhfeidhm, is é 1 296 m³ (a chomhfhreagraíonn do 1 296 000 L) an aistarraingt bhliantúil uisce a fhaightear ón mbille uisce de spás ionaid comhoibre, ar ionad comhoibre é ina n-oibríonn 100 fostaí ó chuideachtaí difriúla le chéile go ceann líon measta 240 lá sa bhliain. Is féidir an toimhde maidir leis an meánlíon laethanta a oibrítear a bhunú ar staidreamh náisiúnta, mar shampla. Sa chás sin ba í seo a leanas an aistarraingt uisce in aghaidh an fhostaí:

$$\text{aistarraingt uisce in aghaidh an fhostaí ar bhonn laethúil} = 1\,296\,000\text{ L} / (100 \times 240) = 54\text{ L}$$

80. Má ghlactar leis anois gurb ionann líon na **bhfostaithe** ag an ngnóthas tuairiscithe agus 25, agus go n-úsáideann siad an spás ionaid comhoibre go ceann 220 lá sa bhliain, b'ionann **aistarraingt bhliantúil uisce** an ghnóthais agus an aistarraingt uisce in aghaidh an fhostaí arna hionlú ar a líon fostaí agus líon na laethanta a oibrítear, dá bhrí sin $54 \times 25 \times 220 = 297\,000\text{ L}$ (a chomhfhreagraíonn do 297 m³).
81. D'fhéadfadh an ríomh sin a bheith úsáideach nuair is féidir bille uisce an fhoirgnimh chomhroinnte a rochtain. Tá roinnt teorainneacha ag an modh ríomha simplí sin, óir nach meastar leis, mar shampla, difríochtaí úsáide idir páirteanna difriúla an fhoirgnimh (e.g. i bhfoirgneamh sheacht n-urlár d'fhéadfaí sé urlár a thabhairt d'oifigí agus urlár amháin do cheaintín nó bialann), a d'fhéadfadh an gnóthas a réiteach má tá sonraí breise ar fáil, rud a bheachtáíonn a thuilleadh an bunríomh a thugtar thuas mar shampla.
82. Bealach malartach le sonraí **aistarraingthe uisce** a fháil sa sampla d'oifigí comhroinnte nuair nach féidir an bille uisce a fháil ab ea iad a ríomh le sreabhrátaí daingneán agus sonraí áitíochta á n-úsáid mar ionchuir phríomha. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith ina fhoirmle fhéideartha:

$$\text{Iomlán na haistarraingthe uisce} = \sum (\text{Sreabhráta} \times \text{Líon Úsáidí sa Lá} \times \text{Líon Laethanta sa Bhliain} \times \text{Áitíocht})$$

i gcás inarb amhlaidh:

- (a) is féidir sreabhrátaí nó gach daingneán a aisghabháil ó dhoiciméadacht an tionscadail nó ó lipéid na ndaingneán, mar shampla, nó a mheas ar bhunú na meánsonraí atá ar fáil go poiblí mura féidir faisnéis níos cruinne a aisghabháil;
 - (b) is féidir an líon úsáidí sa lá a mheas bunaithe ar mheáin atá ar fáil go poiblí;
 - (c) a sheasann 'an líon laethanta' don líon laethanta oibríochta don ghnóthas tuairiscithe laistigh de bhliain amháin;
 - (d) a fhreagraíonn 'áitíocht' do líon **fostaithe** an ghnóthais a úsáideann an oifig; a ríomhtar go minic mar choibhéis lánaimseartha ('FTE') é; agus
 - (e) ina dtugtar le fios leis an gcomhartha $\sum$ gur cheart na ríomhanna le haghaidh gach daingneáin a shuimiú leis an aistarraingt iomlán uisce a fháil don ghnóthas tuairiscithe a oibríonn in oifig chomhroinnte.
83. Foinse bhreise fhéideartha a d'fhéadfadh tacú le tuairiscí ar **aistarraingt uisce** le haghaidh gnóthais a oibríonn in oifigí comhroinnte is ea *Táscaire Leibhéal (Leibhéal) JRC 3.1: Lámhleabhar úsáideora um ídiú uisce de réir céime úsáide chomh maith le doiciméid ghaolmhara bhreise agus bileoga ríomha (féach Doiciméid na Roinne PG | Biúró Táirgí (europa.eu)).* Thairis sin, d'fhéadfadh an gnóthas *Doiciméad Tagartha EMAS d'earnáil an Riaracháin Phoiblí* agus *Doiciméad Tagartha EMAS d'earnáil na Foirgníochta* a cheadú, chomh maith le córais rátála agus deimhniúcháin amhail, lena bhféadfaí tásca úsáideacha a chur ar fáil ina gcuid modheolaíochtaí faoin gcaoi leis an ríomh a bheachtú a thuilleadh le haghaidh aistarraingt uisce in oifigí agus spásanna comhroinnte.
 84. Chuir siad samplaí ar fáil chun **aistarraingt uisce** a fháil i gcás inar féidir le gnóthais a oibríonn in earnálacha difriúla oifigí comhroinnte a thrasú agus a chur i bhfeidhm, le coigeartuithe a d'fhéadfadh a bheith riachtanach don chás earnálach agus eintiteas-sonrach ina n-oibríonn an gnóthas. D'fhéadfaí EMAS 'éasca' le haghaidh *fiontair bheaga agus mheánmhéide* agus *Doiciméid Tagartha Earnálacha (DTEanna)* EMAS a cheadú le haghaidh modheolaíocht FBM agus earnáil-sonrach agus táscairí maidir le tarraingt siar uisce chomh maith le caighdeáin agus tagarmharcanna tionscail.
 85. Is é atá in **ídiú uisce** an méid uisce a tharraingítear isteach i dtéorainneacha an ghnóthais nach scaoiltear ná nach bhfuiltear ag beartú a scaoileadh ar ais sa timpeallacht uisce ná le tríú páirtí. Baineann sé sin go hiondúil le huisce arna ghalú – e.g. i bpróisis theirmeacha fuinneamh amhail tríomú nó táirgeadh cumhachta – uisce atá leabaithe i dtáirgí – e.g. i dtáirgeadh bia – nó uisce chun críocha uisciúcháin – e.g. a úsáidtear sa talmhaíocht nó le háitreabh cuideachta a uisciú.

86. Ciallaíonn sceitheadh uisce, mar shampla, an méid uisce a aistrítear go díreach chuig dobharlaigh fála amhail lochanna nó aibhneacha, an séarach poiblí nó chuig cuideachtaí eile le haghaidh úsáid uisce in ord tosaíochta. Is féidir glacadh leis mar aschur uisce an ghnóthais.

87. Is féidir **ídiú uisce** a ríomh dá bhrí sin mar an méid seo a leanas:

$$\text{Ídiú uisce} = \text{Ionchuir Uisce} - \text{Aschuir Uisce}$$


nó is é sin le rá:

$$\text{Ídiú uisce} = (\text{Aistarraingt uisce}) - \text{Sceití uisce}.$$

I gcás gnóthais a aistarraingíonn uisce ón ngréasán uisce phoiblí agus uathu amháin, agus a sceitheann isteach sa séarach é, beidh an t-ídiú uisce gar do nialas, agus is amhlaidh dá bhrí sin a fhágfar amach as an tuarascáil é.

Ar bhonn níos ginearálta, baineann infheidhmeacht an cheanglais maidir le nochtadh i leith ídiú uisce le faisnéis atá iarrtha de réir an dlí, atá tuairiscithe cheana féin, agus/nó atá cuibhiúil don earnáil.

88. Is féidir radharc scéimreach ar an ngaol idir **aistarraingt uisce**, **ídiú uisce** agus sceitheadh uisce a fheiceáil san íomhá thíos.




89. Féadfaidh an gnóthas faisnéis mhíniúcháin bhreise a chur ar fáil leis an **aistarraingt nó ídiú uisce** a chur i gcomhthéacs. Mar shampla, féadfaidh an gnóthas a chur i dtábhacht má bhailítear agus má úsáidtear an fhearthainn mar ionadaí don uisce ón sconná nó má sceitear an t-uisce i bpáirtithe eile le haghaidh úsáid in ord tosaíochta.
90. Is féidir teacht thíos ar shampla faoin gcaoi ina bhféadann gnóthais faisnéis chainníochtúil maidir lena n-aistarraingtí, sceití agus ídiú uisce arna roinnt ar **shuíomh** an láithreáin.

	Asbhaint uisce E.g. m ³	Tomhaltas uisce E.g. m ³ (más infheidhme)
Gach láithreán		
Láithreáin i limistéir ina bhfuil strus maidir le huisce		

Treoraíocht maidir lena fháil amach an n-oibríonn an gnóthas i limistéar atá faoi ardstrus maidir le huisce

91. Féadfaidh an gnóthas dul i gcomhairle le húdaráis áitiúla uisce (e.g. údaráis náisiúnta nó réigiúnacha) na háite (na n-áiteanna) ina n-oibríonn sé chun a mheasúnacht ar acmhainní uisce a mhúnlú i gcás an tsuimh shonraigh (na suíomhanna sonraigh), lena n-áirítear na limistéir ina bhfuil ardstrus maidir le huisce a shainaithint. Féadfaidh an gnóthas na huirlisí atá ar fáil go poiblí agus saor in aisce a cheadú freisin, arb uirlisí iad lena leagtar amach ar léarscáil an ganntanas uisce ar bhonn domhanda. Uirlis amháin den sórt sin is ea *Aqueduct Water Risk Atlas de chuid WRI*, ina gcuirtear léarscáil idirghníomhach ar fáil den táscaire struis maidir le huisce (an 'bhonnlíne struis uisce', lena dtomhaistear an cóimheas idir an t-éileamh iomlán ar uisce agus na soláthairtí uisce dromchla agus screamhuisce in-athnuaite atá ar fáil) ar leibhéal fo-abhantraí. A bhuí leis an uirlis sin, féadfaidh na gnóthais an bhonnlíne struis uisce a cheadú, bonnlíne atá socraithe le haghaidh abhantracha éagsúla ar fud an domhain. Má tá luachanna an táscaire bonnlíne struis uisce os cionn 40 %, is léiriú é sin ar limistéar ina bhfuil ardstrus maidir le huisce.
92. Mar léiriú, taispeántar sa léarscáil thíos na príomh-abhantracha ar leithinis na hIbéire agus a n-aicmiú struis maidir le huisce de réir *Aqueduct WRI*.



Tá roinnt abhantrach ar leithinis na hIbéire le feiceáil san íomhá seo, i dteannta a n-aicmiú de réir an struis maidir le huisce. Tá an chuid is mó den chuid theas den leithinis i limistéar ina bhfuil ardstrus suntasach maidir le huisce – cé is moite d'abhantrach Guadiana (a bhfuil dath buí uirthi). Dá réir sin, má tá oibríochtaí ag an ngnóthas laistigh d'abhantrach Guadalquivir (e.g. réigiún na hAndalúise, ina bhfuil leibhéal suntasach ardstruis maidir le huisce), b'éigean don ghnóthas **a ídiú uisce** a dhí-chomhbhailiú don réigiún/abhantrach sin. Ach más rud é go dtarlaíonn a chuid oibríochtaí laistigh de chuid theas d'abhantrach Guadiana (ina bhfuil strus íseal maidir le huisce), níor ghá sa chás sin a ídiú uisce a dhí-chomhbhailiú don réigiún/abhantrach sin.

93. Uirlisí féideartha eile ar féidir le gnóthais a cheadú lena suíomh a fháil amach i limistéir ina bhfuil strus maidir le huisce is iad an léarscáil statach (agus tacar sonraí gaolmhar) arna cur ar fáil ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) *Innéacs Saothraithe Uisce plus (WEI+)* don samhradh agus *Criosanna Moirfeolaíochta Uirbeacha (UMZ)* agus an léarscáil idirghníomhach *Innéacs dúshaothraithe uisce plus (WEI+)* le haghaidh ceantair abhantraí (1990-2015), ina gcuirtear i láthair an táscaire struis maidir le huisce WEI+ lena dtomhaistear **ídiú uisce** mar chéatadán d'acmhainní fíoruisce in-athnuaite ar leibhéal fo-abhantraí. Is iondúil go léiríonn luachanna WEI+ atá comhionann le 40 % nó níos mó cásanna ardstruis maidir le huisce. Is fiú a chur i dtábhacht go mbunaíonn Uiscerian WRI a tháscaire bonnlíne struis uisce ar an éileamh ar uisce, agus tá táscaire EEA ar strus maidir le huisce WEI+ bunaithe ar an ídiú uisce.

B7 – Úsáid acmhainní, geilleagar ciorclach agus bainistiú dramhaíola

Treoraíocht maidir le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh

94. Agus faisnéis á nochtadh maidir lena tháirgí, úsáid ábhar agus bainistiú dramhaíola, féadfaidh an gnóthas faisnéis a chur ar fáil i ndáil le **prionsabail an gheilleagair chiorclaigh**. Cuirtear in iúl sna míreanna thíos prionsabail an gheilleagair chiorclaigh. Tugtar breac-chuntas thíos ar na príomhphrionsabail den gheilleagar ciorclach agus cuirtear na príomhphrionsabail a chuireann an Coimisiún Eorpach san áireamh i gcló *iodálach*.

Dramhaíl agus truailliú a dhíothú – is féidir é sin a dhéanamh trí fheabhsuithe ar phróisis agus freisin trí ábhair dhearthóireachta ar leibhéal *inúsáidteachta*, *ath-inúsáidteachta*, *indeisitheachta*, *díchóimeála* agus *athmhonaraithe*.

Táirgí agus ábhair a chur i gcúrsaíocht (ag a luach is airde) – is iad an *ath-inúsáidteacht* agus an **athchúrsáil** na príomhrudaí do chúrsaíocht táirgí, ach feabhsaítear an méid sin má thugtar aird faoi leith ar chiorclaíocht ag an gcéim dearthóireachta le haghaidh fadhbanna amhail in-úsáidteacht, in-athúsáidteacht, indeisitheacht, athmhonarú agus díchoimeáil. Is féidir tosca amhail áireamh bithábhar agus a *n-athchúrsaíocht tríd an timthriall bithéolaíoch* a mheas freisin, mar shampla trí úsáid a bhaint as cumhdaigh in-bhithmhílte barr in ionad plaisteach sa talmhaíocht.

An dúlra a athghiniúint – aon uair is féidir, ba cheart do ghníomhaíochtaí daonna féachaint le dúlra a athghiniúint agus príomhfheidhmeanna éiceolaíocha a fheabhsú nó a athchóiriú (i.e. sruthchúrsaí, soláthar gnáthóg, rialú teirmeach, etc.) a d'fhéadfadh a bheith caillte de bharr gníomhaíochtaí daonna roimhe seo.

Treoraíocht faoin nginiúint iomlán dramhaíola agus dramhaíl arna hatreorú chuig athchúrsáil nó athúsáid

95. Féadfaidh na gnóthais nach ngineann ach dramhaíl tí na ceanglais i mír 38 a fhágáil ar lár. Sna cásanna sin, ní luafaidh an gnóthas ach amháin go ngineann sé an cineál dramhaíola sin.
96. Ar thuairisciú dó faoin **dramhaíl ghuaiseach** i gcomhréir le mír 38(a), comhlíonann an gnóthas na ceanglais maidir le **dramhaíl radaighníomhach** de tháscaire uimhir 9 ó Thábla #1 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán maidir le Nochtadh Airgeadais Inbhuanaithe (RNAI) ⁽⁴⁾. Is féidir an táscaire RNAI seo (cóimheas idir tonaí **dramhaíola radaighníomhaí agus guaisí**) a ríomh trí leas a bhaint as an uimhreoir agus an t-ainmneoir a chuireann an gnóthas ar fáil agus iad ag tuairisciú de réir mhír 38(a).
97. Ní mór do FBManna **dramhaíl radaighníomhach** agus ghuaiseach a nochtadh má ghintear dramhaíl den sórt sin ina gcuid oibríochtaí. Braitheann an infheidhmeacht ar ábhair ghuaiseacha nó radaighníomhacha a bheith i láthair sna próisis ghnó.
98. Moltar do ghnóthais a **ndramhaíl ghuaiseach** a aicmiú trí úsáid a bhaint as an gCatalóg Dramhaíola Eorpach, nó CDE i mbeagán focal (Cinneadh ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2014 lena leasaítear Cinneadh 2000/532/CE maidir leis an liosta dramhaíola de bhun Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle), lena ndéantar dramhaíl a chatagóiriú de réir cineáil. Aon dramhaíl a mharcáiltear le réiltín ^(*), aicmítear mar dhramhaíl ghuaiseach sa CDE í, de ghnáth trí thagairt a dhéanamh do 'substaintí guaiseacha a choinneáil faoi smacht'. Mar shampla:
 - (a) earnáil leighis: earraí géara éillithe amhail snáthaidí agus steallairí a úsáidtear i suíomhanna míochaine ('dramhaíola a dtagann a mbailiú agus a ndiúscairt faoi réir ceanglais speisialta d'fhonn ionfhabhtú a chos' Cód CDE 18 01 03*), cógais chíteatocsaineacha agus chíteastatacha (Cód CDE 18 01 08*), radachógais chaite, agus trealamh diagnóiseach sonracha ina bhfaightear ábhair radaighníomhacha;
 - (b) earnáil mhonaraíochta: bealaí agus olaí úsáidte a aicmítear mar ábhair ghuaiseacha (Cód CDE 13 02 05*);
 - (c) earnáil tógála: ábhair ina bhfuil aispeist le fáil (Cód CDE 17 09 03*), ithir agus clocha ina bhfuil substaintí guaiseacha le fáil (Cód CDE 17 05 03*), agus
 - (d) ceallraí agus taisc-cheallraí: ceallraí luaidhe (16 06 01*), ceallraí Ni-Cd (16 06 02*), ceallraí ina bhfuil mearcair (16 06 03*).
99. Mar sin féin, meastar an dramhaíl a bheith guaiseach má tá ceann amháin nó níos mó de na tréithe guaiseacha inti a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir Réime Dramhaíola (Treoir 2008/98/CE). De ghrá na tagartha, cuirtear i láthair thíos anseo iad i dteannta le pictagraim faoi seach chun cuidiú le hairíonna guaiseacha a shainaithint amhail inadhaiteacht, tocsaineacht agus creimtheacht, óna bhféadfaí dramhaíl a aicmiú mar dhramhaíl ghuaiseach.
100. Baineann airíonna guaiseacha leis an **dramhaíl radaighníomhach** freisin, nó féadann airíonna guaiseacha a bheith aici, rud a fhágann gur dramhaíl ghuaiseach atá inti, is é sin airíonna carcainagineacha, só-ghineacha nó tocsaineacha don atáirgeadh. Mar sin féin, tá substaintí radaighníomhacha faoi réir rialacháin ar leithligh laistigh den Aontas Eorpach (Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle). Ba cheart gur feasach do na cuideachtaí a úsáideann ábhair radaighníomhacha ag a bhfuil an cumas dramhaíl radaighníomhach a ghiniúint atá faoi réir rialachán an Aontais faoi sin. Ba cheart an dramhaíl radaighníomhach a shainaithint bunaithe ar láithreach radanúicléidí ar leibhéal os cionn tairseacha imréitigh rialála.
101. Is féidir an **dramhaíl radaighníomhach** a bheith i láthair in éagsúlacht earraí amhail trealamh míochaine, taighde agus tionsclaíoch, braiteoirí deataigh, nó slodáí.

⁽⁴⁾ Rialachán Tarmilghe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na mionsonraí maidir le hábhar agus cur i láthair na faisnéise i ndáil leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh', lena sonraítear ábhar, modheolaíochtaí agus cur i láthair na faisnéise i ndáil le táscairí inbhuanaitheachta agus drochthionchair inbhuanaitheachta, agus ábhar agus cur i láthair na faisnéise i ndáil le cur chun cinn saintréithe comhshaoil nó sóisialta agus cuspóirí infheistíochta inbhuanaithe i ndoiciméid réamhchonarthacha, ar shuíomhanna gréasáin agus i dtuarascálacha tréimhsiúla, C/2022/1931, IO L 196, 25.7.2022, lgh. 1–72.

102. Cuirtear pictegram ghuaise le haghaidh gach aicme guaise i láthair thíos.

Picteagram guaiseacha	Ráiteas, siombail agus aicme maidir le picteagram	Cad atá i gceist leis sin?
	‘Gáis faoi bhrú’ Siombail: Sorcóir gáis Guais Fhisiceach	— Ina bhfuil gás faoi bhrú; d’fhéadfadh sé pléascadh má théitear é — Ina bhfuil gás cuisnithe; D’fhéadfadh sé a bheith ina chúis le dónna agus díobháil chriógineach
	‘Pléascach’ Siombail: Buama pléascach Guais Fhisiceach	— Pléascán éagobhsaí — Pléascán; guais mhórphléasccha — Pléascán; guais throm teilgin — Pléascán; guais dóiteáin, pléasccha nó teilgin — D’fhéadfadh sé mórphléascadh le linn dóiteáin
	‘Ocsaídeach’ Siombail: Lasair os cionn ciorcail Guais Fhisiceach	— D’fhéadfadh sé a bheith ina chúis le dóiteán a threisiú; ocsaídeoir. — D’fhéadfadh sé a bheith ina chúis le dóiteán nó pléascadh; ocsaídeoir láidir.
	‘Inadhainte’ Siombail: Lasair Guais Fhisiceach	— Gás fíor-inadhainte — Gás inlasta — Aerasól fíor-inlasta — Aerasól inlasta — Leacht an-inadhainte agus gal an-inadhainte — Leacht agus gal inlasta — Solaid inlasta
	‘Creimneach’ Siombail: Creimeadh Guais Fhisiceach / Guais do Shláinte an Duine	— D’fhéadfadh sé a bheith creimneach do mhiotail — Ina chúis le dónna troma craicinn agus damáiste do na súile
	‘Guais don tsláinte/Guais-each don chiseal ózóin’ Siombail: Comhartha uaillbhreasa Guaiseacha Sláinte	— D’fhéadfadh sé a bheith ina chúis le greannú riospráide — D’fhéadfadh sé a bheith ina chúis le codlatacht nó le meadhraon — D’fhéadfadh sé a bheith ina chúis le frithghníomhú ailléirgeach craicinn — Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil — Ina chúis le greannú craicinn — Díobhálach má shlogtar — Díobhálach má dhéantar teagmháil le craiceann — Díobhálach má ionanálaítear — Déanann sé díobháil don tsláinte phoiblí agus don chomhshaol trí ózóin san atmaisféar uachtarach a scriosadh

Picteagram guaiseacha	Ráiteas, siombail agus aicme maidir le picteagram	Cad atá i gceist leis sin?
	‘Géarthocsaineacht’ Siombail: Cloigne agus Croschnámha Guaiseacha Sláinte	— Marfach má shlogtar — Marfach i dteagmháil leis an gcráiceann — Marfach má ionanálaítear — Tocsaineach: má shlogtar — D’fhéadfadh sé a bheith tocsaineach má dhéantar teagmháil le cráiceann — Tocsaineach má ionanálaítear
	‘Guais thromchúiseach do shláinte an duine’ Siombail: Guaiseacha Sláinte Guaiseacha Sláinte	— D’fhéadfadh sé a bheith marfach má shlogtar é agus má théann sé isteach san aerchonnair — Déanann sé damáiste d’orgáin — D’fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh d’orgáin — D’fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh don torthúlacht nó don leanbh sa bhroinn — Ceaptar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh don torthúlacht nó don leanbh sa bhroinn — D’fhéadfadh sé a bheith ina chúis le hailse — Ceaptar go bhféadfadh sé a bheith ina chúis aileise — D’fhéadfadh sé a bheith ina chúis le héalanga géiniteacha — Ceaptar go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le héalanga géiniteacha — D’fhéadfadh sé a bheith ina chúis le siomptóim aillérge nó asma nó deacrachtaí anáilaithe má ionanálaítear é
	‘Guaiseach don chomhshaol’ Siombail: Comhshaol Guais Chomhshaoil	— An-tocsaineach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha — D’fhéadfadh sé a bheith tocsaineach don bheatha uisceach le héifeachtaí fadtréimhseacha

Picteagraim lena léirítear airíonna guaiseacha, larscríbhinn V, ón Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP)(CE) Uimh. 1272/2008.

103. Agus faisnéis á cur i láthair maidir lena giniúint dramhaíola nó maidir le hatreorú ón diúscairt, b’fhearr don ghnóthas faisnéis den sórt sin a thuairisciú in aonaid meáchain (e.g. kg nó tonna). Mar sin féin, dá measfadh an gnóthas na haonaid mheáchain a bheith ina n-aonad míchuí, féadfaidh siad mar mhalairt rogha an mhéadracht réamhluaite a nochtadh i dtoirteanna (e.g. m3) ina ionad sin.
104. Agus faisnéis á nochtadh maidir leis an méid bliantúil iomlán arna atreorú chuig **athchúrsáil** nó athúsáid, ba cheart don ghnóthas a thabhairt san áireamh an dramhaíl a shórtáiltear agus a sheoltar chuig oibritheoirí athchúrsála nó athúsáide (e.g. an méid dramhaíola a chuirtear i gcoimeádán athchúrsála nó sórtáil na dramhaíola ina catagóirí áirithe ábhar agus a seachadadh chuig saoráidí cóireála dramhaíola) seachas an dramhaíl a dhéantar a athchúrsáil nó a athúsáid go héifeachtach.
105. Agus faisnéis á nochtadh maidir le dramhaíl, féadfaidh an gnóthas na táblaí seo a leanas a oiriúnú.

	Dramhaíl ghinte (e.g. tonnaí)		
	An méid iomlán dramhaíola arna giniúint, lean mbaineann:		
		Dramhaíl arna hatreorú chuig athchúrsáil nó athúsáid	Dramhaíl arna treorú chuig diúscairt
Dramhaíl neamhghuaiseach			
Cineál dramhaíola 1			
Cineál dramhaíola 2			
...			

	Dramhaíl ghinte (e.g. tonaí)		
	An méid iomlán dramhaíola arna giniúint, lean mbaineann:		
		Dramhaíl arna hatreorú chuig athchúrsáil nó athúsáid	Dramhaíl arna treorú chuig diúscairt
Dramhaíl ghuaiseach			
Cineál dramhaíola 1			
...			

106. I measc na samplaí den **dramhaíl ghuaiseacha** a d'fhéadfadh gnólachtaí beaga a ghiniúint tá ceallraí, olaí úsáidte, lotnaidicídí, trealamh ina bhfuil mearcair le fáil agus lampaí fluaraiseacha.
107. Féadfaidh an gnóthas tuilleadh miondealuithe breise a chur ar fáil, lena sonraítear cineálacha breise dramhaíola atá neamhghuaiseach agus **guaiseach**. Ar dhéanamh amhlaidh dó, féadfaidh sé machnamh ar an liosta tuairiscí dramhaíola atá le fáil i méadracht shóisialta na Catalóige Dramhaíola Eorpaí.

Treoraíocht faoin mais-sreabhadh bliantúil d'ábhair ábhartha a úsáidtear

108. Is táscaire é an mais-sreabhadh bliantúil atá ailínithe le ceanglais EMAS maidir le héifeachtúlacht an tomhaltais ábhar, agus léirítear leis tuilleamaíocht gnóthais ar ábhair shonracha ina chuid oibríochtaí (e.g. adhmaid agus cruach do thionscal na foirgníochta). Ní foláir don ghnóthas faisnéis a chur ar fáil anseo maidir leis na hábhair a úsáideann sé, lena n-áirítear idir na hábhair a cheannaítear ó sholáthróirí agus iad siúd a fhoinsítear go hinmheánach ón táirgeadh. Le mais-sreabhadh bliantúil na n-ábhar ábhartha a d'úsáid sé a ríomh, ní foláir don ghnóthas na príomhábhair shonracha a shainaithint ar dtús ar a mbraitheann a chuid oibríochtaí, agus nach foláir éifeachtúlacht ábhartha a mheas ina leith (e.g. éifeachtúlacht ábhartha an adhmaid). Má úsáidtear cineálacha difriúla ábhar, beidh ar an ngnóthas an mais-sreabhadh bliantúil a chur ar fáil ar leithligh (i.e. an meáchan iomlán i gcás gach ábhair ábhartha a úsáidtear, e.g. tonaí adhmaid a cheannaítear) le haghaidh gach príomhábhair ar bhealach iomchuí, mar shampla tríd an mbealach ina gcuirtear i bhfeidhm iad a úsáid (*Treoir Úsáideora EMAS*). Tiocfaidh sreabhadh maise na n-ábhar ábhartha a úsáidtear ó shuim mheáchan gach ábhar a úsáidtear, lena n-áirítear amhábhair, ábhair chúnta, ábhair ionchuir, táirgí leathchríochnaithe, nó cinn eile nach iad (cé is moite d'fhoinsí fuinnimh agus uisce). Is fearr an táscaire sin a shloinneadh in aonaid meáchain (e.g. cileagraim nó tonaí), toirte (e.g. m³) nó aonaid mhéadracha eile as a mbaintear úsáid go coitianta san earnáil.

Treoraíocht faoin gcaoi chun próisis mhonaraíochta, foirgníochta agus/nó pacáistíochta a shainaithint

109. Le próisis mhonaraíochta, foirgníochta agus/nó phacáistithe a shainaithint, féadfaidh an gnóthas tagairt a dhéanamh do na gníomhaíochtaí sin a thagann faoi réir Roinn C – Monaraíocht, Roinn F – Foirgníocht chomh mhaith le hAicme O82.92 'Gníomhaíochtaí pacáistithe' d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/137.

1.3. Treoraíocht Bunmhodúil – Méadracht Shóisialta

B8 – Lucht saothair – Saintréithe ginearálta

110. Is é líon na bpost lánaimseartha i ngnóthas atá sa **choibhéis lánaimseartha (FTE)**. Is féidir é a ríomh trí uaireanta sceidealaithe an chloig **d'fhostaí a roinnt (líon iomlán iarbhair uaireanta oibre an chloig sa tseachtain) ar líon uaireanta an chloig an fhostóra le haghaidh seachtain oibre lánaimseartha (líon iomlán uaireanta an chloig arna ndéanamh ag fostaíthe lánaimseartha)**. Mar shampla, fostaí a oibríonn 25 uair an chloig gach seachtain le haghaidh cuideachta inarb ionann an tseachtain lánaimseartha agus 40 uair an chloig, is ionann sin agus 0.625 FTE (i.e. 25/40 uair an chloig).
111. Is ionann an líon foirne agus líon na ndaoine a fhostaíonn gnóthas arna thuairisciú ag deireadh na tréimhse tuairiscithe nó mar mheán ar fud na tréimhse tuairiscithe.

Treoraíocht faoin gcaoi chun faisnéis faoi chineálacha conarthaí fostaithe a chur i láthair

112. Taispeántar sa tábla seo a leanas an chaoi a bhféadfaí faisnéis maidir le **fostaithe** a chur i láthair de réir an chineáil conartha fostaíochta.

An cineál conartha	Líon na bhfostaithe (an líon daoine nó coibhéisí lánaimseartha)
Conradh sealadach	
Conradh buan	
An líon iomlán fostaithe	

113. Taispeántar sa tábla seo a leanas conas is féidir faisnéis maidir le **fostaithe** a chur i láthair de réir inscne.

Inscne	Líon na bhfostaithe (an líon daoine nó coibhéisí lánaimseartha)
Fireann	
Baineann	
Eile	
Níor tuairiscíodh	
An líon iomlán fostaithe	

114. I roinnt Ballstát den Aontas Eorpach, is féidir le daoine iad féin a chlárú go dlíthiúil mar dhuine den tríú hinscne, ar minic is inscne neodrach í, a bheidh le catagóiriú mar 'eile' sa tábla thuas. Má tá sonraí á nochtadh ag an ngnóthas i dtaobh **fostaithe** i gcás nach indéanta sin, féadfaidh sé an méid sin a mhíniú agus tabhairt le fios nach infheidhme í an chatagóir 'eile'. Tá feidhm ag an gcatagóir 'neamhthuiriscithe' maidir le fostaithe nach nochtann a bhféiniúlacht inscne.

115. Taispeántar sa tábla seo a leanas conas is féidir faisnéis maidir le **fostaithe** a chur i láthair de réir tíortha.

Tír (an chonartha fostaíochta)	Líon na bhfostaithe (an líon daoine nó coibhéisí lánaimseartha)
Tír A	
Tír B	
Tír C	
Tír D	
An líon iomlán fostaithe	

116. Féadfaidh sainmhínte agus cineálacha conarthaí fostaíochta a bheith difriúil ag brath ar an tír. Má tá **fostaithe** ag an ngnóthas ag obair i níos mó ná tír amháin, úsáidfídh sé na sainmhínte arna sainordú i ndlíthe náisiúnta na dtíortha ina bhfuil na fostaithe bunaithe chun sonraí ar leibhéal tíre a ríomh. Déanfar sonraí den sórt sin ar leibhéal tíre a shuimiú ansin chun na figiúirí iomlána a ríomh, agus neamhshuim á déanamh d'aon difríocht idir sainmhínte dlíthiúla náisiúnta.

117. Tagraítear le **láimhdeachas fostaithe** d'fhostaithe a imíonn ón ngnóthas go deonach nó mar gheall ar dhífhostú, dul ar scor nó bás le linn seirbhíse.

118. D'fhonn an ráta **láimhdeachais** a ríomh, ba cheart an fhoirmle thíos a úsáid.

$$\frac{\text{Number of employees who left during the reporting year}}{\text{Average number of employees during the reporting year}} \times 100$$

B9 – Lucht saothair – Sláinte agus sábháilteacht

Treoraíocht faoin ráta timpistí intaifeadta a bhaineann leis an obair

119. Ar bhunús na toimhde go n-oibríonn oibrí lánaimseartha amháin 2 000 uair an chloig sa bhliain, léirítear leis an ráta an líon timpistí a bhaineann leis an obair in aghaidh 100 oibrí lánaimseartha in imeacht achar bliana. Murar féidir leis an ngnóthas an líon uaireanta an chloig a oibrítear a ríomh go díreach, féadfaidh sé é sin a mheas ar bhonn na ngnáthuaireanta nó na n-uaireanta caighdeánacha oibre.
120. D'fhonn an ráta timpistí **intaifeadta a bhaineann leis an obair** de chuid **fostaithe** a ríomh, ba cheart an fhoirmle thíos a úsáid.

$$\frac{\text{Number of work related accidents in the reporting year}}{\text{Total number of hours worked in a year by all employees}} \times 200,000$$

Sampla

121. Thuairiscigh cuideachta A trí thimpiste a bhain leis an obair sa bhliain tuairiscithe. Tá 40 **fostaí** ag cuideachta A, agus líon iomlán 80 000 uair an chloig (40 x 2 000) d'obair déanta in aon bhliain amháin.

Is é an ráta **timpistí intaifeadta a bhaineann leis an obair** $3/80\,000 \times 200\,000 = 7.5$.

Treoraíocht maidir le líon na mbásanna de thoradh gortuithe atá bainteach leis an obair agus drochshláinte atá bainteach leis an obair

122. Eascraíonn gortuithe agus drochshláinte atá bainteach leis an obair as neamhchosaint ar chontúirtí ag an obair.
123. Maidir leis an teileas-obair, baineann gortuithe agus drochshláinte leis an obair má tá an gortú nó drochshláinte bainteach go díreach le comhlíonadh na hoibre seachas leis an timpeallacht atá le fáil i gcoitinne sa bhaile.
124. Maidir le gortuithe agus drochshláinte a tharlaíonn le linn do dhuine a bheith ag taisteal chun na hoibre, meastar iad a bheith bainteach leis an obair má bhí an **fostaí** ag déanamh gníomhaíochtaí oibre tráth an ghortaithe nó na drochshláinte. Timpistí a tharlaíonn le linn taistil, nach bhfuil faoi chúram an ghnóthais (i.e. timaistear tráthrialta chuig an obair agus uaithi), tá siad faoi réir an dlí náisiúnta is infheidhme, lena rialaítear a gcatagóiríú faoi cé acu a mheastar nó nach meastar iad a bheith bainteach leis an obair.
125. Meastar meabhairghalar a bheith bainteach leis an obair má thug an fostaí fógra go saorálach faoi, agus má eisíodh agus má tugadh fógra freisin i bhfoirm foirm mheastóireachta ó ghairmí ceadúnaithe cúraim sláinte gurb amhlaidh a bhaineann an tinneas faoi thrácht leis an obair. Maidir le fadhbanna sláinte a eascraíonn as caitheamh tobac, mí-úsáid drugaí agus alcóil, neamhghníomhaíocht coirp, aistí bia míshláintiúla, agus tosca síceasóisialta nach mbaineann leis an obair, ní mheastar go bhfuil siad bainteach leis an obair.
126. Féadfaidh an gnóthas básanna de bharr gortuithe atá bainteach leis an obair a chur i láthair ar leithligh ó na básanna úd de bharr drochshláinte atá bainteach leis an obair.

B10 – Lucht saothair – Luach saothair, cómhargáil agus oiliúint

Treoraíocht maidir le luach saothair: pá íosta

127. Tagraítear le 'pá **íosta**' don chúiteamh íosta ar fhostaíocht in aghaidh uair an chloig nó aonad eile ama. Ag brath ar an tír, d'fhéadfaí an pá íosta a shocrú go díreach sa dlí nó trí mheán comhaontuithe **cómhargála**. Tagróidh an gnóthas don phá íosta is infheidhme don tír ar a dtuairiscíonn sé.
128. I gcás na catagóire **pá** is ísle, seachas intéirínigh agus printísigh, feidhmíonn **pá íosta** mar an bonn leis an bpá bunleibhéil a ríomh. Dá bhrí sin, áirítear le pá bunúsach pá atá comhionann leis an bpá íosta chomh maith le haon íocaíocht sheasta bhreise a thugtar mar rátháíocht **d'fhostaithe** sa chatagóir sin.

Treoraíocht maidir le luach saothair: an bhearna chéatadánach idir fostaithe baineanna agus fireanna

129. Leis an méadracht don bhearna chéatadánach idir **fostaithe** baineanna agus fireanna tugtar aghaidh ar phrionsabal an chomhionannais inscne, ina sainordaítear **pá** comhionann as obair chomhionann. Sainmhínítear an bhearna phá mar an difríocht idir meánleibhéil phá idir fostaithe baineanna agus fireanna arna sloinneadh mar chéatadán den mheánleibhéil pá ag fostaithe fireanna.
130. D'fhonn an mhéadracht sin a ríomh, déanfar gach **fostaí** a áireamh sa ríomh. Ina theannta sin, ba cheart do dhá mheánríomh **pá** ar leithligh a bheith ann i gcás fostaithe baineanna agus fireanna. Féach an fhoirmle thíos:

$$\frac{(\text{Ollphá fostaithe fireanna in aghaidh na huaire ar an meán} - \text{Ollphá fostaithe baineanna in aghaidh na huaire ar an meán})}{\text{Ollphá fostaithe fireanna in aghaidh na huaire ar an meán}} \times 100$$

131. Ag brath ar bheartais luach saothair an ghnóthais, tagraítear le **hollphá** do gach ceann de na heilimintí seo a leanas:
- (a) tuarastal bunúsach, arb é an tsuim é de chúiteamh airgid ráthaithe, gearrthéarmach, agus neamh-inathraithe;
 - (b) sochair in airgead tirim, arb é sin suim an bhuntuarastail agus na liúntas airgid, bónas, coimisiún, comhroinnt brabúis airgid, agus cineálacha eile íocaíochtaí airgid inathraithe; agus
 - (c) sochair chomhchineáil ^(*).
132. Is é an **pá** comhlán suimiú na n-eilimintí uile is infheidhme a liostaítear thuas.
133. Is é an **meán-ollphá** in aghaidh uair an chloig an t-ollphá seachtainiúil/bliantúil arna roinnt ar an meánlíon uaireanta an chloig a oibrítear gach seachtain/bliaín.

Sampla

134. Tá X fostaí **fireann** agus Y fostaí baineann san iomlán ag cuideachta A. Is é €15 an **t-ollphá** in aghaidh uair an chloig d'fhostaithe fireanna, agus is é €13 an t-ollphá in aghaidh uair an chloig d'fhostaithe baineanna.
135. Is é meánleibhéil **ollphá** in aghaidh uair an chloig **na bhfostaithe fireanna** suim a gcuid íocaíochtaí comhlána in aghaidh uair an chloig arna roinnt ar líon iomlán na bhfostaithe fireanna. Is é meánleibhéil ollphá in aghaidh uair an chloig na bhfostaithe baineanna suim a gcuid íocaíochtaí comhlána in aghaidh uair an chloig arna roinnt ar líon iomlán na bhfostaithe baineanna.
136. Is í an fhoirmle a úsáidtear leis an mbearna **phá** chéatadánach idir **fostaithe** fireanna agus baineanna

$$\frac{15 - 13}{15} \times 100 = 13.3\%$$

Treoraíocht maidir le cumhdach na cómhargála

137. Is iad na **fostaithe** atá cumhdaithe ag comhaontuithe **cómhargála** na daoine aonair sin a bhfuil oibleagáid ar an ngnóthas an comhaontú a chur i bhfeidhm ina leith. Má chumhdaítear fostaí le níos mó ná aon chomhaontú cómhargála amháin, ní gá é a chomhaireamh ach aon uair amháin. Mura gcumhdaítear aon duine de na fostaithe le comhaontú cómhargála, is é nialas an céatadán a thuairiscítear.
138. Déantar céatadán na **bhfostaithe** a chumhdaítear le comhaontuithe **cómhargála** a ríomh trí úsáid a bhaint as an bhfoirmle seo a leanas.

$$\frac{\text{Líon fostaithe a chumhdaítear le comhaontuithe cómhargála}}{\text{Líon fostaithe}} \times 100$$

^(*) D'fhéadfaí gluaisteáin, árachas sláinte príobháideach, árachas saoil agus cláir folláine a áireamh i measc na samplaí.

139. Féadfar an fhaisnéis a theastaíonn de réir an cheanglais seo maidir le nochtadh a thuairisciú mar rátaí cumhdaigh má tá cumhdach **na cómhargála** idir 0-19 %, 20-39 %, 40-59 %, 60-79 % nó 80-100 %.
140. Ní hé is aidhm don cheanglas sin an céatadán **fostaithe** a ndéanann comhairle oibreacha ionadaíocht dóibh nó atá i gceardchumainn a fháil, dhá ní is féidir a bheith éagsúil. Is féidir go mbeidh an céatadán fostaithe a chumhdaítear le comhaontuithe **cómhargála** níos airde ná an céatadán fostaithe i gceardchumann i gcás ina mbeidh feidhm ag na comhaontuithe cómhargála maidir le comhaltaí ceardchumainn agus comhaltaí nach comhaltaí ceardchumainn iad araon.

1.4. Treoraíocht Bunmhodúil – Méadracht Iompair Gnó

B11 – Ciontuithe agus fineálacha mar gheall ar éilliú agus breabaireacht

141. Tagann **éilliú** agus **breabaireacht** faoi shaincheist inbhuanaitheacht an **iompair gnó**.
142. De réir mhír 43, tuairisceoidh an gnóthas ar líon iomlán na gciontuithe agus an méid iomlán fineálacha ar dhlíthe frith-**éillithe** agus frith**bhreabaireachta**.

Treoraíocht maidir le ciontuithe

143. Tagraítear le ciontuithe ar dhlíthe frith-**éillithe** agus frith**bhreabaireachta** a shárú d'aon fhóras i gcúirt choiriúil in aghaidh duine aonair nó gnóthais i ndáil le cion coiriúil a bhaineann le héilliú agus breabaireacht, mar shampla i gcás ina gcuirtear na cinntí cúirte sin sa taifead coiriúil de Bhallstát an Aontais Eorpaigh ina ndéantar an ciontú.

Treoraíocht maidir le fineálacha

144. Tagraítear leis na fineálacha arna n-eisiúint in aghaidh dlíthe frith-**éillithe** agus frith**bhreabaireachta** a shárú do phionóis éigeantacha airgeadaíochta de thoradh sárúithe ar dhlíthe frith-éillithe agus frithbhreabaireachta a ghearrann cúirt, coimisiún nó údarás eile rialtais, a íoctar le státchiste poiblí.

Modúl Cuimsitheach: Treoraíocht

145. Tá an treoraíocht atá le fáil sna ranna thíos ceaptha chun cur i bhfeidhm na gceanglas maidir le nochtadh inbhuanaitheachta atá le fáil i míreanna 44 go 65 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta deonach le haghaidh gnóthais bheaga agus mheánmhéide a éascú.
146. Tá an treoraíocht thíos beartaithe mar chuid d'éiceachóras lena bhféadfaí forbairt treoraíochta breise maidir le tacaíocht ag EFRAG a áireamh freisin, uirlisí digiteacha breise agus tacaíocht do chur chun feidhme (gníomhaíochtaí oideachasúla, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus araile), arb éard is aidhm dó tuiscint ar roinnt de na gnéithe teicniúla sa treoraíocht a éascú.
147. Tá an treoraíocht seo ceaptha chun tacú le méadracht a ullmhú sa Mhodúl Cuimsitheach.

1.5. Treoraíocht maidir leis an Modúl Cuimsitheach – Faisnéis ghinearálta

C1 – Straitéis: Samhail Ghnó agus Inbhuanaitheacht – Tionscnaimh Ghaolmhara

148. Agus tuairisc á tabhairt ar na **príomhghaolmhaireachtaí** idir tomhaltóirí agus soláthróirí faoi mhír 47 (c), nochtfaidh an gnóthas líon measta na soláthróirí, agus a gcuid earnálacha agus limistéir gheografacha ghaolmhara (i.e. tíortha).

C2 – Tuairisc ar chleachtais, beartais agus tionscnaimh amach anseo chun aistriú i dtreo geilleagar níos inbhuanaithe

149. Féadfaidh gnóthais úsáid a bhaint as an teimpléad seo a leanas chun tuairisciú ar phointí sonraí C2.

	Má d'fhreagair tú TÁ maidir le cleachtais atá ann cheana/ beartais/ tionscnaimh amach anseo i nochtadh B2, tabhair tuairisc go hachomair orthu i dteannta a ngníomhaíochtaí ina dhiaidh sin. (I gcás ina gcumhdaítear soláthróirí nó cliaint leis an gcleachtas/ beartas/ tionscnamh amach anseo, luafaidh an gnóthas é sin)	Má d'fhreagair tú TÁ maidir le spriocanna i nochtadh B2, sonraigh iad.	Féadfaidh an gnóthas a thabhairt le fios cad é an leibhéal is sinsearaí i measc a chuid fostaithe atá freagrach as na beartais a chur chun feidhme i gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag an ngnóthas ina leith sin.
Athrú Aeráide			
Truailliú			
Uisce agus Acmhainní Muirí			
Bithéagsúlacht agus Éiceachórais			
Geilleagar Ciorclach			
Lucht saothair dífis			
Oibrithe sa Slabhra Luacha			
Pobail Dá nDéantar Dífear			
Tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh			
Iompar gnó			

1.6. Treoraíocht maidir leis an Modúl Cuimsitheach – Méadracht Chomhshaoil

Ábhar machnaimh agus tuairisciú á dhéanamh ar astaíochtaí GCT faoi B3 (Bunmhodúl)

150. Agus cinneadh á dhéanamh cé acu is iomchuí nó nach iomchuí é Raon feidhme 3 a nochtadh tar éis mhír 50, féadfaidh an gnóthas a chuid astaíochtaí GCT iomlána faoi Raon feidhme 3 a scagdhealú bunaithe ar na 15 chatagóir Raon feidhme 3 arna sainathint ag Prótacal GCT leis na meastacháin iomchuí agus tuairisciú tríd an bhfaisnéis sin a áireamh leis trí thagairt a dhéanamh di. Ceadáítear leis sin do shainathint agus nochtadh a chatagóirí suntasacha Raon feidhme 3, bunaithe ar mhéid a chuid astaíochtaí measta GCT agus critéir eile arna gcur ar fáil ag an gCaighdeán Corparáideach Cuntasaíochta agus Tuairiscithe do Phrótacal GCT (Raon feidhme 3) (Leagan 2011, lch. 61 agus 65-68) nó EN ISO 14064-1:2018 Iarscríbhinn H.3.2, amhail caitheamh airgeadais, tionchar, rioscaí agus deiseanna gaolmhara aistrithe, nó tuairimí páirtithe leasmhara.
151. Na FBManna a oibríonn le próisis mhonaraithe, agraibhia, foirgníochta réadmhaoine agus phacáistíochta, is dócha go mbainfidh catagóirí suntasacha Raon feidhme 3 leo (Nóta Teicniúil CDP: Ábharthacht Chatagóirí Raon feidhme 3 de réir Earnála, 2024), a d'fhéadfaí a mheas mar ábhartha don tuairisciú in earnáil an ghnóthais.

C3 – **Spriocanna laghdaithe GCT agus aistriú aeráide**

152. Is féidir le laghduithe ar astaíochtaí a bheith ina ndúshlán agus deis do ghnóthas, óir is minic a éilíonn sé athruithe ar fhíorchás straitéiseach agus oibriochtúil na gnólachta. Leis an sprioc chun astaíochtaí a laghdú, is féidir go mbeidh gá le tosaíochtaí straitéiseacha agus airgeadais. Leis an dícharbónú, is féidir go mbeidh infheistíocht tosaigh tábhachtach de dhíth mar shampla ar fhliú feithiclí a leictriú, teicneolaíochtaí nua a chur chun feidhme leis an idiú fuinnimh a laghdú nó línte nua táirgí a fhorbairt nach mbraitheann an oiread céanna ar ábhair atá dian ar charbón. Ar an taobh eile de, má chuirtear réitigh ísealcharbóin chun feidhme le laghdú ar astaíochtaí GCT a bhaint amach, is féidir costais an fhuinnimh agus na n-ábhar ceannaithe a laghdú go mór. Is minic a fheiceann na gnóthais atá ag tabhairt faoi aistear dícharbónúcháin coigeartuithe tábhachtacha atá le cur i gcrích ar a samhlacha gnó nó ar a n-oibriochtaí laethúla. Mar shampla, féadfaidh gur gá do ghnóthas seirbhísí lóistíochta agus seachadta a bhainistiú flit a athdhearadh le bristeacha féideartha ar sheirbhís a íoslaghdú de bharr an ghá chun feithiclí a luchtú ar bhonn tráthrialta. Aon ghnóthas monaraíochta earraí tomhaltais atá ag beartú comhpháirt dá tháirge a ionadú le rogha malartach inbhuanaithe ísealcharbóin, d'fhéadfadh a bheith air am agus acmhainní a leithdháileadh don nuálaíocht táirgí agus don chuardach le haghaidh soláthróirí nua. Féadfaidh na hiarrachtaí sin, ar a seal, costais a laghdú, ábhair nua a rochtain, láithreacha oibre nua a chruthú agus maoiniú breise a mhealladh, rud a chruthaíonn ní hamháin gur dúshlán é astaíochtaí GCT a laghdú, ach gur deis straitéiseach gnó é freisin. Sa chomhthéacs sin, is tomhas tábhachtach iad **spriocanna** le haghaidh laghduithe ar GCTanna ar an bhfreagairt don ghá atá le haistriú inbhuanaithe, óir cuireann siad ar a gcumas do ghnóthais an t-athrú a bhainistiú ar bhealach córasach, rialaithe agus eagraithe.
153. Is gealltanas í sprioc laghdaithe astaíochtaí GCT chun astaíochtaí GCT an ghnóthais a laghdú i mbliain éigin amach anseo i gcomparáid leis na hastaíochtaí arna dtomhas le linn bonnbhliain roghnaithe. **Gníomhaíochtaí** a bhféadfadh sé go dtiocfadh laghduithe astaíochtaí astu lena n-áirítear, mar shampla, leictriú, leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, forbairt táirgí inbhuanaithe, etc. Éilíonn Nochtadh C3 go nochtann an gnóthas **spriocanna** laghdaithe astaíochtaí GCT i gcás a astaíochtaí Raon feidhme 1 agus Raon feidhme 2.
154. Ní chuirfear aistrithe agus astaíochtaí seachanta san áireamh mar laghdú ar ollastaíochtaí GCT an ghnóthais. Tá sé sin amhlaidh de bharr idirdhealú tábhachtach idir cleachtais chuntasaíochta le haghaidh astaíochtaí comhlána GCT (cuntasaíocht fardail) agus aistrithe GCT agus astaíochtaí seachanta (bunaithe ar thionscadal nó cuntasaíocht idirghabhála). Tá ollastaíochtaí GCT an ghnóthais ceaptha chun astaíochtaí iarbhir a scaoiltear sa chomhshaol a rianú, rud a sholáthraíonn bonnlíne chomhshéasmhach agus inchomparáide chun **spriocanna** GCT a shocrú. Ar an láimh eile de, baineann astaíochtaí seachanta agus aistrithe dé-ocsaíde carbóin, le sainghníomhaíochtaí tionscadail an ghnóthais, rud a chiallaíonn go ndéantar a chuntasaíocht ar leithligh ó astaíochtaí comhlána GCT.
155. Leis an gcleachtas sin a leanúint, ní foláir don ghnóthas idirdhealú a dhéanamh idir a astaíochtaí comhlána GCT agus **tionchair** eile nach bhfuil gafa ann, amhail aistrithe GCT agus astaíochtaí seachanta. Tagraíonn aistrithe do tharraingt GCT as an atmaisféar de thoradh gníomhaíochtaí an duine d'aon ghnó. D'fhéadfaí a áireamh i measc samplaí de na gníomhaíochtaí sin fás plandaí (aistriú CO₂ atmaisféaraigh trí fhótaisintéis) agus gabháil dhíreach CO₂ ón aer, agus is iondúil a nasctar iad le stóráil leantach CO₂. Is iondúil go dtagraítear d'astaíochtaí seachanta GCT mar astaíochtaí a tharlódh ina mhalairt de chás, ach nár tharla de bharr gníomhaíochtaí an ghnóthais. Féadfar a áireamh leo sin táirgí agus teicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach lena laghdaithe an t-éileamh ar a gcoibhéis atá dian ar charbón, mar shampla réitigh inlúcháin i bhfoirgneamh ina seachnaítear an t-éileamh ar sheirbhísí fuinnimh ansin. Is féidir tuilleadh faisnéise maidir leis na coincheapa a bhaineann le haistrithe carbóin agus astaíochtaí seachanta a aimsiú sa *Treoraíocht i ndáil le Prótacal GCT maidir le hEarnáil na Talún agus Aistrithe*.
156. Is ionann bonnbhliain agus bliain ar féidir astaíochtaí GCT reatha an ghnóthais a thomhas lena hais. Go ginearálta, ba cheart don bhonnbhliain a bheith mar bhliain le déanaí agus ionadaíoch ar astaíochtaí GCT ina mbíonn sonraí infhíoraithe le fáil.
157. Is í an spriocbhliain an bhliain amach anseo ina bhfuil sé mar aidhm ag an ghnóthas dearbhmhéid nó méid céatadánach de laghduithe ar astaíochtaí GCT a bhaint amach. Ba cheart tréimhse idir 1 bhliain amháin agus 3 bliana a bheith i gceist leis ón mbonnbhliain go dtí sprioc ghearrthéarmach. Féadfar **spriocanna** níos fadtéarmaí a chur san áireamh freisin, mar shampla, le haghaidh tréimhsí idir 20 agus 30 bliain (e.g. 2040 nó 2050). Moltar do ghnóthais spriocluachanna a áireamh don spriocbhliain ghearrthéarmach 2030 ar a laghad, agus más indéanta, don bhliain fhadtéarmach 2050. Ó 2030 ar aghaidh, moltar an bhonnbhliain agus an spriocbhliain a thabhairt cothrom le dáta le haghaidh spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT tar éis gach tréimhse 5 bliana.

158. Le sprioc a shocrú, ba cheart do ghnóthais an fhianaise eolaíochta atá ann cheana maidir le maolú ar GCT a thabhairt san áireamh. Molann an SBTi sprioc thras-earnála maidir le laghdú ar astaíochtaí GCT -42 % faoi 2030 agus -90 % faoi 2050 (agus 2020 mar bhonnghliain). Tá bealach cuíchóirithe socraithe spriocanna á mholadh ag SBTi freisin le haghaidh gnóthais bheaga agus mheánmhéide ⁽⁹⁾. Is ann do chonairí sonracha freisin de réir earnála, agus féadfaidh na gnóthais iad a mheas agus a **spriocanna** laghdaithe astaíochtaí GCT á socrú acu.
159. Le laghdú tapa ar astaíochtaí díreacha agus indíreacha araon a bhaint amach, tá roinnt **gníomhartha** simplí ann is féidir leis an ngnóthas a ghlacadh. Féadann roinnt gníomhaíochtaí a bheith éasca, ach mar sin féin is féidir laghdú suntasach ar astaíochtaí teacht leo agus tacaíocht don ghnóthas chun a chuid **spriocanna** a bhaint amach. Mar shampla, tiocfaidh laghdú ar astaíochtaí ó leictiríu an fhílí feithiclí trí fheithiclí a ritheann ar bhreoslaí iontaise a ionadú le feithiclí leictreacha, a luaithe a bheidh an flít roimhe ionadaithe. Is féidir go gciallaíonn sé sin laghdú suntasach ar astaíochtaí, go háirithe le haghaidh gnó a bhraitheann ar an iompar. Ar an gcaoi chéanna, is bealach éifeachtach simplí agus gníomh dícharbónúcháin indéanta é timaistir agus taistil ghnó i gcarr a ionadú le malairtí ísealcharbóin amhail rothair nó iompar poiblí. Limistéar eile sofhuascailte is ea athbhreithniú a dhéanamh ar bhainistíocht fuinnimh inmheánach agus í a thabhairt cothrom le dáta chuig trealamh atá tiosach ar fhuinneamh, agus an chothabháil a chomhtháthú le gnáthoibríochtaí gnó. Trí threalamh agus innealra a chothabháil go tráthrialta, agus iad a ionadú le malairtí níos tiosaí ar fhuinneamh i gcás inar féidir, is féidir leis an ngnóthas a ídiú fuinnimh a laghdú. Is féidir trealamh amhail coirí, córais teileachumarsáide, teaschaidéil, aerchóireáil, etc. a áireamh leis an trealamh den sórt sin. Trí chothabháil thráthrialta is féidir a n-oibriú éifeachtúil a áirithiú, caitheamh agus cuimilt a íoslaghdú agus an dramhaíl a íoslaghdú. Trí chórais a uathoibriú freisin agus amadóirí a úsáid chun tréimhsí úsáide a shainiú, beidh an gnóthas in ann astaíochtaí an trealamh sin a íslíú níos faide fós.
160. Tacar **gníomhartha** faoi láthair agus amach anseo is ea plean aistrithe aeráide don mhaolú ar an athrú aeráide, atá beartaithe le bheith ag teacht le samhail, straitéis agus oibríochtaí gnó an ghnóthais, leis an bpríomhspríoc dhomhanda uileghabhálach chun an téamh domhanda a theorannú chuig 1.5 °C. Agus sprioc laghdaithe GCT mar bhonn taca faoi atá comhoiriúnach leis an sprioc sin, is é an tábhacht a bhaineann le plean aistrithe a bheith i bhfeidhm gur féidir tuiscint a fháil ar an gcaoi a mbogfaidh an gnóthas i dtreo geilleagar ísealcharbóin agus rian á choinneáil ar an dul chun cinn atá déanta. Feidhmíonn plean aistrithe mar shásra don chuntasacht agus trédhearcacht, rud a thug leid do ghnóthais conairí inchreidte a fhorbairt leis an athrú aeráide a mhaolú trína gníomhartha.
161. D'fhéadfaí tacú le plean aistrithe inchreidte a chur ar bun don ghnóthas le heilimintí amhail (a) freagrachtaí agus róil shoiléire a shainiú; (b) an plean a chomhtháthú le straitéis gnó agus pleanáil airgeadais an ghnóthais; (c) lena n-áirítear faisnéis maidir le luamháin agus conairí an dícharbónúcháin chomh maith le tascáirí inchainníochtaithe ar féidir faireachán a dhéanamh orthu trí thréimhsí réamhshainithe; (d) ceadú d'athbhreithniú agus nuashonrú tráthrialta tar éis comhairliúcháin le páirtithe leasmhara de réir mar is cuí; agus (e) iomláine a chuid oibríochtaí féin a chumhdach agus, an oiread agus is féidir, an **slabhra luacha** nó míniú a thabhairt ar bhealach eile maidir le haon teorannú.
162. Féadfaidh gnóthais a nochtann **spriocanna** i gcomhréir le Rialachán EMAS Iarscríbhinn IV B (d) a spriocanna laghdaithe GCT a úsáid chun ceanglas TD-FBM a chomhlíonadh má tá spriocanna den sórt sin socraithe aige. Féadfaidh an gnóthas tacú freisin leis an nochtadh seo trí chur chun feidhme chóras bainistíochta comhshaoil EMAS agus nascadh le EN ISO 14001:2015 mar a leagtar amach le Rialachán EMAS Iarscríbhinn II B A.6.2.1 agus B.5 (cuspóirí comhshaoil).

Treoraíocht faoin gcaoi chun próisis mhonaraíochta, foirgníochta agus/nó pacáistíochta a shainiú

163. Le próisis mhonaraíochta, foirgníochta agus/nó phacáistithe a shainiú, féadfaidh an gnóthas tagairt a dhéanamh do na gníomhaíochtaí sin a thagann faoi réir Roinn C – Monaraíocht, Roinn F Foirgníocht chomh maith le hAicme O82.92 'Gníomhaíochtaí pacáistithe' d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/137.

C4 – Rioscaí aeráide

164. **Is iad na guaiseacha atá bainteach leis an aeráid** is cúis leis na rioscaí fisiceacha atá bainteach leis an aeráid a eascraíonn as na tionchair a bhíonn ag an athrú aeráide ar an ngnóthas. Is féidir iad a aicmiú ina nguaiseacha géara, a eascraíonn as teagmhais ar leith (amhail triomaigh, tuilte, frasaíocht as cuimse agus falscáithe), agus ina nguaiseacha ainsealacha (amhail teochtaí athraitheacha, ardú ar leibhéal na mara agus creimeadh ithreach), a eascraíonn as athruithe níos fadtéarmaí ar an aeráid (Rialachán Tarmilgthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún). Tá feidhm ag rioscaí fisiceacha de bharr guaiseacha atá bainteach leis an aeráid, neamhchosaint shócmhainní agus gníomhaíochtaí an ghnóthais ar na guaiseacha sin, agus a íogaire atá an gnóthas ar na guaiseacha sin. Is samplaí de ghuaiseacha atá bainteach leis an aeráid iad tonnta teasa, minice mhéadaithe na dteagmhais adhaimsiú, ardú ar leibhéal na mara, tuilte tobhfíle lochanna oighreacha agus athrú ar phatrúin frasaíochta agus ghaoithe. Is féidir rioscaí fisiceacha atá bainteach leis an aeráid a shainiú agus a shamhaltú le cásanna aeráide ina meastar treochtaí astaíochtaí arda amhail IPCC SSP5-8.5.

⁽⁹⁾ Tairgeann SBTi acmhainní freisin do FBManna chun spriocanna eolaíocht-bhunaithe a shocrú.

165. Féadfaidh **teagmhais aistrithe a bhaineann le haeráid** (de réir Mholtaí an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid, (TCFD), 2017) a bheith bunaithe ar bheartais agus ar dhlí (e.g. oibleagáidí feabhsaithe tuairiscithe astaíochtaí), ar theicneolaíocht (e.g. costais an aistrithe chuig teicneolaíocht astaíochtaí níos ísle), ar mhargadh (e.g. costas méadaithe na n-amhábhbar) agus ar cháilmheas (e.g. cás méadaithe páirtithe leasmhara).
166. Tagraítear le **Rioscaí comhlán a bhaineann leis an aeráid** do rioscaí fisiceacha comhlána agus rioscaí aistrithe comhlána a d'fhéadfadh a bheith i gceist de thoradh neamhchosaint sócmhainní agus gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais ar ghuaiseacha a bhaineann leis an aeráid.

1.7. Treoraíocht maidir leis an Modúl Cuimsitheach – Méadracht Shóisialta

C5 – Saintréithe breise (ginearálta) den lucht saothair

167. Leis an gcóimheas idir mná agus fir a fháil amach, roinn an líon **fostaithe** baineanna ar an líon fostaithe fireanna ar leibhéal bainistíochta. Gheofar amach an cion idir mná agus fir i do chuideachta uaidh sin.

$$\text{female – to – male ratio} = \frac{\text{líon fostaithe baineanna ar an leibhéal bainistíochta}}{\text{líon fostaithe fireanna ar an leibhéal bainistíochta}}$$

168. Meastar an leibhéal bainistíochta mar an leibhéal faoi bhun an bhoird stiúrtóirí mura bhfuil sainmhíniú sonrach le húsáid ag an ngnóthas.
169. Mar shampla, má tá 28 **fostaí** baineann agus 84 fostaí fireann ar leibhéal bainistíochta, bheadh an cóimheas idir fir agus mná ag 1:3, rud a chiallódh go mbeadh triúr fear ann in aghaidh gach mná ar leibhéal bainistíochta.
170. Ba iad seo a leanas na tosca ábhartha le tabhairt san áireamh ag gnóthas agus cinneadh á dhéanamh an líon oibrithe féinfhostaithe agus oibrithe sealadacha a nochtadh nó gan é a nochtadh de réir mhír 60: (1) an cóimheas idir **fostaithe** agus oibrithe féinfhostaithe agus sealadacha, go háirithe i gcás tuilleamaíocht shuntasach agus/nó mhéadaitheach nó (2) nuair is mó an riosca ó **thionchair** shóisialta dhiúltacha ar oibrithe féinfhostaithe nó deonacha i gcomparáid le fostaithe an ghnóthais é féin.
171. Taispeántar sa tábla seo a leanas an chaoi a bhféadfaí faisnéis a chur i láthair maidir le daoine féinfhostaithe gan phearsanra atá ag obair go heisiach don ghnóthas agus do na hoibrithe sealadacha arna gcur ar fáil ag gnóthais atá gafa den chuid is mó le gníomhaíochtaí fostaíochta.

Cineálacha oibrithe	An líon daoine féinfhostaithe agus oibrithe sealadacha atá bainteach i ngníomhaíochtaí fostaíochta
An líon iomlán daoine féinfhostaithe gan phearsanra a oibríonn go heisiach don ghnóthas	
An líon iomlán oibrithe sealadacha arna gcur ar fáil ag gnóthais a bhíonn páirteach go príomha i ngníomhaíochtaí fostaíochta	

172. Is féidir le gnóthais tagairt a dhéanamh do Chód NACE O78 le haghaidh oibrithe sealadacha arna soláthar ag gnóthais a bhíonn gafa go príomha le ‘gníomhaíochtaí fostaíochta’.

C6 – Faisnéis bhreise maidir lena lucht saothair féin - Beartais agus próisis um chearta an duine

173. Na gnóthais ag a bhfuil próiseas díchill chuí i bhfeidhm do chearta an duine, is féidir leo freagairt go dearfach (TÁ) agus d'fhéadfaidís soiléiriú a thabhairt maidir le hinneachar na mbeartas agus/nó na bpróiseas leis an roghchlár aníos.

C7 – Teagmhais dhiúltacha thromchúiseacha a bhaineann le cearta an duine

174. Tagraítear le 'teagmhas **deimhnithe**' do chaingean dlí nó gearán a chláraítear leis an ngnóthas nó leis na húdaráis inniúla trí phróiseas foirmiúil, nó cás de neamh-chomhlíonadh arna shainaithint ag an ngnóthas trí nósanna imeachta bunaithe. Ar nósanna imeachta bunaithe chun cásanna neamhchomhlíonta a shainaithint is féidir iniúchtaí ar chóras bainistíochta, cláir faireacháin fhoirmiúla, nó **sásraí casaoid** a áireamh.

1.8. Treoraíocht maidir leis an Modúl Cuimsitheach – Méadracht Iompair Gnó

C8 – Ioncaim ó earnálacha áirithe agus eisiaimh ó thagarmharcanna tagartha an Aontais Eorpaigh

175. Is **breoslaí iontaise**, arna sainiú in Airteagal 2(62), de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, iad na foinsí neamh-inathnuaite fuinnimh atá bunaithe ar charbón amhail breoslaí soladacha, gás nádúrtha agus ola.
176. Tagraítear le **táirgeadh ceimiceán** do na gníomhaíochtaí a liostaítear faoi Roinn C Rannán 20.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/137, i.e. monarú lotnaidicídí agus táirgí agraiceimiceacha eile.
177. Mar a shainmhínítear le hAirteagal 12.1 de Rialachán Tarmilgthe Rialachán (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún, is iad seo a leanas na cuideachtaí a eisiatar ó na Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras:
- (a) cuideachtaí a dhíorthaíonn 1 % nó níos mó dá n-ioncam ó ghual crua agus lignít a thaiscéaladh, mianadóireacht a dhéanamh orthu, iad a eastóscadh, a dháileadh nó a scagadh;
 - (b) cuideachtaí a dhíorthaíonn 10 % nó níos mó dá n-ioncam ó bhreoslaí ola a thaiscéaladh, a eastóscadh, a dháileadh nó a scagadh;
 - (c) cuideachtaí a dhíorthaíonn 50 % nó níos mó dá n-ioncam ó bhreoslaí gásacha a thaiscéaladh, a eastóscadh, a mhonarú nó a dháileadh; agus
 - (d) cuideachtaí a dhíorthaíonn 50 % nó níos mó dá n-ioncam ó ghiniúint leictreachais lena ngabhann déine GCT de níos mó ná 100 g CO₂ e/KWh.

C9 – Cóimheas éagsúlachta inscne sa chomhlacht rialachais

178. Tagraítear leis an gcomhlacht **rialachais** don údarás cinnteoireachta is airde i gcuideachta. Ag brath ar an dlínse ina bhfuil an chuideachta suite, agus ar a haicmiúchán mar eintiteas dlítheanach, is féidir leis an gcomhlacht rialachais bheith éagsúil de réir formáide.
179. Ar bhunús na gceanglas atá le fáil in RNAI, déantar cóimheas éagsúlachta inscne an **chomhlachta** rialachais a ríomh mar chóimheas meánach idir comhaltaí boird baineanna agus fireanna.

$$\text{Cóimheas éagsúlachta inscne} = \frac{\text{líon comhaltaí baineanna}}{\text{líon comhaltaí fireanna}}$$

Sampla

180. Tá comhlacht **rialachais** ar FBM áirithe comhdhéanta de sheisear comhaltaí, lena n-áirítear triúr ban. Is é a haon an cóimheas éagsúlachta inscne – tá ball fireann amháin ann le haghaidh gach baill bhaineann.